# Tuarascáil Bhliantúil 2023










COMHAIRLE CONTAE CHEATHARLACH

CARLOW COUNTY COUNCIL

## Ráiteas Misin

*Is é Ár Misean seirbhís rialtais áitiúil ar ardchaighdeán a sholáthar do mhuintir Chontae Cheatharlach tríd an gcomhshaol a chosaint agus a bhreisiú agus trí cháilíocht na beatha a fheabhsú.*



***An tSeachtain Oidhreachta 2023 sa Ghairdín Bithéagsúlachta i mBaile Haicéid***



# Clár an Ábhair


Comhnóta leis an mBrollach ... 2
Eolas faoinár gComhairle ... 3
Léarscáil / Toghcheantair ... 4
Baill Thofa ... 5
Cruinnithe na Comhairle 2023 ... 6
Coistí um Beartais Straitéiseacha (SPCanna) ... 7
Comhchoiste Póilíneachta ... 9
An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC) ... 10
Gnóthaí Corparáideacha ... 11
Sláinte agus Sábháilteacht ... 16
Acmhainní Daonna ... 17
Pleanáil agus Forbairt ... 18
An Oifig Fiontair Áitiúil, Forbairt Gheilleagrach agus Forbairt Tionscadal Speisialta ... 29
Forbairt Gheilleagrach ... 31
Gníomhú ar son an Chomhshaoil agus na hAeráide ... 33
Seirbhísí Éigeandála agus Rialú Tógála ... 40
Tionscadail Bhóithre, Iompair agus Speisialta ... 45
Cosaint Shibhialta Chontae Cheatharlach ... 54
An Rannóg Tithíochta ... 56
Freagairt Dhaonnúil ar an Úcráin ... 59
Pobal, Caitheamh Aimsire agus Conláiste ... 61
Comhpháirtíocht Spóirt Cheatharlach (CSP) ... 69
An tSeirbhís Ealaíon ... 72
Músaem ... 76
Leabharlann Chontae Cheatharlach ... 81
Seirbhísí Oidhreachta ... 88
Mótarcháin ... 93
Aguisíní ... 94
- Aguisín 1 An Ráiteas ar an Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe) an 31 Nollaig 2023 ... 95
- Aguisín 2. An Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach (Ráiteas an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais) don bliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 ... 96
- Aguisín 2a. An Ráiteas Ar Rialuithe Inmheánacha Airgeadais (SIFC) ... 9 7
- Aguisín 3. Freastal Ball Tofa ar Chruinnithe a tionóladh in 2023 ... 101
- Aguisín 4. Freastal Ball Tofa ar Chruinnithe a tionóladh in 2023 ... 103
- Aguisín 5. An tAcht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachais a Nochtadh), 1999 ... 104
- Aguisín 6. Íocaíochtaí le Baill Thofa in 2023 (Alt 142 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001) ... 105
- Aguisín 7. Nochtadh Cosanta 2023 ... 106
- Aguisín 8. Cearta Daonna ... 106
- Aguisín 9. An Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí ... 107
- Aguisín 10. Timpeallacht Oibriúcháin Áitiúil ... 108
- Aguisín 11. Struchtúr na hEagraíochta ... 109

# Comhnóta leis an mBrollach

**Fáilte go Tuarascáil Bhliantúil Chomhairle Contae Cheatharlach 2023. Cuirtear ollmhéid rudaí ar tairiscint i gCeatharlach ó thaobh cúrsaí sóisialta, geilleagracha, agus aeistéitiúla do dhaoine a roghnaíonn oibriú agus maireachtáil sa Chontae agus cuairt a thabhairt air agus gnó a dhéanamh ann.**

Sholáthair Comhairle Contae Cheatharlach méid suntasach oibre in 2023 ar mhaithe le saoránaigh an Chontae. Tugtar chun solais sa tuarascáil ar ceangal an dul chun cinn a rinneadh i measc limistéir uile sholáthair seirbhíse na Comhairle agus, mar is léir ón tuarascáil a leanann, cuirfidh na tionscadail agus na cláir oibre a soláthraíodh in 2023 feabhas ar an gContae do chách.

Tá dúshláin i roinnt limistéar agus tá obair le déanamh go fóill. Tá Comhairle Contae Cheatharlach tiomanta do na dúshláin seo a shárú go diongbháilte agus do gach rud is féidir linn a dhéanamh le Comhairleoirí agus saoránaigh a spreagadh chun gnímh go comhoibritheach mar iarracht chun réitigh a fhorbairt ar na dúshláin éagsúla a bhíonn roimh an tsochaí.

Ba mhaith linn an deis seo a ghlacadh buíochas a chur in iúl don fhoireann as a n-obair dhian agus a dtiomantas leanúnach agus seirbhísí éifeachtacha á soláthar don Chontae acu. Aithnítear Comhairle Contae Cheatharlach go náisiúnta mar eiseamláir in go leor limistéar de sholáthar seirbhíse an rialtais áitiúil, agus táimid tiomanta do na caighdeáin seo a choimeád agus a fheabhsú in 2024 trí dhíriú uileghabhálach straitéiseach ar limistéir an bhonneagair fheabhsaithe, an bhorrtha gheilleagraigh agus an ionchuimsithe shóisialta.



**Andrea Dalton**
Cathaoirleach




**Coilín O'Reilly**
Príomhfheidhm-eannach

# Eolas faoinár gComhairle

**Tá Contae Cheatharlach lonnaithe istigh faoin tír in Oirdheisceart na hÉireann i gCúige Laighean agus tá sé 896 ciliméadar cearnach ar achar. Tá láthair straitéiseach ag an gContae agus tá rochtain shármhaith aige ar bhonneagar iompair trína láthair ar mhótarbhealach an M9 idir Baile Átha Cliath agus Port Láirge, an phríomhlíne iarnróid idir Baile Átha Cliath agus Port Láirge agus bóthar náisiúnta an N80 lena nasctar Europort Ros Láir chuig an Lár Tíre.**

B'ionann agus 61,931 duine daonra Chontae Cheatharlach a taifeadadh i nDaonáireamh 2022. Tá Baile Cheatharlach, arb é an baile contae, lonnaithe in iarthuaisceart an Chontae feadh na teorann le Contae Laoise. Tá an Chomhairle comhdhéanta de 18 gcomhalta thofa laistigh de thrí cheantar bhardasacha (Ceatharlach, an Tulach agus Muine Bheag). Toghann na comhaltaí an Cathaoirleach gach bliain.


Mar aon leis an nGrúpa Beartais Chorparáidigh, déanann ceithre Choiste Beartais Straitéisigh beartas a fhorbairt agus a mholadh don Chomhairle. Tá na Coistí comhdhéanta de chomhaltaí tofa agus de dhaoine atá ainmnithe chun ionadaíocht a dhéanamh do leasanna earnálacha seachtracha.



*Mt. Leinster*

## LEA Cheatharlach (7)

| | |
|---|---|
| An Comh. Fergal Browne | FG |
| An Comh. John Cassin | Neamhpháirtí |
| An Comh. Andrea Dalton | FF |
| An Comh.  Ken Murnane | FF |
| An Comh. Tom O'Neill | FG |
| An Comh. Fintan Phelan | FF |
| An Comh. Adrienne Wallace | SPBP |




## LEA Cheatharlach (6)

| | |
|---|---|
| An Comh. John McDonald | FF |
| An Comh. Charlie Murphy | Neamhpháirtí |
| An Comh. John Murphy | FG |
| An Comh. Brian O'Donoghue | FG |
| An Comh. William Paton | Páirtí an Lucht Oibre |
| An Comh. John Pender | FF |

## LEA Mhuine Bheag (5)

| | |
|---|---|
| An Comh. Michael Doran | FG |
| An Comh. Andy Gladney | SF |
| An Comh. Thomas Kinsella | FG |
| An Comh. Arthur McDonald | FF |
| An Comh. William Quinn | Páirtí an Lucht Oibre |

## CEANTAR BARDASACH CHEATHARLACH


An Comh. Fergal Browne


An Comh. John Cassin



An Comh. Andrea Dalton


An Comh. Ken Murnane


An Comh. Tom O'Neill


An Comh. Fintan Phelan


An Comh. Adrienne Wallace



An Comh. John Cahill
(comhthoghadh é ó Mheitheamh go Nollaig 2023)

## CEANTAR BARDASACH NA TULAÍ


An Comh. John McDonald


An Comh. Charlie Murphy


An Comh. John Murphy


An Comh. Brian O'Donoghue


An Comh. William Paton



An Comh. John Pender

## CEANTAR BARDASACH MHUINE BHEAG


An Comh. Michael Doran


An Comh. Andy Gladney


An Comh. Thomas Kinsella


An Comh. Arthur McDonald


An Comh. William Quinn

## Cruinnithe na Comhairle 2023

**13** Chruinniú na Comhairle Iomlánaí

**16** Chruinniú SPC

**3** Chruinniú an JPC

**11** Chruinniú Cheantar Bardasach Cheatharlach

**13** Chruinniú Cheantar Bardasach na Tulaí

**11** Chruinniú Cheantar Bardasach Mhuine Bheag

**12** Chruinniú an Ghrúpa um Beartais Chorparáideacha

**11** Chruinniú an LCDC/LAG

# Coistí um Beartais Straitéiseacha (SPCanna)

**Is é cuspóir Coistí um Beartais Straitéiseacha (SPCanna) ceapadh, forbairt, faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais a bhaineann le feidhmeanna Chomhairle Contae Cheatharlach agus comhairle a chur ar an gComhairle dá réir.**

Oibríonn Comhairle Contae Cheatharlach ceithre SPC, a bhfónann Stiúrthóir Seirbhíse do gach ceann díobh. Roghnaíonn an Chomhairle Cathaoirligh na SPCanna ag an gcruinniú cinn bliana.

| An Coiste Beartais um Beartais Straitéiseacha um Pleanáil, Comhshaol, Gníomhú ar son na hAeráide agus na Bithéagsúlachta, Fuinneamh agus Talmhaíocht |
|---|
| **Faoi chathaoirleacht ag:** |
| An Comh. Fergal Browne |
| **Comhaltaí na Comhairle:** |
| An Comh. Thomas Kinsella an Comh. Charlie Murphy, an Comh. Brian O'Donoghue, an Comh. William Paton, an Comh. an Comh. Fintan Phelan, an Comh. Adrienne Wallace. |
| **Comhaltaí Seachtracha:** |
| Brian O'Farrell, Ian Sewell (PPN), Eamonn Moore (PPN), Willie Murphy (PPN), George Collier (Feirmeoireacht Talmhaíochta Fheirmeoirí Aontaithe na hÉireann) |

**Tháinig an SPC le chéile ceithre huaire sa bhliain 2023 agus seo a leanas achoimre ar na saincheisteanna a pléadh:**

- Clár Oibreacha Bliantúil 2023
- Crios Dícharbónaithe a thabhairt isteach
- Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide Údaráis Áitiúil a ullmhú
- Dréachtphlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Cheatharlach
- Deontas Athchóirithe Réadmhaoine Foilmhe Croí Cónaithe
- Comhphlean Ceantair Áitiúil Uirbeach Cheatharlach/na Gráige
- Dréachtphlean Náisiúnta Bainistithe Dramhaíola do Gheilleagar Ciorclach - Seoladh an Chomhairliúcháin Reachtúil

| An Coiste um Beartais Straitéiseacha Tithíochta, Pobail agus Folláine |
|---|
| **Faoi chathaoirleacht ag:** |
| An Comh. Arthur McDonald |
| **Comhaltaí na Comhairle:** |
| An Comh. John Cassin, an Comh. Andrea Dalton, an Comh. Andy Gladney, an Comh. John McDonald, an Comh. Tom O'Neill, an Comh. William Quinn. |
| **Comhaltaí Seachtracha:** |
| Joe Butler (PPN), Máire Redmond (PPN), Ahmed Adam (PPN um Ionchuimsiú Sóisialta) Eileen Brophy Forbairt/Tógáil/Comhlachas Tráchtála na hÉireann, John McHugh PPN Comhshaoil |

**Tháinig an SPC le chéile trí huaire in 2023 agus seo a leanas achoimre ar na saincheisteanna a pléadh:**

- Athbhreithniú Meántéarma ar an gClár Cóiríochta do Thaistealaithe 2019-2024
- Stoc Tithíochta Údaráis Áitiúil - Bochtaineacht Bhreosla - Dréachtchlár Iarfheistithe Éifeachtúlachta Fuinnimh 2022-2030
- Beartas na Straitéise Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2022-2027
- Ceatharlach Sláintiúil
- Leasuithe ar an Reachtaíocht Phleanála a bhaineann le Forbairtí Tithíochta ÚÁ
- Beartas maidir le fuinneoga a athsholáthar -Deontas Cúnaimh Tithíochta do Dhaoine Breacaosta
- An Scéim um Thionóntaí In-Situ
- An Plean do Dhaoine gan Dídean
- An Scéim Náisiúnta Phíolótach Iasachta Carbhán

## An Coiste um Beartais Straitéiseacha um Chultúr, Leabharlanna agus Forbairt Dhigiteach, Turasóireacht, Fiontraíocht agus Forbairt Gheilleagrach

| Faoi chathaoirleacht ag: |
|---|
| An Comh. Michael Doran |
| **Comhaltaí na Comhairle:** |
| An Comh. Andrea Dalton, an Comh. John McDonald, an Comh. John Murphy, an Comh. Tom O'Neill, an Comh. John Pender. |
| **Comhaltaí Seachtracha:** |
| Brian O'Farrell, Gnó/Tráchtáil/Comhlachas Tráchtála na hÉireann, Eileen O'Rourke, PPN Pobail/Deonach, Jolly O'Rock, PPN um Ionchuimsiú Sóisialta |

**Tháinig an SPC le chéile cúig huaire in 2023 agus seo a leanas achoimre ar na saincheisteanna a pléadh:**

- An Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail
- Nuashonrú ar Naomh Willibrord
- Straitéis Dhigiteach Cheatharlach (2021-2024)
- Plean Oidhreachta Cheatharlach
- Beartas Forbartha Bailiúcháin Leabharlainne
- Cruinniú na nÓg
- Straitéis Náisiúnta na Leabharlann Poiblí
- InnoCom – Páipéar Beartais Réigiúnach
- Suíomh gréasáin nua Chomhairle Contae Cheatharlach
- An Dréachtphlean Oidhreachta

## An Coiste um Beartais Straitéiseacha Iompair agus Bhonneagair

| Faoi chathaoirleacht ag: |
|---|
| An Comh. William Paton (Eanáir go Meitheamh 2023)/an Comh. Adrienne Wallace (an Comh. John Cahill) |
| **Comhaltaí na Comhairle:** |
| An Comh. Michael Doran, an Comh. Andy Gladney, an Comh. John McDonald, an Comh. Ken Murnane, an Comh. Brian O'Donoghue. |
| **Comhaltaí Seachtracha:** |
| Rowena Dooley Forbairt/Tógáil/Comhlachas Tráchtála na hÉireann, John Brophy Gnó/Tráchtáil/Comhlachas Tráchtála na hÉireann, Jackie Meally (PPN) John Tully, PPN Comhshaoil/Caomhantais |

**Tháinig an SPC le chéile ceithre huaire sa bhliain 2022 agus seo a leanas achoimre ar na saincheisteanna a pléadh:**

- Beartas Bonneagair Ghlais
- Plean um Shábháilteacht ar Bhóithre an Chontae 2023-2030
- Tionscadal SUDS Dúlrabhunaithe (SUDS)
- Nuashonrú ar an PPN
- Seirbhís Bus Chontae Cheatharlach
- Seirbhís Bus Bhaile Cheatharlach
- PLEEP (Tionscadal Soilsithe Phoiblí atá Éifeachtúil i dtaobh Fuinnimh)
- Tionscadal URDF Cheatharlach
- Athbhreithniú ar Chatagóiriú Riosca an Limistéir Seirbhísí Dóiteáin
- Sonraíocht Soilsithe Phoiblí agus Sheachtraigh Chomhairle Contae Cheatharlach

# Comhchoiste Póilíneachta

**Foráiltear le hAcht an Gharda Síochána, 2005 (Alt 36) do Chomhchoiste Póilíneachta a bhunú i ngach Údarás Áitiúil. Is é cuspóir na gcoistí seo fóram a sholáthar inar féidir le húdarás áitiúil agus Oifigigh Shinsearacha an Gharda Síochána atá freagrach as an limistéar sin a phóilíniú dul i gcomhairle maidir le ceisteanna póilíneachta don limistéar sin agus iad a phlé agus moltaí a dhéanamh ina dtaobh.**

| |
|---|
| **Cathaoirleach:** |
| An Comh. Michael Doran |
| **Comhaltaí na Comhairle:** |
| An Comh. Fergal Browne, an Comh. John Cassin, an Comh. Andrea Dalton, an Comh. Ken Murnane, an Comh. Tom O'Neill, an Comh. an Comh. Fintan Phelan, an Comh. John McDonald, an Comh. John Murphy, an Comh. Brian O'Donoghue, an Comh. William Paton, an Comh. John Pender, an Comh. Arthur McDonald |
| **Comhaltaí an Oireachtais:** |
| Malcolm Noonan, TD, Jennifer Murnane O'Connor, TD |
| **Comhaltaí Feidhmiúcháin:** |
| Cóilín O'Reilly, Príomhfheidhmeannach, Michael Rainey, Stiúrthóir Seirbhísí Pleanála, Forbartha Geilleagraí agus Corparáideacha |
| **Ionadaithe Pobail PPN:** |
| Martin Tuite, Michael Nolan agus Caroline Dargan |
| **Ionadaithe an Gharda Síochána:** |
| An tArd-Cheannfort Anthony Pettit, Port Láirge/Cill Chainnigh agus an Ceannfort Anthony Farrell, Ceatharlach |
| **Ionadaithe Pobail Eile:** |
| John Brophy, Cumann Tráchtála, Anton Scheele, Cúnamh do Mhná Cheatharlach, Michael Lyons, PPN Chéad Fhreagróirí Pobail Bhaile Cheatharlach, William Roche, Develop Tullow Association, Gemma Hughes, Tearmann Ban Amber, Caroline Dargan, Chéad Fhreagróirí Pobail Bhaile Cheatharlach, Michael Nolan, Fóram Taistealaithe Cheatharlach |



# An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC)

**Tá an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil comhdhéanta de naoi gcomhalta dhéag, idir chomhaltaí reachtúla agus chomhaltaí neamhreachtúla, agus tá ceathrar díobh ina gcomhaltaí tofa. Cuireadh 10 gcruinniú an LCDC ar bun in 2023.**

**Chuir LCDC Cheatharlach 11 chruinniú ar siúl in 2023.**

| **Leasanna Reachtúla** | |
|---|---|
| An Comh. Andrea Dalton | Comhalta Tofa |
| An Comh. Thomas Kinsella | Comhalta Tofa |
| An Comh. Tom O'Neill | Comhalta Tofa |
| An Comh. Willie Quinn | Comhalta Tofa |
| Coilín O'Reilly | Príomhfheidhmeannach, CCC |
| Kieran Comerford | Ceann Fiontraíochta, CCC |
| Folamh | an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí |
| Sarah Barron | Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Chainnigh/Cheatharlach Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| Joan-Ita Murphy | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| **Leasanna Neamhreachtúla** | |
| Damien Howard | Muintir na Tíre Mhísil (Ionadaí an PPN Pobail agus Dheonaigh) |
| Padraig Dooley | Cumann Staire agus Seandálaíochta Cheatharlach (Ionadaí an PPN Pobail agus Dheonaigh) |
| Lynda Stacey | Ionad Acmhainní Teaghlaigh Mhuine Bheag (Ionadaí an PPN um Ionchuimsiú Sóisialta) |
| Áine Gahan | Coiste Cúraim Leanaí Cheatharlach (PPN) |
| Folamh | (Ionadaí PPN na hEarnála Comhshaoil) |
| Annette Fox | Comhpháirtíocht Forbartha Chontae Cheatharlach CLG |
| Rowena Dooley | Comhlachas Tráchtála Cheatharlach (Fostóir Gnó) |
| George Hatton | Talmhaíocht/Feirmeoireacht |
| Agnita Kelly | Sochaí Chathartha/Earnáil Ealaíon, Ealaíontóir |
| Eileen O'Rourke | an Earnáil Turasóireachta |

# Gnóthaí Corparáideacha

**5**
**Iarratas Duine ar a Sonraí**

**78**
**Iarratas um Shaoráil Faisnéise faighte**

**45,983**
**Toghthóir cláraithe chun vóta a chaitheamh**

**Cuireann Seirbhísí Corparáideacha seirbhís éifeachtach tacaíochta ar fáil don Chathaoirleach, na Comhaltaí Tofa agus don Bhainistíocht Shinsearach mar aon le seirbhísí ginearálta do bhaill an phobail. Déanaimid monatóireacht agus athbhreithniú ar bheartais agus nósanna imeachta na Comhairle ar bhonn leanúnach. Tá sé freagrach freisin as réimse fairsing de sheirbhísí a sholáthar agus a bhainistiú, an méid seo a leanas ina measc:**

- Cruinnithe na Comhairle, an Ghrúpa um Beartais Chorparáideacha, Cheantar Bardasach Cheatharlach agus an Chomhchoiste Póilíneachta a bhainistiú, Freastal na gComhairleoirí ar Chomhdhálacha
- Liúntais agus Costais Chomhairleoirí a Íoc, Fáiltithe Cathartha, Nascadh le Comhlachtaí Náisiúnta amhail LAMA agus ACCC, agus Comhchoistí Póilíneachta
- Tuarascálacha Reachtúla, Tuarascáil Mhíosúil an Phríomhfheidhmeannaigh, an Tuarascáil Bhliantúil, an Plean Soláthair Seirbhísí agus an Plean Corparáideach a ullmhú -Clár na dToghthóirí agus Toghcháin Áitiúla - Seirbhís do Chustaiméirí, Cumarsáid Chorparáideach – Preaseisiúintí - Comhordú ar Tháscairí Feidhmíochta Sheirbhís do Chustaiméirí
- Cúirt an Chróinéara
- Réadmhaoin na Comhairle a Bhainistiú
- Rialachas Corparáideach, Eitic agus an Clár Síntiús
- Saoráil Faisnéise, an tOmbudsman,
- Cosaint Sonraí, Nochtadh Cosanta,
- Seirbhísí Cartlainne
- An Scéim Gaeilge, an Plean um Míchumas
- An Clár Comhpháirtíochta Scoile/Gnó
- Táscairí Seirbhíse a chomhordú
- Bainistíocht Móréigeandála –
- Cumarsáid. Idirchaidreamh a dhéanamh leis an bpobal, leis na meáin agus na Comhairleoirí le linn fíor-dhrochaimsire ina measc.

## Fáiltiú Cathartha

Cuireadh dhá Fháiltiú Cathartha ar siúl an bhliain seo caite, ceann amháin d'Acadamh Shraithchomórtas Pheil na nÓg Cheatharlach agus Cheantar Cheatharlach faoi 14 2023 as an éacht a rinne siad le Corn Gaynor 2023 a bhuachan, a cuireadh ar bun an 18 Deireadh Fómhair 2023. Thit an t-imeacht amach in Amharclann Halla an Bhaile agus d'fhreastail Comhaltaí Tofa, oifigigh, daoine muinteartha agus cairde air.

Tráthnóna ceiliúrtha agus aitheantais ar Chúramóirí Altrama Cheatharlach a bhí sa dara himeacht a cuireadh ar siúl an 6 Nollaig 2017 in Amharclann Halla an Bhaile. D'fhreastail líon mór daoine muinteartha, cairde, oifigeach agus Comhaltaí Tofa ar an imeacht seo.

## Fáiltiú an Mhéara

Chuir Méara Cheantar Bardasach Cheatharlach, an Comh. Fintan Phelan agus comhaltaí Chomhairle Contae Cheatharlach Fáiltiú an Mhéara ar siúl le honóir a léiriú ar ghrúpaí áitiúla agus daoine aonair as na sáréachtaí agus an tsárobair a rinne siad laistigh den phobal. Thit an t-imeacht seo amach an 1 Meitheamh 2023 in Amharclann Halla an Bhaile, Ceatharlach.

- enCÓRe
- Chéad Fhreagróirí Bhaile Cheatharlach
- Cumann Meabhairshláinte Cheatharlach
- Darkness into Light, Ceatharlach
- Coiste Fhéile Phan-Cheilteach Cheatharlach
- Grúpa Forbartha Pobail Bhóthar na Tulaí
- Féile Bhróid Cheatharlach
- Jordan Morrissey
- Tommy Payne
- Rith Páirce Bhaile Cheatharlach
- Shauna Delaney
- Mary Reddy

## Oíche Ghradaim an Chathaoirligh

Chuir an Cathaoirleach, an Comh. Brian O'Donoghue agus comhaltaí Chomhairle Contae Cheatharlach Oíche Ghradaim an Chathaoirligh thionscnaimh ar siúl le honóir a léiriú ar ghrúpaí áitiúla agus daoine aonair as na sáréachtaí agus an tsárobair a rinne siad laistigh den phobal. Thit an t-imeacht seo amach an 24 Bealtaine 2023 in Amharclann Link ag Ionad an Visual, Ceatharlach. Bronnadh gradaim an Chathaoirligh ar na daoine seo a leanas:

- Paul Doogue – as an gcuidiú a thug sé do Chluichí Pobail agus an Spórt a chur chun cinn laistigh de Chontae Cheatharlach
- Leila Colfer – as a héachtaí as cuimse sa lúthchleasaíocht
- Anton Scheele – mar aitheantas ar na seirbhísí a sholáthair sé do riachtanais shóisialta laistigh de Chontae Cheatharlach
- Alan O'Reilly – mar aitheantas ar an tsársheirbhís a sholáthair sé do Cheatharlach mar mheitéareolaí deonach
- Eric Osbourne – mar aitheantas ar a rannchuidiú do thuath Cheatharlach a chur chun cinn



*A ghradam á bhronnadh ag an gCathaoirleach Brian O'Donoghue ar Paul Doogue*



*A gradam á bhronnadh ag an gCathaoirleach Brian O'Donoghue ar Leila Colfer*




## Clár na dToghthóirí

Tá an Chomhairle freagrach as Clár na dToghthóirí a chur le chéile do Chontae Cheatharlach. Faoin Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022 nua, tugadh faoi chlár náisiúnta 'Nuachóiriú Chlár na dToghthóirí' leis an bpróiseas clárúcháin toghthóirí a athchóiriú. Déantar foráil ann do chlár rollach nó do chlárú leanúnach, a chiallaíonn gur féidir le toghthóirí clárú le vóta a chaitheamh a mhéid le 15 lá roimh lá na vótála.

Ba é an líon iomlán toghthóirí a cláraíodh le vóta a chaitheamh in 2023 **45,983** agus bhí líon iomlán **17,233** i dToghcheantar Áitiúil (LEA) Cheatharlach, **13,462** in LEA Muine Bheag agus **15,288** in LEA na Tulaí.

| | |
|---|---|
| **Toghthóirí Uachtaráin** | 43,803 |
| **Toghthóirí Dála** | 44,339 |
| **Toghthóirí Eorpacha** | 44,821 |
| **Toghthóirí Eorpacha Féideartha** | 66 |

## Seirbhísí do Chustaiméirí

Leanann an fhoireann ag an deasc Sheirbhísí do Chustaiméirí in Áras an Chontae le seirbhísí túslíne a sholáthar don phobal, bíodh sin i bpearsan, ar ríomhphost nó ar an nguthán.

## Réadmhaoin Chorparáideach

Tá Rannóg na nGnóthaí Corparáideacha freagrach as an Réadmhaoin Chorparáideach go léir (seachas Tithíocht Shóisialta agus Bóithre), cothabháil san áireamh. Soláthraíodh tacaíochtaí agus seirbhísí a bhaineann le réadmhaoin, díolacháin, ceannach agus léasanna réadmhaoine le agus ó pháirtithe eile, Ailt 183, ceisteanna a bhaineann le talamh, árachas agus bainistíocht saoráidí san áireamh.

## Cosaint Sonraí

Próiseálann Comhairle Contae Cheatharlach an t-eolas pearsanta go léir i gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí 2016 agus leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2018. Fuarthas 5 Iarratas Duine ar a Sonraí in 2023. Rinne an tOifigeach Cosanta Sonraí (an OCS) idirchaidreamh gníomhach ar fud na heagraíochta le rioscaí i leith sonraí pearsanta a íoslaghdú, comhlíonadh a choimeád agus freagairt do pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha éagsúla.

## Bainistiú Taifead agus Cartlanna

Tá Gnóthaí Corparáideacha freagrach as an mBeartas Coinneála Náisiúnta a chur i bhfeidhm do Thaifid Údaráis Áitiúil, agus as Seirbhís Cartlainne an Chontae a fhorbairt. Thit 14 aistriú ar thaifid neamhreatha chuig Ionad Taifead na Comhairle amach in 2023. Eisíodh 8 nDeimhniú Scriosta. Thug Seirbhís Cartlainne an Chontae faoi obair phleanála agus shuirbhé straitéiseach earnála.

## Cruinnithe na Comhairle

Tá an Chomhairle comhdhéanta de **18** gcomhalta thofa laistigh de thrí cheantar bhardasacha (Ceatharlach, an Tulach agus Muine Bheag). Déanann Gnóthaí Corparáideacha bainistiú ar Chruinnithe na Comhairle, ar Chruinnithe Cheantar Bardasach Cheatharlach, an Ghrúpa um Beartais Chorparáideacha agus Toscaireachta.

## Tuarascáil Mhíosúil ar Dhul chun Cinn an Phríomhfheidhmeannaigh

Ullmhaíonn an Príomhfheidhmeannach tuarascáil mhíosúil (de réir Alt 51 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014) de chuid gach stiúrthóireachta/rannóige, ina mionsonraítear an soláthar seirbhíse agus éachtaí tábhachtacha ar fud na heagraíochta le linn na míosa. Is mír atá ar an gclár cruinnithe an tuarascáil seo ag gach cruinniú míosúil na Comhairle agus glactar le ceisteanna ó na baill ar aon ghné den tuarascáil. Meicníocht atá sa tuarascáil, chomh maith, inar féidir le baill maoirseacht a dhéanamh ar an dul chun cinn a rinneadh ar an bPlean Corparáideach agus an Buiséad Bliantúil a chur i bhfeidhm.

## Na Táscairí Feidhmíochta Náisiúnta don bhliain 2023

Tomhaistear feidhmíocht na Comhairle de réir sraith Táscairí Feidhmíochta (44) atá leagtha amach ar an leibhéal náisiúnta ag an gCoimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta. Roghnaíodh Ceatharlach le haghaidh próiseas randamach meastóireachta ar chabhraigh an Rannóg Gnóthaí Corparáideacha leis.

## Ráiteas Príobháideachais

Tá Comhairle Contae Cheatharlach tiomanta do phríobháideachas a chosaint agus meas a léiriú air. I Ráiteas Príobháideachta Chomhairle Contae Cheatharlach, tugtar míniú ar conas a thugaimid aire do do shonraí pearsanta. Tugtar faisnéis ann freisin faoi na hoibleagáidí atá orainn, agus faoi na cearta atá agat, faoin dlí um chosaint sonraí.

## Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

Tá Comhairle Contae Cheatharlach ag leanúint d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chur chun feidhme agus tá rún daingean aici gach gné de Scéim Gaeilge Chomhairle Contae Cheatharlach a chomhlíonadh. Áiríodh leis sin obair i gcomhar le gach rannóg chun cabhrú leo an reachtaíocht a chomhlíonadh agus an Ghaeilge a chur chun cinn i ngach gné de sholáthar seirbhíse, agus eolas a thabhairt don fhoireann faoi na hoibleagáidí atá ar an gComhairle maidir le Scéim Teanga Chomhairle Contae Cheatharlach.

## Saoráil Faisnéise

Tugtar leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, cearta dlíthiúla do dhaoine atá ag iarraidh rochtain a fháil ar fhaisnéis atá i seilbh comhlachtaí poiblí a thagann faoi raon feidhme an Achta.

| | |
|---|---|
| Iarratais a Fuarthas | 78 |
| Iarratais a Deonaíodh | 27 |
| Iarratais a Diúltaíodh | 36 |
| Iarratais a Deonaíodh go Páirteach | 13 |
| Iarratais a Aistarraingíodh | 2 |
| Tugtha Anonn go dtí 2022 | 23 |
| Athbhreithnithe Inmheánacha | 4 |
| Achomhairc leis an gCoimisinéir Faisnéise | 2 |

| | |
|---|---|
| Iriseoirí | 30 |
| Grúpaí Gnó/Sainleasa | 5 |
| Comhaltaí an Oireachtais/ Poiblí | 1 |
| Foireann | 0 |
| Cliaint | 32 |
| Eile | 10 |

## An tOmbudsman

Bunaíodh Oifig an Ombudsman faoin Acht Ombudsman, 1980 chun gearáin a iniúchadh ó bhaill an phobail a mhothaíonn nár caitheadh go cothrom leo maidir lena gcuid déileálacha le comhlachtaí stáit, Údaráis Áitiúla ina measc.

Fuair Comhairle Contae Cheatharlach 9 ngearán in 2023.

| | |
|---|---|
| Cásanna a Dúnadh | 7 |
| Cásanna Oscailte | 2 |
| Cásanna Iomlána | 9 |

## Clár Eitice

Leagtar ról an Chláraitheora Eitice amach i gCuid 15 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, agus bainistíonn an Rannóg Gnóthaí Corparáideacha agus Rialachais é.

Fuarthas Dearbhuithe Bliantúla don bhliain 2023 ó gach duine de na fostaithe agus na comhaltaí tofa ábhartha, agus cuireadh ar fáil iad don phobal laistigh den tréimhse reachtúil.

## An tAcht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachais a Nochtadh), 1999

De bhun an cheanglais sin, deimhníonn Comhairle Contae Cheatharlach leis seo nach raibh aon síntiúis ná caiteachas ann sa bhliain 2023. Foilsíodh ar an suíomh Gréasáin na cóipeanna de na dearbhuithe a cuireadh isteach, mar aon leis na híocaíochtaí uile a rinneadh le Comhairleoirí, lena n-áirítear an íocaíocht ionadaíochta, an liúntas agus na híocaíochtaí taistil agus cothaithe.

## Nochtadh Cosanta

Ceanglaítear in Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 go bhfoilsítear tuarascáil bhliantúil maidir le Nochtadh Cosanta a fuarthas. De bhun an cheanglais sin, deimhníonn Comhairle Contae Cheatharlach leis seo nach bhfuarthas aon nochtadh cosanta sa bhliain 2023.

## Fóram Chéad Saoránaigh an Oirdheiscirt

I mí an Mhárta 2022, chuaigh na Cathaoirligh agus na Príomhfheidhmeannaigh ar chúig údarás áitiúla an Oirdheiscirt (Ceatharlach, Cill Chainnigh, Tiobraid Árann, Port Láirge agus Loch Garman) i gcomhpháirt chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin struchtúracha atá os comhair an Oirdheiscirt. Is é atá sa tionscnamh comhoibrithe réigiúnaigh seo de chuid na gcúig údarás áitiúil ná an chéad cheann dá chineál in Éirinn riamh, agus tá sé dírithe ar thodhchaí rachmasach a fhorbairt do gach duine sa réigiún.

Tionólann an Fóram cruinnithe le comhaltaí an Oireachtais uair amháin sa mhí agus, i mí an Mheithimh 2022, ghlac Comhairle Contae Cheatharlach an príomhról i gcruinnithe a éascú. Tionóladh cruinniú amháin i Márta 2023 agus tugadh an ról ceannais do Chomhairle Contae Chill Chainnigh i Meitheamh 2023.



# Sláinte agus Sábháilteacht

**In 2023, lean Comhairle Contae Cheatharlach dá Córas Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde a chur chun feidhme agus d'fheabhas leanúnach ar Shláinte agus Sábháilteacht a lorg.**

Leagadh díriú ar leith ar aip rialaithe doiciméad sláinte agus sábháilteachta a chur chun feidhme le haghaidh bainistiú a dhéanamh ar dhoiciméid sláinte agus sábháilteachta agus ar fhoirmeacha amhail Pleananna um Chórais Shábháilte Oibre (SSWPanna), Pleananna Bainistíochta Tráchta agus seiceálacha Feithiclí agus Trealaimh agus cuireadh i bhfeidhm an aip i dtosach sa Roinn Iompair agus é ina chuspóir í a thabhairt isteach lena húsáid i ranna eile. Tá an aip á húsáid freisin chun cigireachtaí sábháilteachta a dhéanamh de réir chlár leanúnach cigireachtaí sábháilteachta na Comhairle. Tugadh faoi TBC no. cigireacht sláinte agus sábháilteachta in 2023. Tá táibléid á n-úsáid anois le comhlíonadh ceanglais sláinte agus sábháilteachta a sholáthar agus a thaifeadadh agus tá meicníocht ar fáil le teagmhais a thuairisciú ar líne.

Níor tuairiscíodh aon teagmhais thromchúiseacha agus tháinig laghdú suntasach ar theagmhais intuairiscithe IR1. Lenár gcuid comhairliúchán agus cumarsáid leanúnach le baill foirne le linn na bliana agus lenár seiceáil réamhghníomhach, cinntítear go gcloítear leis an dea-chleachtas sábháilteachta, sláinte agus leasa. Teastaíonn nuashonrú.



# Acmhainní Daonna

**Líon Foirne**
**406**
amhail 31/12/2023

**Líon**
**317.87**
Duine Fostaithe go Lánaimseartha, 46 comhraiceoir dóiteáin ar áirithíocht san áireamh

**40**
agallamh curtha ar bun

**Miondealú Inscne**
**218** Fear
**188** Bean

**78** Duine tar éis Tosú ag Obair,
**40** Duine tar éis a bPost a Fhágáil,
**34** Duine tar éis Tosú ag Obair agus Fágáil

**Tá baint ag an Rannóg Acmhainní Daonna le forálacha reachtúla fostaíochta a riar agus leis na beartais, nósanna imeachta agus scéimeanna ar ghlac an Fhoireann Bainistíochta leo maidir le soláthar foirne.**

Tá an Rannóg freagrach freisin as Earcaíocht, Oiliúint agus Forbairt, Bainistíocht Ama agus Tinrimh, Aoisliúntas, Idirchaidreamh éifeachtach le Fostaithe, Caidreamh Tionsclaíoch, Comhionannas agus Éagsúlacht, Cothromaíocht Oibre is Saoil, an tSeirbhís Folláine Foirne a sholáthar agus as tacaíocht a thabhairt don eagraíocht.



# Pleanáil agus Forbairt

**517**
Iarratas Pleanála Faighte

**330**
Iarratas Bailí Faighte

**187**
Iarratas Neamhbhailí Faighte

**4**
ghearán faoi struchtúir bhaolacha faighte

Tógadh
**6**
Fhorbairt Tithíochta i gcúram i rith 2023

**3**
Fhógra Forfheidhmiúcháin Eisithe

**10**
nGearán faighte mar gheall ar shárú féideartha ar na Rialacháin um Ligean Gearrthéarmach

**29**
fógra Láithreáin Thréigthe eisithe

**Is é mórchuspóir na rannóige pleanála forbairt an Chontae a chur chun cinn ar bhealach lena n-éascaítear dul chun cinn inbhuanaithe geilleagrach agus sóisialta. Cuimsíonn oibriú laethúil na rannóige pleanála roinnt limistéir faoi leith, is iad sin, bainistiú forbartha, forfheidhmiú pleanála, comhlíonadh, forbairtí cónaithe a ghlacadh i gcúram, láithreáin thréigthe, struchtúir bhaolacha agus pleanáil chun cinn.**

## BAINISTÍOCHT FORBARTHA

### Iarratais Pleanála

Fuair Comhairle Chontae Cheatharlach **517** iarratas pleanála san iomlán i rith 2023. Seo a leanas miondealú ar na cinntí a rinne Comhairle Contae Cheatharlach i rith 2023:

| | |
|---|---|
| Líon na n-iarratas bailí a fuarthas | 330 |
| Líon na n-iarratas neamhbhailí a fuarthas | 187 |
| Líon na n-iarratas a deonaíodh | 302 |
| Líon na n-iarratas a diúltaíodh | 37 |
| Líon na gcomhairliúchán réamhphleanála a cuireadh ar bun | 92 |
| Líon Iarrataí Comhlíonta a Próiseáladh | 158 |

### Achomhairc leis an mBord Pleanála

D'eisigh an Bord Pleanála 15 chinneadh ar Achomhairc Phleanála i Limistéar Riaracháin Chomhairle Contae Cheatharlach in 2023. Seasadh le cinneadh Chomhairle Contae Cheatharlach in 13 de na cásanna seo.

### Dearbhuithe, Díolúintí agus Ceadúnais

Phróiseáil Rannóg Forbartha Bainistíochta Chomhairle Contae Cheatharlach roinnt Iarratas ar Dhíolúintí agus ar Cheadúnais in 2023:

| | |
|---|---|
| **Iarratais ar Fhorbairt Dhíolmhaithe Alt 5** | 43 |
| **Iarratais ar Cheadúnas Troscáin Alt 254** | 2 |
| **Iarratais ar Cheadúnas Scafalra Alt 254** | 7 |
| **Iarratais ar Cheadúnas Leathanbhanda agus Teileachumarsáide Alt 254** | 4 |
| **Dearbhuithe do Struchtúir faoi Chosaint Alt 57** | 3 |
| **Iarratais ar Dhíolúine Chuid V Alt 97** | 10 |
| **Foraoiseacht – Ceadúnas Leagain Crann** | 24 |
| **Foraoiseacht – Ceadúnas Faofa Cuir** | 5 |
| **Foraoiseacht – Scéimeanna Bóthair Foraoise agus Coillearnaí Dúchasaí** | 4 |
| **Díolúine Cónaithe IR 75** | 7 |

### Réamhthionscadail Chuid VIII, Chuid VIII agus Alt 179A

Bhainistigh Rannóg Forbartha Bainistíochta Chomhairle Contae Cheatharlach an próiseas do roinnt tionscadal d'Fhéinfhorbairt an Údaráis Áitiúil – Cuid VIII in 2023:

| | |
|---|---|
| **Réamhchuid VIII** | 9 |
| **Cuid VIII** | 9 |
| **Alt 179A** | 2 |

## PLEANÁIL CHUN CINN

### Comhphlean Ceantair Áitiúil Uirbigh Cheatharlach/na Gráige 2023-2029

Thosaigh Comhairle Contae Cheatharlach, i gcomhar le Comhairle Contae Laoise, leis an bpróiseas leis an gComhphlean Ceantair Áitiúil Uirbigh do Mhórcheantar Uirbeach Cheatharlach-na Gráige go déanach in 2022. Tugadh Dréacht-Chomhphlean Ceantair Áitiúil Uirbigh do Mhórcheantar Uirbeach Cheatharlach-na Gráige (Dréacht-JULAP) chun críche i Ráithe 4 2023. Cuireadh cruinnithe faisnéise ar ábhar an Dréacht-Chomhphlean Ceantair Áitiúil Uirbigh 2023-2029 faoi bhráid Chomhaltaí Tofa Cheantair Bhardasacha Chomhairle Contae Cheatharlach agus Chomhairle Contae Laoise, i.e., Ceantar Bardasach Cheatharlach agus Chúl an tSúdaire/na Gráige i Samhain 2023. Tosaíodh an tréimhse Chomhairliúcháin Phoiblí don Dréacht-Chomhphlean Ceantair Áitiúil Uirbigh 2023-2029 an 5 Nollaig 2023 agus is é an dáta deiridh d'aighneachtaí an 5 Feabhra 2024. Tabharfar an plean chun críche lena ghlacadh in 2024.

### Pleananna Ceantair Áitiúil na Tulaí agus Mhuine Bheag/na Darach Ríoga

Tosaíodh de bhun Alt 19 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) le hathbhreithniú ar Phlean Ceantair Áitiúil Mhuine Bheag-na Darach Ríoga 2017-2023 (mar a síneadh) agus le Plean Ceantair Áitiúil na Tulaí 2017-2023 (mar a síneadh) i Ráithe 4 2023. Ullmhaíodh Dréacht-Tuarascálacha Scóipeála Measúnachta Straitéisí Timpeallachta do Phlean Ceantair Áitiúil 2024-2030 agus cuireadh faoi bhráid Comhlachtaí Forordaithe iad agus ba é an dáta deiridh d'aighneachtaí an 11 Nollaig 2023. Tosaíodh le Páipéar Saincheisteanna a dhréachtú don dá Dhréachtphlean i mí na Nollag 2023 agus tá na Dréachtphleananna le foilsiú i ráithe 2/3 2024.

### Cáin ar Thalamh Chriosaithe Chónaithe (RZLT)

Sainaithnítear go sonrach i nGníomh 15.2 de Thithíocht do Chách tabhairt isteach na cánach nua chun talamh fholamh a ghníomhachtú chun críocha cónaithe, ar a dtugtar an Cháin ar Thalamh Chriosaithe Chónaithe agus tháinig sí in ionad an tobhaigh ar láithreáin thréigthe. Is é príomhchuspóir na cánach ar thalamh

chriosaithe chónaithe gníomhachtú tráthúil talamh forbartha cónaithe chriosaithe agus sheirbhísithe do thithíocht a spreagadh.

Cuireadh de chúram ar gach Údarás Áitiúil léarscáileanna a ullmhú ina sainaithnítear talamh a thagann faoi raon feidhme na cánach. Cuireadh an dréachtléarscáiliú ar thaispeáint phoiblí in Oifigí na Comhairle, i Leabharlanna agus ar an Tairseach Chomhairliúcháin ar Líne. Tugadh cuireadh d'aighneachtaí ar an Dréachtléarscáil a fhaide leis an 1 Eanáir 2023 agus faoi réir iarrataí ar eolas breise, sa chás gur chuí. Tar éis sin, d'eisigh an tÚdarás Pleanála litreacha cinntiúcháin d'úinéirí talún an 28 Márta 2019 i dtaca lena dtailte a áireamh nó a fhágáil as an áireamh ó Léarscáileanna an RZLT agus i dtaca leis an amscála chun iarrataí ar athchriosú a fuarthas a mheasúnú. Foilsíodh léarscáil fhorlíontach bhreise i Samhain 2022 ar a sainaithnítear talamh bhreise lena cuimsiú, agus foilsíodh léarscáileanna Deiridh an RZLT an 1 Nollaig 2023.

Leantar le hathbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar an léarscáil in 2024. Cuireadh an chéad dáta dliteanais don cháin siar ón 1 Feabhra 2024 go dtí an 1 Feabhra 2025 a riarfaidh na Coimisinéirí Ioncaim.

## FORFHEIDHMIÚ

| | |
|---|---|
| 91 | nGearán Forfheidhmithe |
| 8 | nGearán faoi Láithreáin Thréigthe |
| 4 | Ghearán faoi Struchtúir Bhaolacha |
| 3 | Ghearán Forfheidhmithe Eisithe |
| 29 | Fógra Láithreáin Thréigthe Eisithe |
| 10 | Sárú Fhéideartha ar na Rialacháin um Ligean Gearrthéarmach |
| 10 | bhForbairt Tógtha i gCúram |

De réir an Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), lorgaíonn an Rannóg Pleanála a chinntiú go gcomhlíontar ceadanna pleanála.

Déantar imscrúdú ar ghearáin scríofa faoi fhorbairt neamhúdaraithe, nuair is dealraitheach go bhfuil bunús maith leo. I ndiaidh imscrúdú a dhéanamh ar ghearán bona fide, cuirtear tús leis na céimeanna forfheidhmithe trí Litir Rabhaidh a eisiúint agus trí Fhógra Forfheidhmithe a eisiúint mura réitítear an cheist go sásúil i ndiaidh Litir Rabhaidh a eisiúint.

I gcás neamhchomhlíonadh an Fhógra Forfheidhmiúcháin, cuirtear tús le himeachtaí dlí.

Fuarthas **91** gearán, ar an iomlán, i rith 2023.

| | |
|---|---|
| Litreacha rabhaidh a eisíodh | 88 |
| Fógraí forfheidhmiúcháin a seirbheáladh | 3 |
| Imeachtaí dlí a tosaíodh | 1 |
| Cásanna a dúnadh | 122 |
| Imeachtaí Cúirte ar bun | 8 |

## EASTÁIT A THÓGÁIL I GCÚRAM

Faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), is féidir leis an bhForbróir nó le tromlach na n-úinéirí a chónaíonn san fhorbairt iarratas a dhéanamh ar Eastáit a Thógáil i gCúram. Ceadaítear san Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2010 don Údarás Áitiúil cuid d'eastát a thógáil i gcúram. Fuarthas 2 iarraidh san iomlán le forbairtí a thógáil i gcúram in 2023.

Tógadh na forbairtí tithíochta seo a leanas i gcúram i rith 2023:

| Líon | Eastát TIC | Seoladh | Ceantar CB |
|---|---|---|---|
| 1 | Rivercourt (Céim 1) | Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach | Ceatharlach |
| 2 | Tanner Hall | Bóthar Bhaile Átha Í, Ceatharlach | Ceatharlach |
| 3 | Clós Thigh Moling | Tigh na hInse, Contae Cheatharlach | Muine Bheag |
| 4 | Bramble Court | Tullowhill, an Tulach | an Tulach |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 5 | **Abbey Close** | an Tulach, Contae Cheatharlach | an Tulach |
| 6 | **Kylemore Hill** | Ráth Thuaidh, Contae Cheatharlach | an Tulach |

## LÁITHREÁIN THRÉIGTHE

Déileáiltear le láithreáin thréigthe i gcomhréir leis an Acht um Láithreáin Thréigthe, 1990. Tá 16 réadmhaoin ar an gClár. Cuireadh 3 réadmhaoin leis an gclár i rith 2023 agus baineadh 5 cinn eile.

## STRUCHTÚIR BHAOLACHA

Cuireann an Rannóg Pleanála an tAcht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1964 i bhfeidhm maidir le Struchtúir agus Áiteanna Baolacha. Déanann an rannóg comhordú ar an measúnú leantach le Cigirí Tógála, gníomhaireachtaí Dlí, Bainistíochta Réadmhaoine agus le gníomhaireachtaí éagsúla rialtais agus leis an bpobal le riosca a íoslaghdú. Fuarthas 4 ghearán san iomlán in 2023.

## GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE

Déantar breithnithe aeráide a chuimsiú ina oibríochtaí laethúla i bPlean Forbartha Contae Cheatharlach, ar aon dul leis an bPlean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024 agus leis an bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide nua 2024. Cinntíonn an t-ailíniú seo gur gné lárnach í inbhuanaitheacht nuair a bhíonn iarratais pleanála á measúnú agus cleachtais ghlasa tógála, éifeachtúlacht fuinnimh, agus glacadh le hacmhainní in-athnuaite á gcur chun cinn. Tá caibidil thiomnaithe ann ar an Aeráid agus tugtar cuntas sa Phlean Forbartha ar bheartais agus ar chuspóirí maidir le pleanáil agus forbairt inbhuanaithe. Pléitear réimse saincheisteanna idirnasctha geilleagracha, sóisialta agus comhshaoil a bhfuil gach ceann díobh i gcreat uileghabhálach ina leagtar béim ar fhorbairt inbhuanaithe agus ar ionchuimsiú sóisialta. De bhreis air sin, tugtar an aird mar is cuí sa phlean, agus a ról mar iarsheaimpín SDG na Náisiún Aontaithe in 2019/2020 á aithint, ar Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SDGanna na NA), agus leagtar béim ann ar chur chuige iomlánaíoch i leith oiriúnú d’athrú aeráide agus cuspóirí forbartha inbhuanaithe níos fairsinge a bhaint amach.



# Athghiniúint

**Is é mórchuspóir na rannóige pleanála forbairt an Chontae a chur chun cinn ar bhealach lena n-éascaítear dul chun cinn inbhuanaithe geilleagrach agus sóisialta. Cuimsíonn oibriú laethúil na rannóige pleanála roinnt limistéir faoi leith, is iad sin, bainistiú forbartha, forfheidhmiú pleanála, comhlíonadh, forbairtí cónaithe a ghlacadh i gcúram, láithreáin thréigthe, struchtúir bhaolacha agus pleanáil chun cinn.**

**Seo a leanas achoimre ar fheidhmeanna na hOifige Athghiniúna –**

- Tús Áite do Láir Bhailte
- Pleananna Baile
- Dul i nGleic le Folúntas agus Dearóiliú
- Tabhairt faoi Shuirbhéireacht Folúntais Sonraí
- Clár Gníomhachtaithe CPO
- Croí Cónaithe – Deontas Athchóirithe Réadmhaoine Foilmhe agus an Scéim Réidh le Tógáil
- An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach - Glaoch 3
- An Ciste Forbartha um Athghiniúint Tuaithe
- An Scéim Athnuachana Baile agus Sráidbhaile

## TÚS ÁITE DO LÁIR BHAILTE

*"Tá mar chuspóir ag an mbeartas Tús Áite do Láir Bhailte láir bhailte a chruthú a fheidhmíonn mar láithreacha inmharthana, beoga agus mealltacha do dhaoine le maireachtáil agus le hobair iontu agus le cuairt a thabhairt orthu, agus a fheidhmíonn freisin mar an mol seirbhíse, sóisialta, cultúrtha agus áineasa don phobal áitiúil."*

### Plean um Thús Áite do Láir Bhailte Bhaile na Tulaí

Rinne Foireann Bhaile na Tulaí, i gcomhar le Comhairle Contae Cheatharlach, lenar tacaíodh faoin gClár "Ár dTodhchaí Tuaithe", foireann ildisciplíneach a cheapadh le Plean um Thús Áite do Láir Bhailte a ullmhú do bhaile na Tulaí agus fuair an plean faomhadh deiridh in Iúil 2023.

Gné bhunúsach nuair atá Plean um Thús Áite do Láir Bhailte á fhorbairt ná idirchaidreamh a dhéanamh le cónaitheoirí, páirtithe leasmhara, úinéirí gnólachta áitiúla etc. chun a n-aiseolas, a dtuairimí, a n-eolas agus a léargas áitiúil a fháil. Cuireadh Ceardlann Phoiblí, 2 Chomhairliúchán Phoiblí, 3 shuirbhé ar líne ar siúl ónar eascair go bhfuarthas breis agus 1,200 tuairim ó mhuintir na Tulaí, tionóladh 6 chruinniú le Foireann an Bhaile, 3 chruinniú le Comhaltaí an CB agus 4 chruinniú leis an ngrúpa oibre ildisciplíneach inmheánach i gComhairle Contae Cheatharlach.





**Próiseas Comhoibritheach chun eolas a chur ar fáil don Fhís - Sampla de na tuairimí a nocht an pobal áitiúil**

## An Comhshaol

- Gné dheas í Cearnóg an Mhargaidh ar féidir í a uasghrádú, cosúil le limistéir taobh amuigh inar féidir bia a ithe a chur isteach.
- Tá cuma cosúil le carrchlós ar Chearnóg an Mhargaidh.
- D'fhéadfadh an dearadh/an chomharthaíocht ar aghaidheanna siopa a bheith níos fearr.
- Baineann foirgnimh fholmha de ghné amhairc an bhaile.
- Ba cheart go mbeadh cuma thraidisiúnta ar fhoirgnimh.
- Conláistí nádúrtha a fhorbairt timpeall ar Abhainn na Sláine.
- Sócmhainn a shuíomh ar an tSláine.
- Níos mó plandaí/crann a chur.
- Soilsiú níos fearr.

**Freagairt do Phlean an TCF: Tionscadal lárnach í Cearnóg an Mhargaidh do Phlean TFC na Tulaí i dtaobh a cáilíochta amhairc agus comhshaoil, a húsáide agus a láithreach i Lár an Bhaile. Sainaithníodh tionscadail chomh maith timpeall ar an tSláine, ar acmhainn nádúrtha í a mbaintear tearcúsáid aisti. Tá páirt lárnach ag limistéir áineasa freisin le timpeallacht uirbeach na Tulaí a fheabhsú.**

## Geilleagar

- Láidreacht iad siopaí agus an Chearnóg.
- Leibhéal maith seirbhísí, gnólachtaí agus oideachais.
- Folúntas ar an bPríomhshráid.
- Iarfhoirgneamh Bhanc na hÉireann a athúsáid mar mhol cianoibre/ionad turasóireachta nó d'úsáidí gnó.
- Teach na Cúirte a athchóiriú - d'fhéadfadh sé a bheith ina ní is díol spéise do thurasóirí don Tulach.
- Teastaíonn réimse seirbhísí (mar shampla, tá iomarca leor gruagairí agus bialanna beir leat ann).
- Ardchoistais ghnó.
- Scéim dílseachta leis an mbaile a chur chun cinn.
- Foirgnimh fholmha sa Chearnóg a athúsáid do SMEanna.

**Freagairt do Phlean an TCF: Príomhchuspóir do gheilleagar na Tulaí is ea beogacht agus beocht a chothú i Lár an Bhaile arís - tá sé seo ríthábhachtach ar mhaithe le Lár an Bhaile a athghiniúint. Ba cheart go mbeadh réimse éagsúil úsáidí agus feidhmeanna mar thréithe ag Lár Bhaile na Tulaí a bhuntacóidh lena hathléimneacht gheilleagrach amach anseo. Cuireann na téamaí eile leis an ngeilleagar áitiúil freisin.**

Is iad ceithre phríomhthéama an phlean an Comhshaol, an Geilleagar, Gluaiseacht agus Struchtúr Uirbeach. Cuimsíodh na 4 théama seo ansin isteach sa phróiseas inar soláthraíodh sonraí maidir le hidirghabháil an tionscadail a bheartaítear.

Is iad na 11 idirghabháil tionscadail laistigh den phlean –

| | |
|---|---|
| 1. | Cearnóg an Mhargaidh |
| 2. | Teach na Cúirte |
| 3. | Gairdín Oidhreachta agus Tithíocht Eiseamláireach |
| 4. | Ceithre Shiúlán Lúibe Bithéagsúlachta |
| 5. | Siúlán Abhainn |
| 6. | Limistéar Taitneamhachta Éadan na hAbhann |
| 7. | Limistéar Gníomhaíochta Uisce |
| 8. | Droichid do Choisithe agus Rothaithe |
| 9. | Lánaí agus Caolsráideanna |
| 10. | Halla Cuimhneacháin an Chaptaein Murphy |
| 11. | Páirc an Bhaile |





Tullow - Future Market Square Option







## An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach – Glaoch 3

Ceadaíodh clár 10 réadmhaoin do Chomhairle Contae Cheatharlach faoin sruth cistithe thuas ar luach €1.5m. Gníomhóidh an tacaíocht chistithe seo mar chiste tiomnaithe imrothlach atá ceaptha dul i ngleic leis an mbacainn agus leis an mbaol airgeadais atá roimh Chomhairle Contae Cheatharlach i dtaobh a lorg dul i ngleic le réadmhaoin atá folamh agus tréigthe go fadtéarmach ar fud Bhaile Cheatharlach. Tá an cistiú seo á chur ar fáil le réadmhaoin atá folamh nó tréigthe go fadtéarmach a éadáil lena ndíol ar aghaidh nó lena n-athúsáid. Cuirfear le Ciste Imrothlach an URDF ó na fáltais a gheofar ó réadmhaoin agus suíomhanna a dhíol nó a athúsáid, a cheadaíonn d'údarás áitiúil clár rollach éadálacha a bhunú chun dul i ngleic le folúntas agus dearóiliú fadtéarmach.

Rinne an fhoireann Athghiniúna na 10 réadmhaoin a faomhadh a ghníomhachtú agus rinne siad idirchaidreamh leis na húinéirí chun cabhrú leo úsáid a bhaint as an réadmhaoin arís iad féin, nó nuair is gá, nuair atá réadmhaoin neamhchláraithe nó nuair nach féidir teagmháil a dhéanamh leis an úinéir, an réadmhaoin a éadáil go héigeantach.

Níltear ag díriú ar an réadmhaoin seo ag féachaint le hiad a choimeád mar stoc Údaráis Áitiúil lena n-úsáid mar Thithíocht Shóisialta, níltear ag díriú orthu ach ar mhaithe lena ndíol ar aghaidh.

| | |
|---|---|
| Réadmhaoin a cheadaigh an Roinn | 10 |
| CPO tosaithe | 2 |
| Dílsithe | 1 |
| Ghlac an t-úinéir páirt | 7 |

## Suirbhéireacht ar Fholúntas Sonraí

Thosaigh an Oifig Athghiniúna suirbhéireacht ar fholúntas sonraí ar Cheatharlach in Eanáir 2023 i mbailte agus i sráidbhailte amháin laistigh de chrios maolánach 1km. Sainaithníodh 473 réadmhaoin fholamh agus/nó thréigthe. Rinneadh 348 den réadmhaoin seo a ghníomhachtú, agus tosaíodh 14 éadáil Éigeantacha, agus dílsíodh 2 cheann díobh. Tá úsáid á baint arís as 14 réadmhaoin.

## Clár Gníomhachtaithe CPO

Mar gheall go bhfuil géarghá le tithíocht faoi láthair, tá sé ríthábhachtach go bhfuil úsáid iomlán á baint as tithe agus as réadmhaoin reatha. Cé gur minic go mbíonn na cúiseanna le folúntas casta, is féidir le hathúsáid agus le hathghiniúint réadmhaoine foilmhe inár mbailte, sráidbhailte agus ceantair thuaithe tithíocht a bhfuil géarghá léi a sholáthar agus is féidir leis ceantair agus na pobail a chónaíonn iontu a athrú ó bhonn.

Seoladh an Clár Gníomhachtaithe CPO in Aibreán 2023. Tá príomhról le glacadh ag Comhairle Contae Cheatharlach faoin gClár seo i dtaobh réadmhaoin a ghníomhachtú agus úsáid a bhaint astu arís. Déantar seo trí idirchaidreamh a dhéanamh le húinéirí, trí úsáid a bhaint as na scéimeanna agus na bearta atá i bhfeidhm. Tá fáil éigeantach ar cheann de na bearta is féidir le Comhairle Contae Cheatharlach a úsáid, go háirithe nuair nár éirigh le foirmeacha eile idirchaidrimh le húinéirí réadmhaoine foilmhe agus tréigthe.

| | |
|---|---|
| **CPO Tosaithe** | 14 |
| **CPO Aistarraingthe** | 5 |
| **CPO Atreoraithe go dtí an Bord Pleanála** | 6 |
| **Réadmhaoin Dílsithe** | 1 |

## Ciste Chroí Cónaithe (Bailte)

Príomhthionscnamh é Ciste Chroí Cónaithe (Bailte) a bhuntacaíonn leis an mbeartas agus leis na cuspóirí a leagtar amach i gConair 4 den chlár Tithíocht do Chách.

## An Deontas Athchóirithe Réadmhaoine Foilmhe

Seoladh an Scéim seo in Iúil 2022. Tá seo ar cheann de na bearta a cuireadh i bhfeidhm chun dul i ngleic le folúntas agus le húsáid a bhaint as réadmhaoin arís. Téann sé chun tairbhe iad siúd ar mian leo a bpríomháit chónaithe phríobháideach a dhéanamh de theach nó foirgneamh a bhí folamh roimhe seo (de réir na scéime a dtugtar cuntas uirthi) nó é a chur ar fáil ar cíos.

Tá deontas a mhéid le €50,000 ar fáil le réadmhaoin fholamh a athchóiriú. Tá deontas breise uasta breisithe a mhéid le €20,000 ar fáil freisin má dheimhníonn an t-iarratasóir go bhfuil sé lochtach agus baolach ó thaobh struchtúir de, nó má tá an réadmhaoin ar Chlár Láithreán Tréigthe an údaráis áitiúil cheana féin.

A luaithe a thugtar faomhadh i bprionsabal d'iarratasóir don deontas, is féidir leo leanúint ar aghaidh ansin agus a dtionscadal a chríochnú.  Ar chríochnú na n-oibreacha go léir, tarraingítear an deontas anuas agus íoctar go díreach é leis an iarratasóir.

| | |
|---|---|
| **67** | Fuarthas 67 iarratas ar Chroí Cónaithe i rith 2023. |
| **31** | Faomhadh 31 ceann i bprionsabal. |
| **1** | Íocadh 1 dheontas. |



## An Scéim Réidh le Tógáil

Tá láithreáin sheirbhísithe le cur ar fáil ag Comhairle Contae Cheatharlach i mbailte agus sráidbhailte nuair a sholáthraítear dóthain seirbhísí agus conláistí agus nuair atá teacht díreach ar bhonneagar leordhóthanach. Beidh láithreáin ar fáil ar lascaine ar an margadh ar luach a mhéid le €30,000.00.

Tá láithreáin reatha atá faoina smacht le forbairt ag Comhairle Contae Cheatharlach nó ceannóidh sí láithreáin le hiad a chur ar fáil d'fhorbairt trí sheirbhísí agus rochtain ar na láithreáin atá i gceist a sholáthar.

Ní chuirtear an scéim ar fáil ach do dhaoine aonair nó do theaghlaigh a mbeidh an réadmhaoin a tógadh ar an láithreán a ceannaíodh mar a n-áit chónaithe phríobháideach phríomha.

Sainaithníodh 15 láithreán.





# An Oifig Fiontair Áitiúil, Forbairt Gheilleagrach agus Forbairt Tionscadal Speisialta

**27**
Pacáiste Tacaíochta Airgeadais

**18**
nDearbhán Lean for Business

**42**
Dearbhán Green for Business

**31**
Dearbhán Trádála ar Líne

**1869**
Oiliúint Iomlán

**140**
Rannpháirtí in Do Ghnó Féin a Chur ar Bun

**225**
Cliant Forbartha Bainistíochta

**1504**
Oiliúint agus Líonrú Ginearálta

**247**
Meantóireacht

**3**
Chliant Forbartha Easpórtála

**7**
gCliant Digital for Business

**6**
Iarratas Micro Finance Ireland

**2**
Aistriú Cliant

**5**
Dheontas Éifeachtúlachta Glaise

## Fiontraíocht Éireann - Comhaontú Seirbhíse

Seo a leanas an t-aschur faofa airgeadais don bhliain 2023 maidir leis an gComhaontú Seirbhíse le Fiontraíocht Éireann maidir leis an Oifig Fiontair Áitiúil a fheidhmiú:

| DEONTAS CEADAITHE (Ytd) | Líon | € |
|---|---|---|
| **Cúnamh Airgeadais do Chuideachtaí Seirbhísí Déantúsaíochta agus Idirnáisiúnta** | | |
| **Deontais Fairsingithe Gnó a Faomhadh** | 10 | €422,607 |
| **Deontais Phríméála a Faomhadh** | 4 | €62,395 |
| **Deontais Indéantachta a Faomhadh** | 2 | €7,400 |
| **Dearbháin Trádála ar Líne a Faomhadh (Ytd)** | 31 | €68,396 |
| **Deontais Cúnaimh Theicniúil do Mhicrea-Easpórtálaithe** | 10 | €17,341 |
| **Deontais Lean for Micro a Faomhadh** | 19 | €44,000 |
| **Dearbháin Green for Micro a Faomhadh** | 43 | €69,855 |
| **Dearbháin Digitithe a Faomhadh** | 7 | €24,400 |
| **Deontas Éifeachtúlachta Fuinnimh** | 5 | €18,633 |
| **Deontais Nuálaíochta Agile a Faomhadh** | | |
| **Grad Start** | 1 | €30,000 |



# Forbairt Gheilleagrach

## Oirdheisceart na hÉireann

Sholáthair Comhairle Contae Cheatharlach cistiú d'Oifig Ireland South East le haghaidh gníomhartha éagsúla a chomhordú i réimse na forbartha geilleagraí agus na tacaíochta gnó.

## Turasóireacht Cheatharlach

Thacaigh Comhairle Contae Cheatharlach leis an bPlean Bliantúil do Thurasóireacht Cheatharlach faoina Meabhrán Tuisceana le Turasóireacht Cheatharlach agus faoin gcreat straitéiseach le haghaidh tacaíocht a thabhairt sa todhchaí don Earnáil Turasóireachta i gContae Cheatharlach.

## Leabhar Cócaireachta Ghlúnta Cheatharlach (Carlow Generations)

D'fhoilsigh an tAonad Forbartha Geilleagraí i gcomhpháirtíocht leis an tSeirbhís Leabharlainne leabhar ar a dtugtar Generations, atá dírithe ar bhia agus ar an teaghlach.

## Margaíocht Gheilleagrach

Choimisiúnaigh Comhairle Contae Cheatharlach foilseacháin éagsúla i gcomhar le The Sunday Business Post, Sunday Independent, RTÉ, KCLR agus The Nationalist le linn na bliana 2023, an Feachtas Your Seat is Ready san áireamh.

Rinne an Chomhairle a hábhair margaíochta a athfhorbairt le haghaidh infheistíochta in 2023.

## Grúpa Cumarsáide agus Rannpháirtíochta

D'fhorbair an Chomhairle Grúpa Cumarsáide agus Rannpháirtíochta de ghníomhaireachtaí san earnáil ghnó agus de chomhlachtaí tacaíochta le cur chuige comhordaithe a chinntiú i leith an phobail gnó agus rannpháirtíochta. Chuir an grúpa chéad Lá Gnó Cheatharlach ar siúl i nDeireadh Fómhair 2023 ar ar fhreastail breis agus 200 duine.

## Spás Fiontraíochta a Fhorbairt

D'oibrigh an Chomhairle le hIonaid Fiontar Pobail CLG Cheatharlach le sraith tionscadal a fhorbairt le Spás Fiontraíochta a sholáthar sa Chontae. Tacaíonn Fiontraíocht Éireann agus an Scéim Athnuachana Baile agus Sráidbhaile leis na tionscadail seo. Tosaíodh an tógáil ar Theach an Stáisiúin – Mol Pobail agus Fiontraíochta i mBaile Haicéid agus tugadh faoi réamhfhorbairt maidir le Tionscadal Catalyst i mBaile Cheatharlach agus le Teach na Toirbhearta i Muine Bheag.

## Forbairt agus Cistiú an AE

Chríochnaigh an Chomhairle Tionscadal Mol Ceardaíochta Eoraip na Cruthaitheachta. Cuireadh Mol Ceardaíochta ar an ngearrliosta mar chraobhiomaitheoir i nGradaim um Chur chun Cinn na Fiontraíochta san AE.

Tosaíodh tionscadal InnoCom, ar tionscadal é maidir le rannpháirtíocht gnó faoi Interreg na hEorpa. Rinneadh suirbhé mionsonraithe ar chliaint leis an mbunchloch a leagan don obair in 2024.

## Clár na Nollag 2024

Chuir Comhairle Contae Cheatharlach le Clár na Nollag, ar sraith gníomhaíochtaí é faoi na brandaí Lightfest agus Ceannaigh go hÁitiúil, Ceannaigh i gCeatharlach. D'fhreastail breis agus 10,000 duine ar na himeachtaí.



*Ciara Stanley, Buaiteoir Ghradaim Powerhouse WIB*



*Seoladh Leabhar Cócaireachta Ghlúnta Cheatharlach (Carlow Generations)*




*An Feachtas Ceannaigh go hÁitiúil, Ceannaigh i gCeatharlach*

# Gníomhú ar son an Chomhshaoil agus na hAeráide

**28**
ionad fág anseo á n-oibriú ag CCC

**2**
Ionad Fóntas Poiblí ag Baile an Phaoraigh agus Baile Mhic Thiarnáin

**6**
'Litir Rabhaidh' Truaillithe Talmhaíochta eisithe

**160**
Fíneáil eisithe faoin Acht um Thruailliú ó Bhruscar

**900**
Gnáthchigireacht Dramhaíola déanta

**99**
Neamh-ghnáthchigireacht dramhaíola déanta

**Cuireann Rannóg Comhshaoil Chomhairle Contae Cheatharlach raon leathan feidhmeanna i gcrích, ar feidhmeanna iad a bhíonn ag méadú i gcónaí de réir mar a thugtar reachtaíocht nua isteach, go dtagann tosaíochtaí náisiúnta nua chun cinn agus go n-athraítear cleachtais oibre laistigh den eagraíocht. Seo liosta neamhchríochnaitheach d'fheidhmeanna na rannóige: -**

- Bainistiú Dramhaíola – Forfheidhmiú agus Ceadúnú
- Ionaid Fóntas Poiblí agus Ionaid Fág Anseo a oibriú



- Oideachas agus Feasacht Comhshaoil
- Athrú Aeráide
- Bithéagsúlacht



- Bainistiú Gearáin Chomhshaoil
- Cosc agus Rialú Bruscair




- Pleanáil Comhshaoil
- Bainistiú agus Spriocanna Fuinnimh



- Truailliú Aeir
- Truailliú Torainn



- Truailliú Uisce/an Chreat-Treoir Uisce
- Soláthairtí Príobháideacha Uisce Tuaithe/Beaga
- Bainistiú Cigireachtaí Feirme agus Cothaitheach



- Reiligí



- Rialú Madraí



- Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a Chomhtháthú

## Cigireachtaí 2023

| Cigireachtaí | Pleanáilte | Críochnaithe |
|---|---|---|
| Gnáthchigireachtaí Dramhaíola | 761 | 1053 |
| Neamh-Ghnáthchigireachtaí Dramhaíola | 49 | 121 |
| Gnáthchigireachtaí Bruscair | 1020 | 1030 |
| Gnáthchigireachtaí Uisce/Fuíolluisce | 328 | 413 |
| Neamh-Gnáthchigireachtaí Uisce/Fuíolluisce | 16 | 20 |
| Gnáthchigireachtaí Aeir/Torainn | 77 | 94 |
| Neamh-Gnáthchigireachtaí Aeir/Torainn | 5 | 56 |
| Gnáthchigireachtaí ar Fhreagracht Táirgeoirí | 88 | 45 |

## Pleanáil Comhshaoil

| Cigireachtaí Pleanála Comhshaoil (Gnáthchigireachtaí) | |
|---|---|
| Cigireachtaí (comhshaoil) ar cheadanna pleanála reatha | 13 |
| Cigireachtaí (comhshaoil) sula ndeonaítear/ndiúltaítear cead pleanála | 260 |
| Cigireachtaí Cairéil (e.g. a bhaineann le hastaíochtaí torainn, deannaigh, dromchla/screamhuisce, creathadh etc.) | 30 |
| Cigireachtaí eile pleanála a bhaineann le saincheisteanna comhshaoil | 73 |
| **Cigireachtaí Pleanála Fo-iomlána (Gnáthchigireachtaí)** | **376** |

| Gníomhartha Forfheidhmiúcháin | |
|---|---|
| **Dramhaíl** | |
| ’Litreacha Rabhaidh’ Dramhaíola | 43 |
| WMA Alt 14 (Treoir) | 3 |
| WMA Alt 18 (Faisnéis) | 2 |
| WMA Alt 55 (Bearta) | 2 |
| WMA Alt 56 | 0 |
| WMA Alt 71 (gluaisteáin thréigthe) | 22 |
| Fógraí Airteagal 25 faoin Rialachán Pacáistithe | 2 |
| Airteagal 12 de na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Dramhbhia), 2009 | 0 |
| Líon Fógraí Íocaíochta Seasta faoi na Rialacháin um Cheadanna Bailithe Dramhaíola | 8 |
| Líon Fíneálacha a eisíodh faoin Acht um Thruailliú ó Bhruscar | 31 |
| Líon moltaí a rinneadh don Oifig Náisiúnta do Cheadanna Bailithe Dramhaíola go n-athbhreithneofaí ceadanna bailithe dramhaíola | 0 |
| Eile | 54 |
| **Iomlán na nGníomhartha Forfheidhmiúcháin Dramhaíola a Tionscnaíodh le linn na Bliana Tuairiscithe** | **167** |
| **Uisce/Fuíolluisce** | |
| Cigireachtaí Uisce agus Fuíolluisce | |
| Ceadúnais Doirte san Uisce (Alt 4) | 14 |
| Iniúchtaí ar sholáthairtí uisce príobháideacha | 12 |
| Cigireachtaí Feirme faoi na Rialacháin um Dhea-Chleachtais Talmhaíochta a rinne an ÚÁ (gan cigireachtaí feirme a rinne an DAFM a áireamh) | 14 |
| Cigireachtaí Feirme Eile, e.g., Gnáthchigireacht feirme ach gan cigireachtaí um Dhea-Chleachtais Talmhaíochta a áireamh BITHSHOLAID | 60 |
| Samplaí agus anailís monatóireachta imscrúdaithe faoin WFD a ghlac/a rinne Údaráis Áitiúla | 236 |
| Uiscí Snámha | 20 |
| Cigireachtaí an DWWTS faoin bPlean Náisiúnta Cigireachta ar Dhabhcha Séarachais | 19 |
| Gníomhaíochtaí Rannpháirtíochta an DWWTS | 18 |
| Cigireachtaí Eile ar Chosaint Dromchla agus Screamhuisce [e.g. foinse uisce óil a chosaint, monatóireacht ar ZOC, etc.] | 6 |
| Suirbhéireachtaí ar Mhí-Cheangail | 8 |
| Cigireachtaí a bhaineann le teagmhais/gearáin truaillithe uisce, gan neamh-ghnáthchigireachtaí feirme a áireamh | 8 |
| Neamh-ghnáthchigireachtaí feirme, e.g., de bhun teagmhas nó gearán truaillithe | 0 |
| Doirteadh Neamhúdaraithe a Imscrúdaíodh | 12 |
| **Cigireachtaí Iomlána sna catagóirí thuas** | **427** |
| **Talmhaíocht** | |
| ‘Litreacha Rabhaidh’ Truaillithe Talmhaíochta | 6 |
| NONCanna a seoladh chuig an DAFF | 0 |
| Alt 26(8) de na Rialacháin um Dhea-Chleachtais Talmhaíochta | 0 |
| Fógra Alt 12 den Acht um Thruailliú Uisce | 0 |
| Fógra Alt 23 den Acht um Thruailliú Uisce | 0 |
| **Gníomhartha Forfheidhmiúcháin Talmhaíochta Iomlána i rith na bliana tuairiscithe** | **6** |


| Aer (Boladh/Deannach san áireamh) | |
|---|---|
| 'Litreacha Rabhaidh' aeir | 34 |
| 'Litreacha Rabhaidh' tuaslagóirí | 1 |
| 'Litreacha Rabhaidh' péinteanna maisiúcháin | 2 |
| Alt 16 den Acht um Thruailliú Aeir (faisnéis) | 0 |
| Alt 26 den Acht um Thruailliú Aeir (bearta) | 3 |
| Gníomhartha forfheidhmiúcháin faoi na Rialacháin um Breoslaí Soladacha (I.R. Uimh. 326 de 2012) | 0 |
| Fógraí íocaíochta seasta faoi na Rialacháin um Breoslaí Soladacha (I.R. Uimh. 326 de 2012) | 0 |
| Fógraí Alt 110 den Acht um Shláinte Phoiblí | 0 |
| **Iomlán na nGníomhartha Forfheidhmiúcháin Aeir a Tionscnaíodh le linn na bliana tuairiscithe** | **40** |
| **Torann** | |
| 'Litreacha Rabhaidh' torainn | 5 |
| Alt 107 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (fógra) | 0 |
| **Iomlán na nGníomhartha Forfheidhmiúcháin Torainn a Tionscnaíodh le linn na bliana tuairiscithe** | **5** |
| **Tionscnaimh Freagrachta Táirgeoirí** | |
| Fógraí Íocaíochtaí Seasta na dTionscnamh Freagrachta Táirgeoirí (an tAcht um Bainistiú Dramhaíola) | 0 |
| **Iomlán na nGníomhartha Forfheidhmiúcháin Tionscnamh Freagrachta Táirgeoirí a Tionscnaíodh le linn na bliana tuairiscithe** | **0** |
| **Mór-Iomlán na nGníomhartha Forfheidhmiúcháin a Tionscnaíodh le linn na bliana tuairiscithe** | **645** |


## Deontais Uisce Tuaithe 2023

| Deontais | Faighte | Ceadaithe | Luach Iomlán |
|---|---|---|---|
| Deontais do Thoibreacha Tí | 67 | 60 | €190,000 |
| Deontais do Dhabhcha Shéarachais Tí | 0 | 0 | 0 |
| Deontais Réitigh Luaidhe Tí | 0 | 0 | 0 |
| Iomlán | 67 | 60 | €190,000 |

## Staitisticí Bliantúla Madraí 2023

| | |
|---|---|
| Madraí Fáin | 139 |
| Madraí a Tugadh Suas | 18 |
| Madraí a Athéilíodh | 24 |
| Úinéir nua faighte ag an Tearmann Madraí | 56 |
| Iarradh an Madra a Tharrtháil | 67 |
| Madraí a Cuireadh Síos | 4 |




## Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Chontae Cheatharlach 2023-2025

Ghlac Comhairle Contae Cheatharlach lena gcéad Phlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht i Márta 2023. Is í fís an phlean feabhas breise a chur ar ár dtuiscint ar bhithéagsúlacht Chontae Cheatharlach agus dul i mbun gnímh ar mhaithe lena caomhnú agus a hathchóiriú. Cistíodh roinnt tionscadal faoin gCiste Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Áitiúla 2023 agus sheol an tAire Malcolm Noonan é. I measc na dtionscadal, bhí: Ceapach Phailneoirí Inite Bhaile Cheatharlach ag Coláiste Cheatharlach; Tionscadal Athchóirithe Shruth Bhaile an Phaoraigh; Linn Fiadhúlra Chúinne an Ghiorria agus Seomra Ranga Bithéagsúlachta Mhuine Bheag.

## Straitéis Bonneagair Ghlais Chomhairle Contae Cheatharlach

Glacadh le Straitéis Bonneagair Ghlais Chontae Cheatharlach an 17 Aibreán 2023. Rinne an cur chuige beartais uirbigh nuálaigh, "ní bheidh ar aon phailneoir in aon bhaile i gCeatharlach taisteal níos faide ná 200 méadar chun spás a aimsiú a bhainistítear don bhithéagsúlacht", aird an Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí a mhealladh. Iarradh ar Chomhairle Contae Cheatharlach ábhair aistrithe eolais a ullmhú ar an gcur chuige, chun go bhféadfaí an Plean Uile-Éireann um Pailneoirí a roinnt ar fud na tíre mar shampla de dhea-chleachtas.

## Toradh an Phlean Cigireachta Comhshaoil 2022

Leagann an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide na Tosaíochtaí Forfheidhmiúcháin Náisiúnta (NEPanna) amach gach bliain. Caithfidh gach údarás áitiúil a phlean cigireachta a sheoladh chuig an Údarás um Chosaint Comhshaoil chun freagairt do na NEPanna agus toradh mionsonraithe ar chigireachtaí agus torthaí a sheoladh don bhliain roimhe sin (ar a dtugtar an Plean RMCEI).

Chríochnaigh an EPA an measúnú ar conas mar a d'éirigh le gach Údarás Áitiúil maidir leis na Tosaíochtaí Forfheidhmiúcháin Náisiúnta don bhliain 2022. Bhí ríméid ar Chomhairle Contae Cheatharlach ní hamháin gur bhain siad an caighdeán amach a leagadh amach ach gur éirigh léi toradh inmholta 70% a bhaint amach, arb airde sin ná an meán náisiúnta 59%.




*Conláiste Cathartha Rochtana do Chách Bhaile Mhic Thiarnáin*

## Bainistiú Dramhaíola – Tionscnamh Frithdhumpála 2023

D'éirigh le Comhairle Contae Cheatharlach €90,000 a fháil faoin Tionscnamh Frithdhumpála in 2023. Dáileadh an cistiú i dtreo roinnt tionscadail fhaofa a bhí dírithe ar dhul i ngleic le gníomhaíochtaí neamhdhleathacha dramhaíola agus ar inbhuanaitheacht chomhshaoil a chur chun cinn laistigh den chontae. I measc na dtionscadal seo, bhí imscrúdaitheoir príobháideach a fhostú le fianaise a bhailiú faoi bhailitheoirí dramhaíola neamhdhleathacha áitiúla, rochtain ar athchúrsáil a sholáthar do gach duine ag Ionad Fóntas Poiblí Bhaile Mhic Thiarnáin, diúscairt mhídhleathach neamhdhleathach a bhaint as lánaí agus as áiteanna a ndéantar go leor diúscairt mhídhleathach, tacú le grúpaí deonacha glantacháin, comharthaíocht chliste a chur i bhfeidhm chun cosc a chur ar dhumpáil neamhdhleathach, agus rothair a sholáthair don Afraic.

## Rochtain do Chách

Cuireadh an tionscadal athchúrsála Rochtain do Chách in Ionad Fóntas Poiblí Bhaile an Phaoraigh ar an ngearrliosta do Ghradaim Pobail agus Comhairle Uile-Éireann (Gradaim LAMA). Cuireadh an tionscadal ar an ngearrliosta i measc na 4 thionscadal ab fhearr sa tír faoin gcatagóir an Tionscadal is Ionchuimsithí 2022 agus fuarthas deimhniú ardmholta.

Chuir Aoisbhá Éireann an tionscadal ar an ngearrliosta faoin gCatagóir GRADAM TIMPEALLACHTA AOISBHÁÚLA le haitheantas a fháil ag searmanas bronnta na nGradam Náisiúnta Gaisce Aoisbháúil. Lean an tionscadal ar aghaidh leis an ngradam a bhuachan don tionscadal is fearr ina chatagóir, a bhí ina éacht ollmhór a bhain aitheantas náisiúnta amach i ngeall ar a thionscnamh nuálach timpeallachta. Rinneadh an tionscnamh seo a mhacasamhlú in Ionad Fóntas Poiblí Bhaile Mhic Thiarnáin, a seoladh i Nollaig 2023.

## Éifeachtúlacht Fuinnimh

Léirítear an méid seo a leanas sna figiúirí is déanaí do Chomhairle Contae Cheatharlach:

- Feabhsú 37.6% ar éifeachtúlacht fuinnimh i gcomparáid le bonnlíne 2009.
- Laghdú 5% ar astaíochtaí teirmeacha agus iompair i gcomparáid le bonnlíne 2016-2018.
- Laghdú 28% ar astaíochtaí iomlána gás ceaptha teasa, i gcomparáid le bonnlíne 2016-2018.

## Feabhsúcháin ar Éifeachtúlacht Fuinnimh ag Ionad Fóntas Poiblí Bhaile an Phaoraigh

Cuireadh 20 painéal gréine fótavoltach (PV) isteach ag Baile an Phaoraigh in 2023. Le cur leis an réiteach fuinnimh ghlais seo, cuireadh teaschaidéal aer go huisce isteach freisin le téamh inbhuanaithe a sholáthar don spás oifige, a laghdaíonn an brath ar ghnáthmhodhanna téimh. De bhreis air sin, cuireadh luchtaire feithiclí leictreacha (EV) isteach, a chuireann an glacadh le feithiclí leictreacha chun cinn agus a chuireann le hinbhuanaitheacht chomhshaoil fhoriomlán an limistéir. Ní hamháin go léiríonn na huasghráduithe seo tiomantas d'fhuinneamh in-athnuaite ach léiríonn siad freisin cur chuige réamhghníomhach i leith an lorg carbóin i mBaile an Phaoraigh a laghdú.

## Gníomhú ar son na hAeráide

Tá ról an-tábhachtach ag Údaráis Áitiúla i dtaobh maolú aeráide agus oiriúnú don aeráid a sholáthar. Léirítear é seo i bhforálacha an Achta um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, a cheanglaíonn ar gach Údarás Áitiúil Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide Údaráis Áitiúil a ullmhú ina sonraítear na bearta maolaithe agus oiriúnaithe atá le glacadh ag an Údarás Áitiúil.

Thug Comhairle Contae Cheatharlach faoi Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide Údaráis Áitiúil Cheatharlach a ullmhú, ina leagfaí amach conas a bheadh Comhairle Contae Cheatharlach freagrach as barr feabhais a chur ar theacht aniar aeráide, éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, i measc a sócmhainní féin trína gáis ceaptha teasa a laghdú faoi 51% agus éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú faoi 50% faoin mbliain 2030.

Bhí an tÚdarás Áitiúil meáite freisin ar ról níos fairsinge a léiriú ina ndéantar earnálacha eile a spreagadh, a stiúradh agus a éascú chun a spriocanna agus a n-uaillmhianta aeráide féin a bhaint. Roghnaíodh Baile Cheatharlach, Toghranna Ceantair Thuaite Cheatharlach, Limistéar Uirbeach Cheatharlach agus Limistéar Uirbeach na Gráige san áireamh, le feidhmiú ar Chrios Dícharbónaithe Chomhairle Contae Cheatharlach lena chuimsiú sa phlean a bheartaítear.

Coimisiúnaíodh fardal bonnlíne in 2023 leis an mbonnlíne carbóin a dheimhniú ar a mbunófaí laghduithe. Deimhníodh gurb é an bhonnlíne do Chomhairle Contae Cheatharlach 2.81ktCO2eqm.

Ullmhaíodh dréacht-Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide Údaráis Áitiúil Cheatharlach 2024-2029, 5 sprioc straitéiseacha ina measc ag a bhfuil 73 gníomh uaillmhianach ina leagtar amach bealach chun cinn do Cheatharlach lena spriocanna faoi shainordú a bhaint agus cabhrú le pobal Cheatharlach glacadh le ról gníomhach.

# Seirbhísí Éigeandála agus Rialú Tógála

**95**
Cigireacht ar Rialú Tógála

**41**
Teastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas

**193**
Fógra um Thosach Feidhme

**59**
Deimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán

**Coinníonn Comhairle Contae Cheatharlach Briogáidí Dóiteáin ar bun i gceithre Stáisiún Dóiteáin, atá lonnaithe i mBaile Cheatharlach, i Muine Bheag, ar an Tulach agus i mBaile Haicéid. Is lonnaithe i Stáisiún Dóiteáin Bhaile Haicéid freisin atá Ionad Oiliúna Seirbhísí Dóiteáin, rud a mbaineann Seirbhísí Dóiteáin ar fud na hÉireann úsáid as.**

Agus feithiclí agus trealamh nua-aimseartha in úsáid acu, cinntíonn na criúnna tiomanta go soláthraíonn siad seirbhís phras, éifeachtúil agus éifeachtach a d'fhreagair do 567 teagmhas éigeandála ar leith, ar an iomlán, rud ba chúis le 751 slógadh ag Briogáidí Dóiteáin Cheatharlach in 2023. B'ionann seo agus laghdú 9% ar fhreastal ar theagmhais éigeandála i gcomparáid leis an bhfigiúr iomlán don bhliain 2022, rud a bhfáiltítear roimhe. Níor cuireadh aon bhásanna i dtaifead i gContae Cheatharlach in 2023. Faigheann an fhreagairt oibriúcháin tacaíocht ó Ionad Rialaithe Réigiún an Oirthir atá lonnaithe i gCeanncheathrú Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath ar Shráid Chnoc na Lobhar, ar a gcuireann an pobal glaonna 999/112 agus a shlógann na hacmhainní cuí seirbhíse dóiteáin i gContae Cheatharlach.

Soláthraítear seirbhísí amhail riarachán, gníomhaíochtaí coisc dóiteáin, Rialú Foirgníochta agus Bainistíocht Móréigeandála, i measc nithe eile, amach ó Cheanncheathrú na Seirbhíse Dóiteáin ar an Lána Glas, Baile Cheatharlach.

## Príomhtháscairí Feidhmíochta

Tugadh chun solais i dTuarascáil Táscairí Feidhmíochta an Údaráis Áitiúil 2022 faoinar thug an NOAC (an Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta), a foilsíodh i Meán Fómhair 2023, gur thabhaigh Údarás Dóiteáin Cheatharlach an 6ú costas ab ísle in aghaidh an duine don tír iomlán, arbh ionann é agus €38.24 in aghaidh gach duine sa daonra. Is toradh maith é sin i gcomparáid leis an meánchostas náisiúnta, arb ionann é agus €42.48 in aghaidh an duine le haghaidh Stáisiúin Dóiteáin ar Áirithíocht a oibriú.

Tarraingíodh aird i dtuarascáil an NOAC freisin gur tharla sé, in 87% de na cásanna inar slógadh seirbhísí, gur bhain criú ó Sheirbhís Dóiteáin Cheatharlach láthair an teagmhais éigeandála amach laistigh de 20 nóiméad ó am an tslógtha.

Deonaíodh iarratais ar Dheimhnithe um Shábháilteacht ó Dhóiteán laistigh den tréimhse reachtúil dhá mhí in 46% de chásanna, figiúr a bhí ar aon dul, nach mór, leis an meán náisiúnta 47%.

## Sábháilteacht, Sláinte agus Leas

I mí na Nollag 2023, dheimhnigh Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann Córas Bainistíochta Sábháilteachta Sheirbhís Dóiteáin Cheatharlach de réir chaighdeán ISO 45001. Is deimhniú é sin go bhfuil an córas bainistíochta sábháilteachta i Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Contae Cheatharlach ag teacht leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta agus is aitheantas é freisin ar an dua agus an tiomantas atá ann ar fud na rannóg agus na leibhéal uile do na seirbhísí a theastaíonn chun an caighdeán sin a bhaint amach a sholáthar.

Chun an dámhachtain sin a bhaint amach, rinne Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann iniúchadh dhá lá ar Chóras Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde na Seirbhíse Dóiteáin. Mar thoradh ar chaighdeán ISO 45001 a bheith bronnta uirthi, tá aitheantas idirnáisiúnta ag an eagraíocht i scothchatagóir gnóthaí agus tá sí ar cheann den dornán seirbhísí dóiteáin in Éirinn ar bronnadh an caighdeán sin orthu.

## Cistiú Caipitil

D'fhógair an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Darragh O'Brien, TD, cistiú €20.8 milliún le 40 fearas dóiteáin nua 'Aicme B' a sholáthar, a dháilfear fud fad 27 Sheirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Údaráis Áitiúil na tíre. Bronnadh dáileadh 1 Fhearas nua Aicme B ar Sheirbhís Dóiteáin Contae Cheatharlach mar chuid den fhógairt seo, atá le seachadadh i ráithe 1 2025. Leantar le hobair a dhéanamh ar fhearas nua Aicme B a thógáil don tSeirbhís Dóiteáin Contae, atá le seachadadh i ráithe 2 2024.

Fuair Seirbhís Dóiteáin Cheatharlach cead deiridh chun leanúint ar aghaidh chun tairiscint a chur amach do sheirbhísí dearaidh agus innealtóireachta chun Stáisiún Dóiteáin Mhuine Bheag a athchóiriú agus a uasghrádú, a chuirfidh feabhas mór ar na dálaí oibre do chomhraiceoirí dóiteáin laistigh den stáisiún.

Fuair Seirbhís Dóiteáin Contae Cheatharlach cistiú ón Stiúrthóireacht Náisiúnta do roinnt tionscadail chaipitil i rith 2023, an méid seo a leanas ina measc:

- Trealamh Tarrthála Cadhnra a cheannach.........€188,000
- Comhfheithicil Hiab/Bhuninnill a cheannach.........€210,000
- Niteoir Dí-Éillithe Trealaimh Cosanta Pearsanta agus Trealaimh.........€40,000
- Trealamh Freagartha Tuilte agus Tarrthála Uisce.........€46,000
- Aonaid Oiliúna Iompair Dóiteáin Athsholáthair.........€42,000
- Fearas Dóiteáin Aicme B (táthar ag súil lena sheachadadh i ráithe 1 2025).........€465,000

Rinneadh oibreacha caipitil forleathana in Ionad Oiliúna Bhaile Haicéid i rith 2023. I measc na n-oibreacha, bhí feabhsúcháin draenála, bailiú báistí faoin talamh a chur isteach, dromchlú agus oibreacha teorann ar luach €210,000. Fuarthas faomhadh i bprionsabal do chistiú d'oibreacha feabhsúcháin breise ar an ionad inar tógadh sainfhoirgnimh oiliúna ar obair ar airdí agus stórála feithiclí.

## Oiliúint

Cuireadh réimse Sainchúrsaí Oiliúna ar bun do chomhraiceoirí dóiteáin oibríochtúla i rith 2023. Cuireadh Oiliúint ar Oifigigh anuas ar oiliúint ar chaidéil a oibriú, Gairis Análaithe, Tarrtháil i Suíomhanna Teoranta, Chéadfhreagróir Éigeandála agus Chéadfhreagróir Cairdiach ar na criúnna go léir. Chríochnaigh Comhraiceoirí Dóiteáin Earcaigh oiliúint bhunúsach tosaigh ar earcaithe ar Ghaireas Análaithe a úsáid agus ar Iompar Dóiteáin in Urrann.

Chríochnaigh Comhraiceoirí Dóiteáin Cheatharlach 3,200 uair an chloig, ar an iomlán, i réimse disciplíní oiliúna i rith 2023.

## Oibríochtaí

D'fhreastail criúnna ó áiteanna ar fud Chontae Cheatharlach ar 567 teagmhas éigeandála ar leith, ar an iomlán, rud ba chúis le 751 slógadh ag Briogáidí Dóiteáin Cheatharlach in 2023. B'ionann seo agus laghdú 9% ar fhreastal ar theagmhais éigeandála i gcomparáid leis an bhfigiúr iomlán don bhliain 2022, rud a bhfáiltítear roimhe. Níor cuireadh aon bhásanna i dtaifead i gContae Cheatharlach in 2023.




Chruthaigh an méadú suntasach 27% a tháinig ar fhreastal ag Imbhuailtí um Thrácht ar Bhóithre in 2023 i gcomparáid le 2022 dúshláin don tSeirbhís Dóiteáin Contae. Leanann gníomhachtú aláraim dóiteáin faoi mhonatóireacht de thimpiste in áitribh thráchtála agus chónaithe le saincheisteanna a chruthú don tseirbhís dóiteáin agus tá tionscnaimh á bhforbairt le hiarracht a dhéanamh an líon díobh a laghdú. Thosaigh beirt chomhraiceoirí dóiteáin nua le dualgas oibríochtúil le Briogáid Dóiteáin Bhaile Cheatharlach, agus thosaigh comhraiceoir dóiteáin nua amháin ag obair le Briogáidí Dóiteáin Mhuine Bheag, na Tulaí agus Bhaile Haicéid.

Thosaigh Príomhoifigeach Dóiteáin Cúnta nua ag obair le Seirbhís Dóiteáin Contae Cheatharlach le linn na bliana. Tá 46 comhraiceoir dóiteáin oibríochtúil agus 3 Oifigeach Dóiteáin Shinsearacha fostaithe i Seirbhís Dóiteáin Cheatharlach faoi láthair.

## Sábháilteacht ó Dhóiteán agus Cosc Dóiteáin sa Phobal

I dteannta a cuid gníomhaíochtaí oibríochta, d'imir Seirbhís Dóiteáin Cheatharlach ról an-ghníomhach i sábháilteacht ó dhóiteán a chur chun cinn agus leanann sí le cigireacht a dhéanamh ar fhoirgnimh thionóil phoiblí ar mhaithe leis na hoibleagáidí faoi na hAchtanna Seirbhísí Dóiteáin, 1981 agus 2003, a chomhlíonadh.

Ghlac Seirbhís Dóiteáin Cheatharlach le ról níos réamhghníomhaí i Sábháilteacht ó Dhóiteán sa Phobal a chur chun cinn, go háirithe le linn na Seachtaine Sábháilteachta ó Dhóiteán, a bhí ar siúl idir an 9 agus an 15 Deireadh Fómhair agus Seachtain an Aosaithe Dhearfaigh, a thit amach idir an 1 agus an 7 Deireadh Fómhair. Mar chuid den tSeachtain Sábháilteachta ó Dhóiteán, tugadh cuireadh do dhaoine den phobal chun teacht isteach sna Stáisiúin chun amharc ar ár gcuid trealaimh agus fearas, chun labhairt le hOifigigh um Chosc Dóiteáin agus chun amharc ar thaispeántais agus taispeáintí inar léiríodh sábháilteacht ó dhóiteán. Foilsíodh Teachtaireachtaí maidir le Sábháilteacht ó Dhóiteán ar ár leathanaigh sna meáin shóisialta gach lá agus rinneadh agallaimh raidió le KCLR agus le Beat FM. Thosaigh Seirbhís Dóiteáin Contae Cheatharlach le tionscnamh nua Seiceála Sábháilteachta ó Dhóiteán sa Bhaile i rith 2023. Tugann comhraiceoirí dóiteáin cuairt ar dhaoine breacaosta ina n-áiteanna cónaithe, tugann siad faoi sheiceáil sábháilteachta ó dhóiteán, cuireann siad comhairle ar an úinéir tí maidir le sábháilteacht ó dhóiteán agus cuireann siad brathadóirí deataigh isteach, nuair is gá. Rinne Comhraiceoirí Dóiteáin Contae breis agus 150 Seiceáil Sábháilteachta ó Dhóiteán in 2023.

Críochnaíodh an ceadúnú agus an chigireacht bhliantúil ar áitribh i Meán Fómhair sular tugadh iarratais ar athnuachan ceadúnais tábhairneora, damhsa agus bialainne os comhair na gCúirteanna. Rinneadh cigireacht ar 46 áitreabh, ar an iomlán, sa tréimhse a fhad le dáta na Cúirte go déanach i Meán Fómhair. Tugadh faoi go leor oibre chun forálacha an Achta Seirbhísí Dóiteáin agus na dualgais riaracháin a bhaineann le deimhnithe, litreacha agus coinníollacha ceadúnais a eisiúint a chomhlíonadh. Rinneadh roinnt forfheidhmiú ar áitribh phoiblí agus eisíodh roinnt litreacha rabhaidh chuig úinéirí áitribh agus chuig áititheoirí tar éis cigireachtaí a rinneadh de bhun gearáin a fháil ó dhaoine den phobal, de bhun saincheisteanna ar leagadh béim orthu tar éis teagmhais agus de bhun nithe eile ar tarraingíodh aird na nOifigeach Dóiteáin orthu.

## Rialú Foirgníochta

Déanann an Rannóg um Rialú Foirgníochta bainistiú gníomhach ar an gCóras Bainistíochta um Rialú Foirgníochta. Tugann sí faoi chigireachtaí rialta ar thionscadail foirgníochta chun comhlíonadh Chodanna A go M de na Rialacháin Foirgníochta a chinntiú le linn chéim na tógála, agus bailíochtú agus scrúdú teicniúil á ndéanamh aici ar Dheimhnithe Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas. Cuireann sí daoine den phobal ar an eolas faoin gcóras freisin. Tá na hIarratais uile ar Dheimhnithe um Shábháilteacht ar Dhóiteán agus ar Dheimhnithe Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas á ndéanamh anois trí Chóras Bainistíochta na Rannóige um Rialú Foirgníochta.

D’oibrigh an Rannóg um Rialú Foirgníochta i ndlúthchomhar leis an Oifig Náisiúnta um Fhaireachas Margaidh, a dhéanann faireachán ar cháilíocht agus caighdeán na dtáirgí tógála a thairgtear lena ndíol i gContae Cheatharlach. Rinneadh cigireachtaí neamhfhógartha tosaigh agus cigireachtaí leantacha ar roinnt áitreabh ar a dtairgtear táirgí tógála lena ndíol i gContae Cheatharlach.

## Ionad Oiliúna agus Forbartha Bhaile Haicéid

Ceaptar anois gurb é Ionad Oiliúna agus Forbartha Bhaile Haicéid an áis is fearr in Éirinn ina soláthraítear oiliúint ar chomhrac dóiteáin do chomhraiceoirí dóiteáin agus d’oifigigh dóiteáin oibríochtúla. Cuireadh Cúrsaí Oiliúna ar Ghaireas Análaithe agus ar Iompar Dóiteáin in Urrann san áis do chomhraiceoirí dóiteáin ó Sheirbhísí Dóiteáin Cheatharlach, Chathair Chorcaí, Chontae Chorcaí, Chiarraí, Chill Chainnigh, Laoise, Luimnigh, Lú, na Mí, Uíbh Fhailí, Thiobraid Árann, Phort Láirge, na hIarmhí, Loch Garman agus Chill Mhantáin chomh maith le hAerchór na hÉireann agus Óglaigh na hÉireann. Cuireann an LASNTG (an Grúpa Oiliúna Náisiúnta um Sheirbhísí Údaráis Áitiúil) Cúrsaí Oiliúna atá creidiúnaithe ag QQI ar siúl go rialta i Scileanna Comhraicthe Dóiteáin, Gaireas Análaithe agus Iompar Dóiteáin in Urrann san Ionad Oiliúna.

Cuireadh 188 lá, ar an iomlán, ar siúl in Ionad Oiliúna Bhaile Haicéid i rith 2023, tiocfaidh méadú ar an líon cúrsaí oiliúna a cuirfear ar siúl i mBaile Haicéid in 2024 mar thoradh ar 400 comhraiceoir dóiteáin breise a bheith á n-earcú go náisiúnta mar gheall ar Mholadh a rinne an WRC le déanaí.

## Eagraíocht Tarrthála Éireann

Leanfaidh comhraiceoirí dóiteáin ó Sheirbhís Dóiteáin Chontae Cheatharlach de bheith ar thús cadhnaíochta maidir lena foirne fuascailte agus tráma. Ag Dúshlán Náisiúnta na hEagraíochta Tarrthála a cuireadh ar bun i Stáisiún Dóiteáin Dhroichead Nua i mBealtaine, chríochnaigh an fhoireann sa chéad áit ar an iomlán agus bhain siad an chéad áit amach freisin i ngnéithe Teicniúla agus Leighis an Dúshláin Tarrthála. Chuaigh Comhraiceoirí Dóiteáin Contae Cheatharlach san iomaíocht ag an Dúshlán Tarrthála Domhanda in Lanzarote i nDeireadh Fómhair agus rinne siad ionadaíocht do Cheatharlach agus d’Éirinn araon ar an leibhéal is airde sa chomórtas idirnáisiúnta seo. Chuaigh foireann Cheatharlach san iomaíocht in aghaidh 72 de na Seirbhísí Dóiteáin is fearr ó áiteanna timpeall an domhain sa chomórtas.

## Gníomhú ar son na hAeráide

Leanann Seirbhís Dóiteáin Contae Cheatharlach ag tacú le Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide Chomhairle Contae Cheatharlach leis an sprioc a bhaint chun an t-aschur carbóin a laghdú 51% faoin mbliain 2030. Thug an tSeirbhís Dóiteáin Contae roinnt bearta um Ghníomhú ar son na hAeráide isteach i rith 2023, saoráidí bailithe báistí a thógáil chun Fearais Dóiteáin a ghlanadh i Stáisiún Dóiteáin Bhaile Cheatharlach agus Mhuine Bheag agus stóráil báistí a bailíodh faoin talamh d’oiliúint



caidéil i Stáisiún Dóiteáin Bhaile Haicéid san áireamh. Tá limistéar in Ionad Oiliúna Bhaile Haicéid á bhainistiú le haghaidh bláthanna fiáine agus bithéagsúlachta. Cuireadh roinnt coirceog isteach sa limistéar bláthanna fiáine agus tá roinnt saithí ag maireachtáil ann anois. Tá súil leis go bhfeabhsóidh an beart seo an bhithéagsúlacht i gceantar Bhaile Haicéid.
Tá obair á déanamh ag an tSeirbhís Dóiteáin Contae freisin le réitigh theicniúla nuálacha nua a fhorbairt leis an aschur carbóin a laghdú ónár bhfeithiclí seirbhíse dóiteáin oibríochtúla amach anseo.

## Athléimneacht Fhlít na Stiúrthóireachta Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála

Leanann Seirbhís Dóiteáin Cheatharlach ag tacú le hobair na Stiúrthóireachta Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin Éigeandála tríd an mbainistiú a dhéantar ar fhlít 11 Fhearas Dóiteáin Athléimneachta agus Oiliúna na Stiúrthóireachta. Déantar na 11 fhearas dóiteáin seo a bhainistiú agus a chothabháil trí Sheirbhís Dóiteáin Cheatharlach agus úsáideann an Stiúrthóireacht Náisiúnta iad chun Clár Oiliúna Náisiúnta na Seirbhíse Dóiteáin a sholáthar ar fud na hÉireann d’oifigigh dóiteáin ar gach céim idir Earcaí agus Oifigeach Dóiteáin Sinsearach.

# Tionscadail Bhóithre, Iompair agus Speisialta

Fad
**1,329km**
de ghréasán bóithre laistigh de Chontae Cheatharlach

**25**
éileamh ar Aisíocaíocht cistithe ar luach €11,378,171

**95**
comórtas (doiciméid a ullmhaíodh, fógartha, measúnaithe agus bronnta)

**120**
Ordú Príomhfheidhmeannaigh/ Stiúrthóir Seirbhísí

**55**
Cóiriú Seirbhísí Geimhridh Chéad Tosaíochta inar úsáideadh 333 tonna salainn

**33**
Cóiriú Seirbhísí Geimhridh Dara Tosaíocht inar úsáideadh 1,066 tonna salainn

**371**
Ceadúnas Oscailte Bóthair próiseáilte

**117**
Iarratas ar Ualach Neamhghnách próiseáilte

**€466,733**
Éilithe d'Oibreacha Cothabhála Bóithre Náisiúnta

**€1,461,176**
Éilithe d'Oibreachas Feabhsúcháin Bóithre Náisiúnta

**€4,347,453**
Caite ar Neartú Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla

**€1,020,499**
Caite ar Neartú Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla

**€280,915**
Caite ar Chothabháil agus Feabhsú Droichid Bhóthair Réigiúnacha agus Áitiúla

**€716,263**
Caite ar Oibreacha Draenála, Sábháilteachta agus Feabhsúcháin Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla

**6,552**
Solas sa Chontae

**2,929**
Solas Poiblí LED sa Chontae

**1,557**
Deisiúchán agus Uasghrádú ar Shoilsiú Poiblí déanta

**€729,684**
de chostais Fuinnimh agus Feabhsúcháin Soilsithe Phoiblí

# Bóithre, Iompar

**Baineann tábhacht lárnach le gréasán maith bóithre agus iarnróid a bheith ann go mbíonn an rath geilleagrach ar chontae. Tá sé bunriachtanach go mbíonn teacht maith ar Bhaile Átha Cliath, na poirt, agus bailte móra an réigiúin. Ar chuspóirí geilleagair áitiúil, sóisialta agus áineasa, tá sé bunriachtanach, chomh maith, go ndéantar an bonn sócmhainne bóithre réigiúnacha agus áitiúla a chothabháil i leith na gcaighdeán is airde agus is féidir ar aon dul leis an gcistiú atá ar fáil.**

Is é beartas na Comhairle chun bóithre reatha a chothabháil, a fhorbairt agus a fheabhsú agus chun bóithre nua a thógáil de réir mar a cheadaíonn acmhainní airgeadais. Tá gréasán bóithre 1,329 ciliméadar i limistéar riaracháin Cheatharlach, ina bhfuil fad 24 ciliméadar de mhótarbhealach, 54 ciliméadar de bhóithre náisiúnta den dara grád, 186 ciliméadar de bhóithre réigiúnacha agus 1,065 ciliméadar de bhóithre áitiúla.

## An Gréasán Mótarbhealaí

Déanann Bonneagar Iompair Éireann (TII) an cistiú a bhainistiú agus a sholáthar do gach scéim mótarbhealaigh.

## An Gréasán Bóithre Náisiúnta den Dara Grád

Cuireann Bonneagar Iompair Éireann (TII) cistiú ar fáil do bhóithre náisiúnta. Fuair Ceatharlach leithdháileadh tosaigh €2,276,040 in 2023 chun oibreacha cothabhála feabhsúcháin a dhéanamh ar dhroichid agus ar charrbhealaí agus chun íoc as na costais a bhaineann le maoirseacht, soilsiú poiblí agus cothabháil ghinearálta a dhéanamh ar an ngréasán bóithre náisiúnta. Is éard a bhí sna tionscadail a sainaithníodh:

| Catagóir Chistithe | Tionscadal | Leithdháileadh |
|---|---|---|
| **Scéim Feabhsúcháin Pábhála**<br>Tá na láithreacha a sainaithníodh bunaithe ar shuirbhéireacht chuimsitheach ar an ngréasán bóithre náisiúnta.<br>• *Rinneadh tionscadail a mheasúnú agus a dhearadh in 2022, agus táthar le tosú le hoibreacha ar an láthair in 2023.*<br>• *Rinneadh tionscadail a mheasúnú agus a dhearadh in 2023, agus táthar le tosú le hoibreacha ar an láthair in 2024.* | An N80 ag Ráth Corróg/ an M9<br>An N80 Cloch Mhic Sheoinín/ Baile Uí Chaollaí<br>An N81 an Bhothach/ Teorainneacha an Chontae | €1,143,550<br>€1,587,518<br>€920,000 |
| **Scéim Feabhsúcháin Sábháilteachta ar Bhóithre Náisiúnta**<br>Leithdháileadh chun dul chun cinn a dhéanamh ar an Scéim Feabhsúcháin Sábháilteachta trí Chéimeanna 1 go 7 den Treoir Bainistíochta Tionscadail | Scéim Feabhsúcháin Cora an Leamhaigh ar an N80 | €120,000 |

Rinne Comhairle Contae Cheatharlach iarratas ina dhiaidh sin ar chistiú breise agus bronnadh cistiú €184,000 orthu do scéimeanna feabhsúcháin agus cothabhála ar na Bóithre Náisiúnta.

| Catagóir Chistithe | Tionscadal | Leithdháileadh |
|---|---|---|
| **Scéim Cothabhála Lochtanna**<br>Cistiú breise le haghaidh bearta prá inneacha feabhsúcháin. Is gnách gur lú a luach ná €50,000. | Oibreacha ar 6 láthair ar an nGréasán Bóithre Náisiúnta | €184,000 |

## An Gréasán Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla

Soláthraíonn an Roinn Iompair cistiú le haghaidh oibreacha cothabhála agus feabhsúcháin ar bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla. Fuair Ceatharlach leithdháileadh €8,603,923 in 2023 d'oibreacha feabhsúcháin agus cothabháil ghinearálta a dhéanamh ar an ngréasán bóithre neamhnáisiúnta. Díríonn an clár seo ar bhearta feabhais a bhfuil géarghá leo ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla sa chontae faoin méid seo a leanas:

| Catagóir Chistithe | Tionscadal | Leithdháileadh |
|---|---|---|
| **Feabhsú Athchóirithe.** Díríonn an clár seo ar fheabhas a chur ar chomhtháthú struchtúrach Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla. | €3,914,500 | Críochnaíodh 41 tionscadal |
| **Cothabháil Athchóirithe.** Díríonn an clár seo ar fheabhas a chur ar dhromchlaí Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla. | €1,020,500 | Críochnaíodh 31 tionscadal |
| **Deontas Lánroghnach.** Ranníocann an Deontas seo as na costais a bhaineann le maoirseacht, soilsiú poiblí, comharthaíocht chothabhála geimhridh agus ghinearálta a chur in airde, marcanna bóthair, feabhsúcháin/deisiúchán pábhála ar an ngréasán bóithre neamhnáisiúnta | €1,078,000 | Críochnaíodh 45 tionscadal ar leith, gníomhaíochtaí ginearálta cothabhála san áireamh |
| **Athshlánúchán Droichid.** Díríonn an clár seo ar dheisiúcháin a dhéanamh ar dhroichid ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla sa chontae. | €264,945 | Críochnaíodh 6 thionscadal |
| **Deontas Feabhsúcháin Shonraigh**. Tá sé mar aidhm leis an Deontas Feabhsúcháin Shonraigh Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla, rud a ngabhann costas measta iomlán tionscadail suas le €5 mhilliún leis, rannchuidiú le tabhairt faoi na measúnuithe a theastaíonn chun dul chun cinn a dhéanamh ar Fheabhsúcháin Acomhail ar Bhóthar Chill Chainnigh an R448. | €882,980 | Críochnaíodh 1 thionscadal oibreacha Feabhsúcháin Acomhail ar an R448 ag Acomhal Munnelly. |
| **Deontas Feabhsúcháin Straitéisigh.** Tá sé mar aidhm leis an Deontas Feabhsúcháin Straitéisigh Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla, rud a ngabhann costas measta iomlán tionscadail breis agus €5 mhilliún leis, rannchuidiú le tabhairt faoi na measúnuithe a theastaíonn chun dul chun cinn a dhéanamh ar Bhóthar Faoisimh Theas Cheatharlach. | €100,000 | Tabhairt faoin Réamhchás Gnó do Bhóthar Faoisimh Theas Cheatharlach |
| **Oibreacha Feabhsúcháin Sábháilteachta.** Díríonn an clár seo ar fheabhas a chur ar shaincheisteanna sábháilteachta a sainaithníodh go sonrach ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla. | €227,300 | Críochnaíodh 11 thionscadal |
| **Oibreacha Draenála.** Díríonn an clár seo ar fheabhas a chur ar dhraenáil uisce dromchla ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla. | €267,500 | Críochnaíodh 17 dtionscadal |
| **Iarbhóthar Náisiúnta.** Díríonn an clár seo ar fheabhas a chur ar chomhtháthú struchtúrach Iarbhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla sa chontae. | €720,000 | Dearadh agus soláthraíodh 2 thionscadal ar an láthair agus tá oibreacha le cur chun cinn in 2024 |
| **Oibreacha um Oiriúnú don Athrú Aeráide agus um Athléimneacht i leith na hAeráide.** Tá sé mar aidhm leis an Deontas seo tabhairt faoi chlár spriocdhírithe oibreacha feabhsúcháin ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla | €221,200 | Críochnaíodh 7 dtionscadal |
| **Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail.** Díríonn an clár seo ar fheabhas a chur ar chomhtháthú struchtúrach agus ar dhromchlaí Bóithre Áitiúla den Tríú Grád sa chontae i gcomhar leis na húinéirí réadmhaoine gaolmhara. | €180,442 | Críochnaíodh 4 thionscadal |



*Cóiriú Dromchla ar Bun*



*Feabhsúchán Draenála Uisce Dromchla*

## Scéim Feabhsúcháin

D'fhógair an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail cistiú le haghaidh Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla chun tabhairt faoi chlár feabhsúchán spriocdhírithe ar shláine struchtúrach agus dromchlaí na mbóithre príobháideacha sa chontae i gcomhar leis na húinéirí réadmhaoine gaolmhara, dá bhfuair Ceatharlach:

| Fógra | Leithdháileadh | Stádas |
|---|---|---|
| LIS - Babhta 1 (Aibreán) | €304,736 | Críochnaíodh 11 thionscadal |
| LIS - Babhta 2 (Lúnasa) | €263,036 | Críochnaíodh 10 dtionscadal |

## Clár Oibreacha Feabhsúcháin Riosca

Chas Comhairle Contae Cheatharlach le hionadaithe Árachas Chomhlachtaí Poiblí na hÉireann (IPB) chun plé a dhéanamh ar thograí féideartha oibre feabhsúcháin riosca a bhfuil mar aidhm leo éilimh fhéideartha dliteanais phoiblí amach anseo a chomhrac/a laghdú. Bunaithe ar shonraí faoi éilimh stairiúla/reatha dhliteanais phoiblí agus ar an mbaol go dtiocfaidh éilimh den sórt sin chun cinn sa todhchaí, d'ullmhaigh Innealtóirí an Cheantair Bhardasaigh plean dhá bhliain chun an bonneagar cosáin a uasghrádú. Fuarthas cistiú thart ar €2 mhilliún ina dhiaidh sin chun tabhairt faoi fheabhsúchán ar limistéir ardriosca ar fud an chontae thar thréimhse dhá bhliain (2022 agus 2023).



## Limistéir Bhithchoinneála (Gairdíní Báistí)

Iarfheistíodh Limistéir Bhithchoinneála (Gairdíní Báistí) ar Bhóthar Pollerton agus tá amhlaidh á dhéanamh faoi láthair ar Sheanbhóthar Bhaile Átha Cliath.

Teicníc thábhachtach í bithchoinneáil a úsáideann ithir, plandaí agus miocróib le huisce stoirme a chóireáil sula ndéantar é a insíothlú nó a dhoirteadh. Loig éadoimhne iad Limistéir Bhithchoinneála a líontar le hábhar oiriúnach agus a gcuirtear fásra iontu. Sreabhann uisce stoirme a ritheann chun srutha isteach sa limistéar agus síothlaítear go mall é tríd an ithir (a ghníomhaíonn mar scagaire) agus isteach sa screamhuisce; agus súnn na plandaí roinnt den uisce freisin.

### Cuspóirí an Tionscadail

- Cóireáil ar cháilíocht an uisce a sholáthar; solaid, miotal agus cothaithigh ar snámh a bhaint.
- Athlíonadh screamhuisce a mhéadú trí insíothlú.
- An méid iomlán uisce a ritheann chun srutha a laghdú.
- Sráid-dreacha a fheabhsú.

Is féidir le limistéir bhithchoinneála go leor truailleán a bhaint agus athlíonadh a dhéanamh don "chéad sreabhadh" uisce stoirme a ritheann chun srutha. Baineann siad solaid, miotal agus cothaithigh ar snámh agus is féidir leo doimhneacht orlaí, ar a laghad, de bháisteach a insíothlú. Iarfheistítear iad ag láithreacha ar fud Bhaile Cheatharlach agus is féidir le limistéir bhithchoinneála feabhas ollmhór a chur ar shráid-dreacha. Tá gnáthchothabháil simplí agus is féidir le hoibrithe oilte í a láimhseáil gan stró. Bhí Oifig Cheantar Bardasach Cheatharlach ar an gcéad Cheantar Bardasach a d'iarfheistigh Limistéir Bhithchoinneála laistigh de limistéar uirbeach ar fud na hÉireann.






*Grianghraif Roimh agus i nDiaidh den Limistéar Bithchoinneála (Gairdín Báistí) ar Bhóthar Pollerton*

## Acomhal Shliosbhóthar Chill Chainnigh (ar a dtugtar de ghnáth Acomhal Munnelly, Bóthar Chill Chainnigh)

Tá an tionscadal mar chuid de scéim fhoriomlán oibreacha feabhsúcháin iompair ar Bhóthar Chill Chainnigh i mBaile Cheatharlach. Ba é cuspóir an tionscadail oibreacha feabhsúcháin acomhail a sholáthar sa mhullach ar áiseanna do choisithe agus rothaithe ag Acomhal an tSliosbhóthair ar a dtugtar Acomhal Munnelly de ghnáth. Is éard atá sa ghné seo de Scéim Bóthair fhoriomlán Chill Chainnigh ná mionathrú ar an acomhal miontimpealláin atá ann idir Bóthar Chill Chainnigh an R448 agus Nascbhóthar an L4020, leis an lorg leasaithe acomhail a éascú lena cheadú d'fheithiclí earraí troma (HGVanna) gluaiseacht.

Dearadh an t-acomhal leasaithe le freastal ar thrácht mór feithiclí ón dá threo ar an R448, buaicshreafaí san áireamh a thagann ar Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach tríd an Sliosbhóthar. De bhreis air sin, caithfidh an scéim chríochnaithe freastal ar Mhodhanna Taistil Ghníomhaigh agus ar an mbonneagar taistil ghníomhaigh a chomhcheangal leis an mbonneagar reatha agus a bheartaítear a dhéanann teorainn leis an acomhal. Dáileadh Deontas Feabhsúcháin Shonraigh ar luach €875,000 ar an tionscadal a críochnaíodh i nDeireadh Fómhair 2024.

## Tionscadail a thug Rannóg Bóithre Chomhairle Contae Cheatharlach chun Cinn

## Páirc Bus Bhaile Cheatharlach agus Seirbhís Bus an Bhaile

Sular tosaíodh le Seirbhís Bus Bhaile Cheatharlach nua, críochnaíodh an t-uasghrádú ar Pháirc Bus Cheatharlach. Sheol an tAire Éamon Ryan, T.D., Seirbhís Bus Bhaile Cheatharlach go hoifigiúil agus tosaíodh lena hoibriú Dé Domhnaigh, an 30 Meitheamh.



# Tionscadail Speisialta

Tá trí fhoireann ar leith i Rannán Tionscadal Speisialta Chomhairle Contae Cheatharlach ina gcuimsítear Oibreacha Caipitiúla, Taisteal Gníomhach agus Tionscadal URDF Bhaile Cheatharlach. Bíonn na foirne bainteach le réimse éagsúil tionscnamh, ina measc tionscadail mhórscála ar fiú cúpla milliún euro iad a chistíonn **an Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach (an CAFU)** agus tionscadail níos lú a chistíonn **an Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (RRDF)**, **an Clár Infheistíochta Taistil Gníomhaigh** a chistíonn an NTA, **an Scéim Athnuachana Baile agus Sráidbhaile**, agus acmhainní féin CCC.

## Oibreacha Caipitiúla

Athbhunaíodh an Fhoireann Oibreacha Caipitiúla i Meán Fómhair 2023 agus bhainistigh siad roinnt tionscadail oibreacha caipitiúla trí na céimeanna éagsúla forbartha.

- **Teach Cúirte na Tulaí - €200,000**
  - ➔ Bainistiú ar chéim na tógála chun an díon, na fuinneoga agus na doirse a athchóiriú ar an struchtúr liostaithe seo a pháirtchistigh Ciste na Struchtúr Stairiúil (HSF).
- **Carrchlós Áras an Chontae - €700,000**
  - ➔ 90 spás a sholáthar.
  - ➔ Deartha ar bhonn intí agus deonaíodh é faoi Chuid 8.
  - ➔ Tosaíodh soláthar na céime tógála.
- **Buiséad Feabhsúchán ar Ríocht Phoiblí Mhuine Bheag- €500,000**
  - ➔ Feabhsúcháin ar an Ríocht Phoiblí ag Cearnóg an Mhargaidh.
  - ➔ Deartha ar bhonn intí agus deonaíodh é faoi Chuid 8 i mí na Nollag.
  - ➔ Tosaíodh soláthar na céime tógála.
- **Deisiú Dhíon agus Shimléar Leabharlann Cheatharlach - €500,000**
  - ➔ Soláthraíodh an chéim thógála.
  - ➔ Ceapadh conraitheoir.
  - ➔ Oibreacha le tosú i ráithe 1 2024 atá á bpáirtchistiú le Deontas an HSF.
- **Feabhsúcháin ar an Ríocht Phoiblí ag Ionad VISUAL - €500,000**
  - ➔ Oibreacha Feabhsúcháin ar an Ríocht Phoiblí ag Ionad VISUAL.
  - ➔ Páirtchistithe ag Fáilte Éireann.
  - ➔ Soláthar agus Bainistiú na céime tógála.
- **Treochomharthaíocht an Bhealaigh agus Comharthaíocht Oidhreachta - €250,000**
  - ➔ Comharthaí léirmhínitheacha agus Treochomharthaíocht i mBaile Cheatharlach.
  - ➔ Páirtchistithe ag Fáilte Éireann.
  - ➔ Comharthaí deartha, soláthartha agus conraitheoir soláthartha lena gcur in airde.

Anuas air sin, cabhraíonn an fhoireann le treoir theicniúil agus maoirseacht le rannóga eile, tionscadal 'Locha Spéire' (Sky Lakes) leis an Oifig Ealaíon i bPáirc Bhaile Cheatharlach agus Ionaid Fiontar a fhorbairt ag Baile Haicéid, Muine Bheag agus Ceatharlach leis an oifig LEO ina measc.



## Taisteal Gníomhach

Is ionann Taisteal Gníomhach agus "taisteal agus é mar chuspóir d'fhuinneamh féin a úsáid". Is gnách go gciallaíonn seo siúl nó rothaíocht mar chuid d'aistear a bhfuil cuspóir leis agus is féidir leis úsáid scútar gan inneall a fholú freisin, a mbíonn méadú ar a n-úsáid le haghaidh iompar uirbeach, go háirithe i measc leanaí scoile.

Dá bhrí sin, meastar gur taisteal gníomhach iad siúl mar chuid den chomaitéireacht chun na hoibre, rothaíocht chuig an siopa nó scútáil go dtí an scoil agus ní mheastar gurb ionann agus taisteal gníomhach siúl nó rothaíocht a dhéanamh chun críocha fóillíochta amháin. Gníomhú dearfach ar son na haeráide é Taisteal Gníomhach agus caitear leis mar ghné ríthábhachtach de Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide na hÉireann. Cuirfidh tionscadail Taistil Ghníomhaigh a sholáthar le hathrú aeráide a chomhrac tríd an deis a sholáthar roghanna iompair inbhuanaithe agus "glasa" a úsáid. Bealach iontach é siúl, rothaíocht nó taisteal i gcathaoir rothaí in ionad taisteal i ngluaisteán lenár dtionchar ar an aeráid a laghdú.

Thug an tÚdarás Náisiúnta Iompair (an NTA) cuireadh i mí na Nollag 2022 d'iarratais ó Chomhairle Contae Cheatharlach (CCC) ar scéimeanna a raibh breithniú le déanamh orthu do chistiú faoi Chlár Taistil Ghníomhaigh 2023.

Dháil an NTA cistí breis agus €290 milliún i bhFeabhra 2023 ar údaráis áitiúla na hÉireann lena chaitheamh ar bhonneagar siúil agus rothaíochta. Fuair CCC dáileadh thart ar €2.7m chun tionscadail a sholáthar ar fud an chontae agus le híoc as costais foirne. Léirítear sa tábla seo a leanas an tsuim a caitheadh ar gach tionscadal Taistil Ghníomhaigh in 2023.

| Forbairt Scéime | Méid (€) |
|---|---|
| Taisteal Gníomhach - Bealach Siúil agus Raon Rothar Abhainn na Boirne | 136,000 |
| Pathfinder Taistil Ghníomhaigh - Scéim Coisithe agus Rothaíochta ó Cheatharlach go SETU | 109,000 |
| Scéim Coisithe agus Rothaíochta Bhóthar na Tulaí, Ceatharlach | 710,000 |
| Nasc Tréscaoilteachta Bhóthar Bhaile Staplóg/Bhóthar Pollerton, Ceatharlach | 142,000 |
| Cuarscéim Siúil agus Rothaíochta Bhaile na Tulaí | 564,000 |
| Plean Iompair Áitiúil Cheatharlach/na Gráige | 124,000 |
| Bearta Taistil Ghníomhaigh an Droichid Nua | 135,400 |
| Bearta Taistil Ghníomhaigh Dhroichead George Semple, Tigh na hInse | 28,000 |
| Scéim Cosáin, Bóthar Fhionnmhach, an Bhuiríos | 161,000 |
| SRTS - Scoil Náisiúnta Naomh Bríde, Muine Bheag | 36,000 |
| SRTS - Scoil Náisiúnta Naomh Pádraig, Ráth Bhile | 225,000 |
| SRTS - Queen of the Universe, Muine Bheag | 34,000 |



## Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach (URDF) Bhaile Cheatharlach

Tá mar aidhm ag URDF Bhaile Cheatharlach an baile a athbheochan agus a athnuachan, a chruthaíonn lárionad uirbeach faoi rath a fhreastalaíonn ar riachtanais agus ar uaillmhianta an phobail.


Is é luach iomlán thionscadail URDF Bhaile Cheatharlach €22.78m, a ndéanfaí 75% den luach seo a fhóirdheonú trí chiste an URDF. Dírítear sa chiste ar na tionscadail seo a leanas, croílár níos dlúithe, níos inbhuanaithe, agus níos beoga a chruthú:

| Scéimeanna | Méid |
|---|---|
| Nasc Iarnród agus Feabhsú na Ríochta Poiblí ó Choláiste Cheatharlach go Lár an Bhaile | €2.9M |
| Feabhsú na Ríochta Poiblí ar Shráid na Tulaí agus ar Shráid Bhaile Átha Cliath | €2M |
| Feabhsú na Ríochta Poiblí ar Mhargadh na bPrátaí | €8.5M |
| Feabhsú na Ríochta Poiblí agus nasc nua ó Mhargadh na bPrátaí go Sráid na Beairice trí Ionad Siopadóireachta Cheatharlach | €3.3M |
| Sráid na Beairice, Cearnóg na Seamróige agus Cúinne Thompson/ Páirc Bus | €4.1M |
| Feabhsú na Ríochta Poiblí ar Ascaill Kennedy | €1.9M |

Soláthrófar na tionscadail in dhá bheart. Is é an chéad cheann Tionscadal an Naisc Iarnróid, a sholáthróidh Foireann Dearaidh intí féin Chomhairle Contae Cheatharlach. Is é an dara ceann Tionscadal Lár an Bhaile, ina gcuimseofar an chuid eile de thionscadail chistithe an URDF.

D'fhógair Comhairle Contae Cheatharlach gur ceapadh Urban Agency i nDeireadh Fómhair 2023 mar an fhoireann dearaidh sheachtrach do Thionscadal Lár Bhaile Cheatharlach, ar gharsprioc thábhachtach i gclaochlú agus i bhfeabhsú Bhaile Cheatharlach.

Tá Urban Agency freagrach as togra cuimsitheach dearaidh a fhorbairt ina gcuimsítear dearadh ailtireachta, dearadh tírdhreacha, pleanáil uirbeach, agus cleachtais inbhuanaithe a chomhtháthú.



# Cosaint Shibhialta Chontae Cheatharlach

**Tá Comhairle Contae Cheatharlach ar an Údarás Cosanta Sibhialta do limistéar riaracháin Chontae Cheatharlach. San Acht um Chosaint Shibhialta, 2003, leagtar amach roinnt ról do Chosaint Shibhialta. Áirítear leis na róil sin: seirbhís chúltaca a sholáthar do na Bunseirbhísí Éigeandála; Seirbhís Pobail; Oiliúint ar Thaismeach; Cumarsáid Raidió; Tarrtháil; Leas; Comhrac Dóiteáin agus Scileanna Bádóireachta (cuardach agus aisghabháil). Soláthraíonn Cosaint Shibhialta seirbhís freisin don Údarás Áitiúil, d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus do na Gardaí i gcás dálaí aimsire crua amhail tuile agus sneachta. Soláthraíonn Cosaint Shibhialta Faireachán Radaíochta i gcásanna éigeandála freisin.**

Leagtar amach sa Chreatcháipéis Bainistíochta Móréigeandála róil agus freagrachtaí Chosaint Shibhialta i gcás éigeandálaí, cosúil le hIonaid Leasa a bhunú, Taismigh a Chlárú, freagrach do FSS as othair a iompar go hospidéil éagsúla agus Cúltaca Tánaisteach do na Príomhghníomhaireachtaí Freagartha.

Is oibrithe deonacha iad na baill uile de Chosaint Shibhialta Chontae Cheatharlach, cé is moite den Oifigeach Cosanta Sibhialta, atá fostaithe ag Comhairle Contae Cheatharlach ar bhonn páirtaimseartha. Tá níos mó ná 34 ball deonach againn faoi láthair i láithreacha ar nós Bhaile Cheatharlach, Mhuine Bheag, na Buiríse agus Ráth Ana. Déantar oiliúint sheachtainiúil ar ábhair amhail Garchabhair go leibhéal CPR, Chéad Fhreagróir Garchabhrach, Chéad Fhreagóirí Éigeandála, Teicneoir Míochaine Éigeandála, Scileanna Comhraicthe Dóiteáin, Teicnící Tarrthála Mearuisce, Tarrtháil Theicniúil, Scileanna Cuardaigh, Leas etc., a theagasc agus a chleachtadh. Ar ár sceideal oiliúna ag an deireadh seachtaine, déantar na hábhair a theagasctar a chleachtadh agus tástáiltear na scileanna a thagann as in aghaidh contaetha eile in iomaíocht ag ionaid éagsúla.

Úsáidtear ár n-oiliúint freisin ag laethanta allamuigh chun cuardach a dhéanamh faoin tír fhairsing, imeachtaí comhraicthe dóiteáin, agus oiliúint Scileanna Cuardaigh ar talamh agus le báid in Abhainn na Bearú agus Abhainn na Sláine. Tá Ceanncheathrú Cosanta Sibhialta, a críochnaíodh i Meán Fómhair 2009, go hiomlán oibríochtúil, a dhéanann oibríochtaí Cheatharlach níos éifeachtúla agus a sholáthraíonn freagairt éifeachtach agus thapa dá bharr.

Thug Cosaint Shibhialta Cheatharlach Cúrsa Oiliúna Scileanna Cuardaigh nua isteach dá n-oibrithe deonacha in 2014.

Múineadh é i gColáiste an Gharda Síochána agus bhí oibrithe deonacha Cheatharlach i measc na chéad oibrithe a ghlac páirt sa ghníomhaíocht seo agus bhaineamar stádas a airde le leibhéal Teagascóra amach. Tá leibhéal Teagascóra bainte amach againn freisin ó lár 2014 i dtaobh Feasacht ar Uisce agus soláthraíonn Aonaid Bhád Cosanta Sibhialta cúnamh cúltaca do na PRAanna, an tSeirbhís Dóiteáin agus do Ghardaí i gcásanna Cuardaigh agus Aisghabhála Abhann (RSR).

Cuirtear oiliúint ar oibrithe deonacha ar scileanna Bádóireachta agus ar theicnící cuardaigh agus aisghabhála talún i gcásanna cúltaca do na Gardaí. Cuirtear cúrsaí feasachta ar uisce agus Freagartha Tuilte agus Mearuisce ar bun i gcaitheamh na bliana.

Bhí deireadh á chur in 2023 ag Cosaint Shibhialta Cheatharlach leis an gcabhair le hoibríochtaí Covid-19.

Ba éard a bhí i gceist le hoibríochtaí Covid ná aire a thabhairt do Shláinte agus Leas agus othair a iompar go hOspidéil Éagsúla.

Bhí baint ag Cosaint Shibhialta Cheatharlach in Ionad Scíthe a bhunú do dhaoine a bhí ag teacht isteach sa tír ón Úcráin, mar a bhfuil cogadh

ann agus lean siad le cabhair a thabhairt mar a theastaigh i rith 2022 agus tá siad ar fáil i gcás éigeandála.

Ceapadh Oifigeach Cúnta Cosanta Sibhialta in 2020 (Páirtaimseartha) chomh maith chun cabhrú leis na dualgais nua agus na glaonna amach go léir.

Tugadh córas ríomhchlárúcháin nua don Chóras Bainistíochta Éigeandála Deonach isteach ar a dtugtar VEMS i mbliana le hoibrithe deonacha i gcúrsaí oiliúna, Trealamh, Feithiclí agus na hoibríochtaí go léir a bhainistiú.

Seo a leanas liosta de roinnt de na gníomhaíochtaí faoinar thug Cosaint Shibhialta

| Dáta | Gníomhaíocht | Ionad |
|---|---|---|
| 07/01/2023 | Glaoch amach ón GS le hAbhainn na Bearú a chuardach d'fhear a bhí ar iarraidh. | Abhainn na Bearú, ceantar Bhaile Cheatharlach. |
| 14/01/2023<br>15/01/2023 | Leanann an cuardach ar feadh deireadh seachtaine eile. | An Ghráig agus ó dheas. |
| 22/01/2023 | Cuardach dróin ar Abhainn na Bearú agus ar an talamh a dhéanann teorainn leis an gceantar idir | Ceatharlach agus Áth na Muilte |
| 12/02/2023 | Glaoch amach ón GS le cuardach do bhean ar iarraidh ó Ospidéal áitiúil | Ceantar Bhaile Cheatharlach |
| 17/03/2023 | Bainistiú Sábháilteachta agus Trácht ag 2 Mhórshiúl Lá Fhéile Pádraig i Muine Bheag agus Baile Cheatharlach. | Bainistiú Tráchta ar Bhóithre agus Garchabhair.<br>Muine Bheag agus Ceatharlach |
| 07/04/2023 | Sábháilteacht Bád agus Garchabhair agus Rásaí Bád Dragon ar Abhainn na Bearú i gceantar Bhaile Cheatharlach. | Abhainn na Bearú, ceantar Bhaile Cheatharlach. |
| 15/04/2023 | Oiliúint ar Bhainistíocht Éigeandála do Réigiún an Oirdheiscirt | Óstán an Dolmen agus oiliúint ar an láthair |
| 22/04/2023 | Cuardach do dhuine ar iarraidh i mBaile Cheatharlach agus i gceantar na hAbhann. Cuardach dróin ina measc. | Ceantar Bhaile Cheatharlach. |
| 11/05/2023 | Foireann Báid ag cabhrú leis an GS agus RTÉ. Áiseanna bádóireachta do chlár ar Crimecall. | Abhainn na Bearú, ceantar Bhaile Cheatharlach agus an ceantar máguaird. |
| 03/06/2023<br>04/06/2023 | Oibríocht Sábháilteachta do Ghealltа Bád Cheatharlach ar Abhainn na Bearú. | Abhainn na Bearú, Baile Cheatharlach |
| 11/06/2023 | Oibríochtaí Sábháilteachta Báid d'oibríocht Báid Dragon ar Abhainn na Bearú | Baile Cheatharlach |
| 15/06/2023 | Glaoch amach ón GS d'oibríochtaí Dróin do dhuine ar iarraidh ó cheantar Chill Chainnigh-Chaisleán an Chomair. | Caisleán an Chomair, Contae Chill Chainnigh |
| 02/07/2023 | Bád Sábháilteachta ar Abhainn na Bearú d'Fhéile Bhróid Cheatharlach | Ceantar Bhaile Cheatharlach. |
| 16/08/2023 | Bád Sábháilteachta ar Abhainn na Bearú i Muine Bheag do snámh bliantúil pobail 1 mhíle. | Muine Bheag |

# An Rannóg Tithíochta

| | | | |
|---|---|---|---|
| **2,026** Stoc tithíochta iomlán | **612** HAP iomlán (laghdú 8) | **289** RAS iomlán | **777** Iarratas Tithíochta |
| **93** Réadmhaoin Léasa Fhadtéarmaigh | **15** Scéim Deisigh agus Léasaigh | **340 (309)** Bronnadh ar Dhaoine gan Dídean | **40** Iarratas ar Aistriú |
| **108 (109)** Duine curtha i gCóiríocht Éigeandála | **189** Teach Leithdháilte | **91** Aonad Nuathógtha | **€2,408,000** Luach Morgáistí a Tarraingíodh Anuas |
| **53** Athligean | **24.61 Seachtain** Meántréimhse Athligin | **260** Gearán faoi Iompar Frithshóisialta | **€2,025,335** Luach Deontais |
| **2606 (2605)** Líon Iarrataí Cothabhála | **€7.79 (6.4) milliún** de Chíos Bailithe | **€35.91 milliún** de Chaiteachas Caipitiúil Iomlán | **106** Iarfheistiú Fuinnimh |
| **15** Mhorgáiste Faofa i bPrionsabal | **295** Deontas Ceadaithe faoi Chúnamh Tithíochta do Dhaoine Breacaosta | **107** Deontas Faofa faoi Scéim Deontais na nÁiseanna Soghluaisteachta | **15** Dheontas Oiriúnaithe Tithíochta Faofa |
| **€2,862,195** Caite ar Iarfheistiú Fuinnimh | **23** Teach ÚÁ Ceannaithe | **41** Teach CAS/AHB Ceannaithe | **22** Ceannach In Situ ag Tionóntaí |

## Clár Tithe Nuathógtha 2023

Baineadh soláthar foriomlán 91 aonad nuathógtha amach in 2023. Rinneadh meascán de sholáthar, aonaid nuathógtha Chuid V, AHB Lándéanta, Tógtha agus Ceannaithe agus Athnuaite ag an Údarás Áitiúil (Aonaid Fholmha/Thréigthe a Thiontú) ina measc. Ba é 90 aonad an sprioc thógála, ar an iomlán, faoi Thithíocht do Chách. Tosaíodh le breis agus 100 tionscadal freisin in 2023 d'aonaid nuathógtha lena soláthar in 2024 agus 2025.

## Éadálacha/Ceannach In Situ ag Tionóntaí

Cuireadh 64 ceannach i gcrích in 2023 do 64 réadmhaoin ar fud Chontae Ceatharlach. Cheannaigh Comhairle Contae Cheatharlach 23 den réadmhaoin go díreach agus éascaíodh 41 réadmhaoin eile a cheannach tríd an Rannóg Tithíochta. Ceannaíodh 22 den réadmhaoin mar réadmhaoin tionóntaí in situ, inar eisíodh fógra fágála don tionónta. Rinneadh an ceannach eile faoi chláir éagsúla, START, Tús Áite do Thithíocht, Cláir Chúraim Fhadtéarmaigh Chasta agus Iarchúraim agus do chuspóirí sonracha, Cóiríocht do Thaistealaithe, do Dhaoine faoi Mhíchumas agus do Dhaoine Aosta ina measc.

## Deontais Príobháideacha

Íocadh breis agus €2 mhilliún faoi Scéimeanna Deontas Príobháideach, Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Aosta, Deontais Áiseanna Soghluaisteachta agus Deontas Oiriúnaithe Tithíochta. Is ionann seo agus breis agus 400 iarratas ar dheontais a fhaomhadh in 2023. Tá an dealramh air go bhfuil an-tóir ar an deontas le huasghráduithe agus deisiúcháin bhunriachtanacha a sholáthar a cheadaíonn do dhaoine faoi mhíchumas nó do dhaoine eile fanacht sa bhaile ar feadh níos faide in go leor cásanna.



*Insliú Seachtrach á chur isteach faoi Chlár EERP*

## Caiteachas Caipitiúil

Caitheadh €35.91 milliún sa Chlár Caipitil in 2023, arb ionann sin agus méadú 47% ar chaiteachas caipitiúil ó 2022. Tá an caiteachas i measc limistéir éagsúla, Tithe Nuathógtha, Éadálacha, Deontais, Iarfheistiú Fuinnimh, ceannach/tógáil agus síntí ag Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (CCT). Rinne foireann bhreise a sholáthar faoi 'Tithíocht do Chách' an t-aschur méadaithe a éascú.

## An Clár Iarfheistithe Éifeachtúlachta Fuinnimh (EERP)

Tá sprioc 490 réadmhaoin ag Comhairle Contae Cheatharlach atá le críochnú faoin gClár Iarfheistithe Éifeachtúlachta Fuinnimh faoin mbliain 2030. Críochnaíodh 106 réadmhaoin in 2023, líon dhá oiread na sprice don bhliain.



*3 Réadmhaoin Nuathógtha ag an Leaca Bheag ar Láithreán Tréigthe*

Caitheadh €2,862,195, ar an iomlán, arb ionann sin agus meáninfheistíocht €27,002 an teach. I measc na n-oibreacha a críochnaíodh, bhí fuinneoga, doirse, insliú, córais téimh agus feabhsú eile fuinnimh. Is í an sprioc Rátáil B2 a bhaint amach.

## Folúntais/Athligean Ócáideach

D'fhág tionóntaí in 53 aonad sa stoc faoi láthair agus cuireadh ar fáil don stoc arís eile iad in 2024. Ghlac sé 24 seachtain, ar an meán, le réadmhaoin a fhágáil, oibreacha réamhligin tairisceana, tabhairt faoi oibreacha, agus leis an réadmhaoin a thairiscint agus le comhaontuithe tionóntachta a chríochnú. Theastaigh uasghráduithe forleathana ó go leor den réadmhaoin mar gheall gur réadmhaoin níos sine iad. Déanann an Rannóg Tithíochta gach aonad folamh a thabhairt ar ais isteach sa stoc ar bhealach tráthúil éifeachtúil agus a airde le caighdeán cíosa phríobháidigh.

## Stoc Tithíochta

Tháinig glanmhéadú 73 aonad ar stoc tithíochta na Comhairle in 2023, a mhéadaigh iomlán an stoic go dtí 2026 aonad, arbh é sin an chéad uair a sháraigh an líon stoic 2000 aonad. Cuimsítear san fhigiúr aonaid nuathógtha, aonaid a éadáladh agus réadmhaoin trí Oibreacha Feabhsúcháin in Ionad Tithíocht Shóisialta (IWIL) agus 11 réadmhaoin a bhaint ón stoc, 8 réadmhaoin a díoladh trí cheannach ag tionónta, 2 IWIL éagtha agus 1 aonad in-díshuite.

## Iarratais/Aistrithe Tithíochta

Rinneadh 777 iarratas ar thacaíochtaí tithíochta in 2023 agus rinneadh 40 iarratas ar aistriú réadmhaoine. Tháinig méadú substainteach ar iarratasóirí de bharr éifeacht charnach an athraithe go banda 2, a chuir srian ar an teorainn ioncaim anuas go €5,000 i nDeireadh Fómhair 2022 agus an t-ardú breise €5,000 ar ioncam. Tá oibleagáid ar an Rannóg Tithíochta iarratais bhailí a phróiseáil laistigh de 12 sheachtain agus próiseáladh gach iarratas bailí in 2023 laistigh den amfhráma seo.

## An Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP)/Scéim Cóiríochta Cíosa (an RAS)

Leanann an margadh cíosa i gContae Cheatharlach de bheith dúshlánach agus níl ach líon teoranta réadmhaoine á gcur ar fáil lena bhfáil ar cíos. Chabhraigh athruithe a rinneadh ar theorainneacha an HAP do dhaoine singil agus breisiú lánroghnach le híoc as cuid den chostas atá ag dul i méid. Ar an iomlán, is é an líon foriomlán a fhaigheann tacaíocht HAP 612 duine, ar laghdú 8 nduine é sin ó 2023. Is ionann seo agus 100 HAP nua a cuireadh ar bun a léiríonn obair leanúnach fhoireann an HAP agus Seirbhís Aimsitheora Áite (Placefinder). Leanann na líonta atá páirteach sa RAS ag titim agus níl ach 289 réadmhaoin páirteach ann go fóill agus níl aon aonaid nua de chuid an RAS á gcur ar fáil. Is ionann seo agus laghdú 31 aonad ó 2022, agus rinneadh 4 cinn de na haonaid siúd a fháil tríd an Scéim Tionóntaí in Situ.

## Daoine gan Dídean

Leanann Comhairle Contae Cheatharlach ag oibriú faoi Réigiún gan Dídean an Oirdheiscirt inar foilsíodh Plean Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean nua don tréimhse 2022-2026. Tá 2 áis éigeandála shealadacha i gCeatharlach faoi láthair agus tá 28 seomra agus breis agus 50 leaba iontu, ar an iomlán. Tháinig méadú 31 go 340 ar an líon foriomlán cur i láthair ó 2022. Príomhphíosa oibre faoina dtugann an Fhoireann um Dhaoine gan Dídean is ea cosc a chur ar easpa dídine agus cabhraíodh láithreach le 231 díobh siúd a tháinig chomh fada leo agus rinne obair choiscthe iad a threorú amach ó chóiríocht éigeandála. Tháinig méadú 1 dhuine ar an líon daoine a d'iontráil cóiríocht éigeandála go 109 nuair a soláthraíodh cóiríocht shealadach, agus soláthraíodh bainistiú iomlán cáis agus cúraim lena chur ar chumas iad siúd a raibh an tseirbhís á hiontráil acu bealach amach a aimsiú.

## Seirbhís Idirchaidrimh Tionóntaí

Tháinig méadú ar ghearáin maidir le hiompar frithshóisialta aníos go 260 in 2023. Gearáin leantacha iad go leor den líon seo agus tá roinnt cásanna díshealbhaithe/eisiaimh ar bun anois sna cúirteanna le dul i ngleic le ciontóirí leantacha. Fostaíodh an dara hOifigeach Idirchaidrimh Tionóntaí in 2023, agus oibríonn an ball foirne nua seo go príomha le bainistiú réamhghníomhach coisctheach tionóntachta. Tá díriú ar leith ar thionóntachtaí nua lena chinntiú go n-éiríonn le gach tionóntacht clárú, dul i ngleic le saincheisteanna coiteanna agus measúnú a dhéanamh ar shaincheisteanna a thagann aníos go luath sa tionóntacht.

## Morgáiste

Leanann an Rannóg Tithíochta le hiasachtaí tí a sholáthar ar rátaí seasta do dhaoine ar dhiúltaigh a mbainc dóibh ach a léiríonn gur féidir leo aisíocaíocht leis an Údarás Áitiúil. Fuarthas 38 iarratas, ar an iomlán, in 2023 agus ceadaíodh 15 iarratas i bprionsabal. Rinneadh €2,408,000 a tharraingt anuas, ar an iomlán, in 2023.

# Freagairt Dhaonnúil ar an Úcráin

## Fóram Freagartha Pobail

Bunaíodh Fóram Freagartha Pobail le freagairt chomhordaithe a sholáthar ar thacú le teitheadh ón gcogadh san Úcráin. Déanann Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Cheatharlach cathaoirleacht ar an bhFóram Freagartha Pobail. Is fóram ilghníomhaireachta é, a chuimsíonn ionadaithe ó ghníomhaireachtaí reachtúla agus ó ghníomhaireachtaí deonacha araon a oibríonn i bpobail ar fud an chontae. Thionóil an Fóram Freagartha Pobail 8 gcruinniú le linn na bliana 2023. Bunaíodh foghrúpa de chuid an Fhóraim Freagartha Pobail freisin. Thionóil an foghrúpa sin 18 gcruinniú i gcaitheamh na bliana.

## Ionad Scíthe

D'oibrigh Comhairle Contae Cheatharlach Ionad Scíthe le saoráidí cóiríochta sealadaí a sholáthar do Thairbhithe Úcránacha cosanta sealadaí a bhí ag teacht go hÉirinn i rith 2023 inar tugadh cóiríocht do 344 tairbhí na hÚcráine ar bhonn gearrthéarmach.

## Réadmhaoin a Gealladh

Tar éis achainí ó Chros Dhearg na hÉireann, gheall daoine den phobal réadmhaoin chomhroinnte nó fholamh a chur ar fáil d'Úcránaigh a bhí ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin. Leanadh le cóiríocht a thabhairt do 11 thairbhí Cosanta Sealadaí na hÚcráine ar fud an Chontae i réadmhaoin a gealladh don Chros Dhearg i rith 2023.

## An Scéim um Theach a Thairiscint

Is tionscnamh rialtais í an Scéim um Theach a Thairiscint, atá faoi stiúir ag údaráis áitiúla, chun leas a bhaint as tithe, árasáin nó tithe saoire nach gcónaítear iontu ar mhaithe le cóiríocht a sholáthar do dhaoine agus teaghlaigh ón Úcráin. Chuir úinéirí réadmhaoine 58 réadmhaoin fholamh ar tairiscint i gContae Cheatharlach i rith 2023 le cóiríocht a thabhairt do Thairbhithe Cosanta Sealadaí ón Úcráin. Leithdháileadh 49 réadmhaoin a measadh a bhí oiriúnach ónar eascair gur soláthraíodh cóiríocht do 175 duine ón Úcráin faoin Scéim um Theach a Thairiscint.

## An Tionscnamh Carranna Pobail

Lean Comhpháirtíocht Forbartha Chontae Cheatharlach leis an Tionscnamh Carranna Pobail a chur ar bun i rith 2023 i gcomhréir le Comhaontú Seirbhíse le Comhairle Contae Cheatharlach. Tá mar aidhm leis an tionscnamh seo tacú le daoine ón Úcráin a chónaíonn i réadmhaoin faoin Scéim um Theach a Thairiscint nó i réadmhaoin a Gealladh faoin gCros Dhearg i gceantair atá níos faide amach ó lárionaid uirbeacha, agus in áiteanna nuair bhfuil naisc iompair tuaithe go hiomlán nasctha. Rinneadh 58 aistear, ar an iomlán, agus bhain 236 duine leas as an tseirbhís.

## Ciste Éire Shláintiúil

Sholáthair an Roinn Sláinte cistiú €19,050.00 faoin mbranda Éire Shláintiúil le sláinte agus folláine dhídeanaithe na hÚcráine a chur chun cinn a lorg cosaint in Éirinn, mar chuid den ghéarchéim dhaonnúil idirnáisiúnta a eascraíonn as an gcogadh san Úcráin. Soláthraíodh an ciste seo trí ghníomhaireachtaí dá ndéantar ionadaíocht ar an bhFóram Freagartha Pobail. I measc na dtionscadal a críochnaíodh in 2023, bhí 'Spring Socials', Siúlóidí Coillearnaí, Treodóireacht do Theaghlaigh  agus do Leanaí, Siúlóidí Sealgaireachta, Snámh Foraoise, agus Cniotáil agus Comhrá.

## An Ciste Aitheantais Pobail

Thug an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail an Ciste Aitheantais Pobail isteach in 2023 mar aitheantas ar an rannchuidiú atá á thabhairt ag pobail fud fad na tíre i dtaobh na ndaoine atá ag teacht anseo ón Úcráin agus ó thíortha eile a fháiltiú agus cóiríocht a sholáthar dóibh. Tá mar aidhm ag an gCiste tacú le bonneagar agus saoráidí pobail a fhorbairt a úsáidfidh gach ball den phobal amach anseo.

I gcomhréir leis an scéim cistithe seo, fuair Comhairle Contae Cheatharlach leithdháileadh €937,967.00 agus ceadaíodh 9 dtionscadal ar fud Chontae Cheatharlach. Is iad na tionscadail ar cuireadh tús leo i rith 2023:

| **Ceantar Bardasach** | |
|---|---|
| Ceatharlach | ➔ Oibreacha feabhsúcháin ar Pháirceanna agus Spásanna Oscailte i mBaile Cheatharlach<br>➔ Oibreacha feabhsúcháin ar Pháirc Ghníomhaíochta agus Rothar Hanover<br>➔ Oibreacha feabhsúcháin ar Pháirc Foraoise Pháirc na Darach<br>➔ An Gairdín Beo - Oibreacha Feabhsúcháin ar Ghairdín Pobail<br>➔ Mol Iomlánaíoch Ban Cheatharlach a fhorbairt ag Comhpháirtíocht Forbartha Chontae Cheatharlach<br>➔ Ionad Oibrithe Deonacha Cheatharlach - Oibreacha Athchóirithe Foirgnimh |
| An Tulach | ➔ Tionscadal Bonneagair Pobail Bhalana |
| Muine Bheag | ➔ Páirc Bhithéagsúlachta Seomra Ranga Amuigh Mhuine Bheag<br>➔ Spás Caitheamh Aimsire agus Conláiste a Chruthú i Muine Bheag |



# Pobal, Caitheamh Aimsire agus Conláiste

Bronnadh **133** Deontas (Scéim Deontais Comhshaoil/Conláiste 2023- Suim Iomlán €65,000)

Iarratas ar Mhórtas Ceantair **81**

Bronnadh 268 deontas faoi Chistí Lánroghnacha CCC ar luach **€123,545.79**

Cuireadh **16** Imeacht ar bun i rith Sheachtain an Aosaithe Dhearfaigh 2023 inar ghlac breis agus 1,000 duine páirt

Buiséad SICAP **€845,800** don bhliain 2023

Cistiú **€267,099** faighte faoi Scéim CLÁR 2023

## Mórtas Ceantair Cheatharlach 2023

Seoladh comórtas Mhórtas Ceantair Cheatharlach sa Chrannlann, Leithghlinn an Droichid an 2 Feabhra 2023. Mar chuid den seoladh seo, cuireadh ceardlann ar siúl inar cuireadh crainn agus inar tugadh aire dóibh leis an aoichainteoir Gary Graham agus Éamonn Wall, Príomhgharraíodóir na Crannlainne.

Fuarthas 81 iarratas, ar an iomlán, faoi na catagóirí éagsúla agus thit an tasc deas, ach deacair, le moltóireacht a dhéanamh amach i rith mhíonna an tsamhraidh.

Cuireadh oíche bhronnta gradam Mhórtas Ceantair ar bun Déardaoin, an 7 Nollaig in Óstán an Woodford Dolmen inar fhreastail líon iomlán tí de lucht féachana.

Moladh agus gabhadh buíochas le pobail Chontae Cheatharlach as ucht a n-iarrachtaí. Bronnadh go leor duaiseanna ar na grúpaí dianoibre ach bronnadh na buaiteoirí iomlána i gCatagóir na mBailte agus na Sráidbhailte ar phobal Bhalana agus bronnadh na buaiteoirí iomlána i gCatagóir na nEastát ar Chumann Cónaitheoirí Barrowlough.

Bronnadh Corn Michael Deering ar Bhailte Slachtmhara Ráth Bhile. Bronnadh an Gradam Aonair ar Mary Nolan ón mBaile Nua mar aitheantas ar a hobair dhian agus a tiomantas le himeacht na mblianta.

Bhronn Comhairle Contae Cheatharlach breis agus 60 duais arbh fhiú €17,500 iad ar ghrúpaí pobail ar fud an Chontae. I measc na gcatagóirí, bhí chuimsiú Bailte agus Sráidbhailte, Eastáit, Gairdín Pobail, Gairdín Tosaigh, Áitreabh Tráchtála, Gradaim Aonair agus Óige.




*Buaiteoirí foriomlána Chatagóir na nEastát, Cumann Cónaitheoirí Barrowlough leis an gCathaoirleach, an Comh. Andrea Dalton*




*Buaiteoir Óige, Hilary Minchin le Eleanor Deegan, Moltóir ar Mhórtas Ceantair Cheatharlach*



*Ceardlann Mhórtas Ceantair Cheatharlach sa Chrannlann*




*Buaiteoir an ghradaim aonair, Mary Nolan le hionadaí an PPS. Eileen Doyle, urraitheoirí na catagóire*

Scéim Deontais Comhshaoil/Conláiste 2023

Bronnadh 133 deontas, ar an iomlán, ar Ghrúpaí Pobail/Chumainn Chónaitheoirí agus ar scoileanna ar fud an chontae. I measc na hoibre faoinar tugadh, bhí:

- Bearradh féir, bearradh fálta, bearradh crann, crainn agus toir dhúchasacha nua a chur.
- Barrfheabhsú an limistéir choitinn ghlais ar mhaithe le gach ball den eastát.
- Soithí Plandaí agus Boscaí Fuinneoige a Chothaíonn Pailneoirí.
- Suíochánra agus binsí a sholáthar sa láthair picnicí.
- Comharthaíocht, cosáin a dheisiú agus athsholáthar agus leapacha a Chothaíonn Pailneoirí a fhorbairt.

Bronnadh cistiú breise €65,000 in 2023.

## Cistiú Lánroghnach 2023

Bhronn Comhaltaí Tofa 268 deontas, ar an iomlán, ar chumainn chónaitheoirí, grúpaí Bailte Slachtmhara, eagraíochtaí pobail agus deonacha, scoileanna, agus eagraíochtaí spóirt óna gCistí Lánroghnacha ar luach €123,545.79.

## Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC) Cheatharlach

Tá an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil comhdhéanta de naoi gcomhalta dhéag, idir chomhaltaí reachtúla agus chomhaltaí neamhreachtúla, agus tá ceathrar díobh ina gcomhaltaí tofa. Maidir le ballraíocht, chuaigh John Murphy (PPN um Ionchuimsiú Sóisialta) agus Noel Barry (an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí), baill sheanbhunaithe ar a bhfuil an-mheas, ar scor i bhFeabhra 2023 agus Samhain 2023, faoi seach.

Líonadh na folúntais seo a leanas sa chéad ráithe in 2023: thogh an PPN Damien Howard leis an bhfolúntas Pobail agus Deonach a líonadh, toghadh Agnita Kenny leis an bhfolúntas san Earnáil Sochaí Cathartha/ Ealaíon a líonadh agus toghadh Áine Gahan leis an bhfolúntas sa PPN um Ionchuimsiú Sóisialta a líonadh.  Tháinig Coilín O'Reilly i gcomharbas ar Michael Rainey, Príomhfheidhmeannach Eatramhach, mar Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Cheatharlach. 10 LCDC agus 11

## An Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP) 2023-2029

Soláthraíodh forbairt an LECP nua 6 bliana (2023-2029) trí obair na sainchomhairleoirí, People and Place Ltd, a oibríonn le Coiste Stiúrtha Comhairleach an LECP, i dtaobh clár cuimsitheach comhairliúcháin Phróifíl Shocheacnamíoch Cheatharlach, an Dréachtráiteas Socheacnamíoch agus 6 Dhréachtsprioc Ardleibhéil a sholáthar sa tréimhse ó Nollaig 2022 go hAibreán 2023. Tugadh an Dréachtphróifíl Shocheacnamíoch agus na 6 Sprioc Ardleibhéil os comhair an LCDC agus an Choiste um Beartais Straitéiseacha um Chultúr, Leabharlanna agus Forbairt Dhigiteach, Turasóireacht, Fiontraíocht agus Forbairt Gheilleagrach i mBealtaine 2023. Rinneadh na Cuspóirí agus na Torthaí agus an Plean um Chur i bhFeidhm a fhorbairt agus a chomhaontú leis na príomhpháirtithe leasmhara idir Bealtaine agus Meán Fómhair maidir le gníomhartha faoi stiúir na Sainchomhairleoirí agus Choiste Stiúrtha Chomhairleach an LECP. Chomh maith leis sin, rinneadh Scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí in Iúil/Lúnasa ar Dhréacht-Chreatcháipéis an LECP, inar deimhníodh nár theastaigh Measúnacht Chuí uaithi. Cuireadh an tuarascáil seo agus Dréacht-Chreatcháipéis an LECP faoi bhráid an Tionóil Réigiúnaigh i Lúnasa agus fuarthas faomhadh ag a gcruinniú Tionóil an 8 Meán Fómhair, agus aithníodh gur cháipéis í a bhí ar chaighdeán maith. Tugadh ansin é go dtí gach ceann de na 3 Cheantar Bhardasacha i nDeireadh Fómhair le haghaidh athbhreithniú agus fógra oifigiúil. Tugadh cead ag cruinniú na Comhairle, a tionóladh Dé Luain, an 13 Samhain, do Chreatcháipéis LECP Cheatharlach 2023- 2029, agus don Phlean um Chur i bhFeidhm 2 bhliain. Ba é Ceatharlach an 3ú contae, go náisiúnta, ar éirigh leis a bpróiseas forbartha agus faofa LECP a chríochnú.

## An Clár um Fhorbairt Tuaithe 2014-2020 (LEADER) agus Clár Idirthréimhseach LEADER 2021-2022

Tháinig an Clár um Fhorbairt Tuaithe 2014-2020 (LEADER) agus Clár Idirthréimhseach LEADER 2021-2022 chun deiridh go hoifigiúil an 31 Nollaig 2022. Cheadaigh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail síneadh go dtí an 31 Nollaig 2023. Bhí €20,000 den bhuiséad fós le caitheamh faoi dheireadh Lúnasa, an spriocdháta leis an tionscadal a sheoladh/a cheadú. Lean tionscadail neamhchaipitil bheaga le hiarratas a dhéanamh ar chistiú a fhaide leis an spriocdháta i Nollaig. Tá spriocdháta i Meitheamh 2024 leagtha síos le hiarratais a phróiseáil agus le tionscadail a chríochnú chun an cistiú a leithdháileadh a tharraingt anuas.

## An Clár um Fhorbairt Tuaithe 2023-2027 a Sholáthar agus a Fhorbairt

Tugadh faoi phróiseas tairisceana le Straitéis Forbartha Áitiúil LEADER Cheatharlach (LDS) a fhorbairt agus críochnaíodh é an 12 Aibreán 2023. Ceapadh Sainchomhairleoirí Daoine agus Áite. Thit comhairliúchán daingean 3 seachtaine amach inar cuimsíodh 5 chruinniú phoiblí, grúpaí fócais geografacha agus téamacha, seisiúin idirghníomhacha agus éascaithe, cruinnithe ar líne, suirbhé agus cruinniú aghaidh ar aghaidh le príomhpháirtithe leasmhara. Thit



*Baill 2LCDC (ó chlé): an Príomhfheidhmeannach Coilín O'Reilly, Cathaoirleach an LCDC, Lynda Stacey agus POF Chomhpháirtíocht Forbartha Chontae Cheatharlach, Annette Fox ag síniú chonarthaí LEADER agus SICAP*

comhairliúchán leis an LCDC amach ag a gcruinniú an 9 Bealtaine. Bronnadh an dréacht-LDS ag an gcruinniú an 11 Iúil ar na baill agus pléadh é agus ceadaíodh é dá bharr lena sheoladh ar aghaidh. Fógraíodh an 30 Lúnasa gurbh iad Ceatharlach agus Tiobraid Árann an chéad dá chontae a fuair ceadú dá LDSanna ón Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail, Heather Humphreys. Shínigh na comhpháirtithe ábhartha an comhaontú cistithe, an LAG, LCDC Cheatharlach, an Comhpháirtí um Chur i bhFeidhm, CCDP agus an Comhpháirtí Airgeadais, Comhairle Contae Cheatharlach, i ndiaidh chruinniú an LCDC an 12 Nollaig.

## An Clár Gníomhachtaithe Ionchuimsithe Shóisialta agus Pobail (SICAP)

Is é 2023 an 6ú bliain de Chlár SICAP ina gcumhdaítear an tréimhse ó 2018 go 2023 ina gcuimsítear síneadh go dtí an 31 Nollaig 2023. Is é an LCDC an t-údarás conarthach agus is í Comhpháirtíocht Forbartha Chontae Cheatharlach an Clárfheidhmeoir. Suíomh amháin ar mhaithe leis an gclár seo é Contae Cheatharlach. Ba é an buiséad don bhliain 2023 €845,800.00.

## An Clár um Ghníomhachtú an Ionchuimsithe Shóisialta sa Phobal (SICAP) 2024-2028 nua a sholáthar

Foilsíodh an glaoch ar Thairiscintí don Chlár um Ghníomhachtú an Ionchuimsithe Shóisialta sa Phobal (SICAP) 2024 go 2028 nua, ar fiú €5 mhilliún é do Cheatharlach, ar eTenders Dé Luain, an 17 Iúil agus ba é an spriocdháta le tairiscintí a fháil Dé hAoine, an 8 Meán Fómhair. I ndiaidh tréimhse dhian mheasúnaithe agus idirbheartaíochta ag Foireann Measúnaithe SICAP, ar a ndearna Oifigeach Soláthair Chomhairle Contae Cheatharlach, Gerard Dooley, cathaoirleacht, i rith Mheán Fómhair agus Dheireadh Fómhair, measadh gurbh iad Comhpháirtíocht Forbartha Chontae Cheatharlach (CCDP) an tairgeoir rathúil agus ceapadh iad mar an Clárfheidhmeoir. Síníodh an conradh nua idir LCDC Cheatharlach agus CCDP tar éis chruinniú an LCDC an 12 Nollaig. Ceadaíodh méadú ar Bhuiséad Bliantúil 2024 ag an gcruinniú seo i Nollaig aníos ó Bhuiséad Bliantúil €655,941 go €700,184 agus soláthraíodh buiséad breise €120,098 do rannpháirtithe, a mhéadaigh aníos é go dtí luach iomlán €820,282.

## An Ciste Tacaíochta Pobail 2023

- Leithdháileadh €283.141.00 ar LCDC Cheatharlach in 2023. Roinneadh seo mar seo a leanas: €138,739 do Chistiú Reatha lena úsáid i dtreo costais reatha/oibriúcháin fuinnimh, €141,570 do Chistiú Caipitil agus €2,831 imfhálaithe do Bhotháin na mBan. Cheadaigh an LCDC, i gcomhréir le treoirlínte na Roinne, go roinnfí an Ciste Caipitil do 70% den chistiú spriocdhírithe ar luach €99,099.00 tríd an bhFóram um an Ionchuimsiú Sóisialta agus 30% den chistiú ar luach €42,471.00 do dheontais €2,000 nó níos lú. Cheadaigh an Roinn tearc-chaitheamh na bliana roimhe sin do Chaiteachas Caipitiúil a athleithdháileadh, arbh ionann sin agus €35,106.83. Sannadh é seo don Chiste Caipitil beag, a mhéadaigh aníos é go dtí luach iomlán €77,577.83.
- Fuair 116 grúpa/eagraíocht phobail, ar an iomlán, ó áiteanna ar fud na dtrí Cheantar Bhardasacha cistiú.

## Oifigeach Forbartha Pobail

D'oibrigh an t-oifigeach forbartha pobail go dlúth le grúpaí pobail, cumainn chónaitheoirí agus eagraíochtaí i gCeatharlach i rith 2023. Soláthraíodh Lámhleabhar Treoirlínte do Chumainn Chónaitheoirí nuafhorbartha do ghrúpaí ar fud Cheatharlach trí Ghradaim Mhórtas Ceantair 2023. Ghlac breis agus 500 duine páirt i Meitheamh 2023 i gceardlanna agus gníomhaíochtaí Bagenalstown in Bloom.

Tá fás tagtha ar an imeacht ó bhliain go bliain agus thit 16 cheardlann amach in 2023 agus cuireadh tóraíocht taisce snáthbhuamála ar siúl freisin ar fud an bhaile chomh maith le himeachtaí féile sa Ghairdín Pobail. Thacaigh Rannóg Pobail Chomhairle Contae Cheatharlach, Áiteanna Cruthaitheacha, Muine Bheag (Creative Places Bagenalstown), SICAP agus KCETB leis na himeachtaí seo.

Chomhoibrigh Rannóg Pobail Cheatharlach in Iúil 2023 le Comhpháirtíocht Spóirt Cheatharlach d'imeachtaí Lá Náisiúnta an tSúgartha bunaithe ar an téama 'Iontas agus Fionnachtain'.

Ghlac 203 duine páirt in Imeachtaí Sheachtain an Aosaithe Dhearfaigh i nDeireadh Fómhair 2023 in 2 Shiúlóid Páirce Aosaithe Dhearfaigh agus ghlac 350 duine páirt in 12 Mhaidin Chaife Aosaithe Dhearfaigh faoi stiúir an phobail.

Agus chríochnaigh 37 gairmí ó 22 eagraíocht ar fud Cheatharlach Oiliúint Scileanna Cinntitheora. Ghlac 35 duine páirt i Samhain 2023 in Oiliúint Feasachta ar Néaltrú a fhad le seoladh an Cabin Café, an chéad Chaifé i gCeatharlach a thacaíonn le Néaltrú atá cleamhnaithe le Líonra Caiféanna Néaltraithe na hÉireann. Sholáthair FSS agus Tuiscint le Chéile (Understanding Together) oiliúint do bhaill d'Fhóram Seanóirí Cheatharlach agus d'Fhoireann ó Chomhairle Contae Cheatharlach.

D'fhorbair tionscadal comhoibritheach le Rannóg Pobail Cheatharlach, Ceatharlach Sláintiúil, Seirbhísí don Ógra Réigiúnacha Cheatharlach agus Stáisiún Gardaí Cheatharlach eispéireas pictiúrlainne lasmuigh do dhaoine óga agus a dteaghlaigh. Taispeánadh réamhbhlaiseadh san imeacht seo a rinne daoine óga i Seirbhís don Ógra, Ceatharlach leis na rudaí a bhaineann lena seirbhís a thaispeáint agus taispeánadh scannán de théama na Nollag agus tugadh cuairt ar Dhaidí na Nollag ina dhiaidh sin.

## Aoisbhá Cheatharlach

Chas Comhaontas Idirghníomhaireachta Aoisbhá Cheatharlach, ar a ndéanann Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Cheatharlach cathaoirleacht, le chéile ar bhonn ráithiúil i rith 2023 le pleanáil agus seirbhísí do dhaoine breacaosta i gContae Cheatharlach a fheabhsú. I measc an phríomh-aschuir ó ghníomhartha Aoisbhá Cheatharlach in 2023, bhí: próiseas soláthair a chríochnú le sainchomhairleoir a roghnú le hathbhreithniú a dhéanamh ar an iarphlean straitéiseach agus le plean straitéiseach nua a fhorbairt; síneadh a chur leis an gComhaontas le príomhpháirtithe leasmhara a chur san áireamh; tacú le Fóram Seanóirí Cheatharlach a fhorbairt; 16 imeacht a sholáthar ina raibh baint ag breis agus 1,000 duine i rith Sheachtain an Aosaithe Dhearfaigh 2023. Ceapadh Faith Amond tar éis próiseas gearrliostaithe mar Ambasadóir Aoisbhá Cheatharlach i rith Sheachtain an Aosaithe Dhearfaigh. Post oinigh é seo leis an gclár aoisbhá agus le tionscnaimh aoisbhá áitiúla a chur chun cinn agus a thabhairt chun solais. Anuas air sin, cuireadh dhá thionscadal ó Chomhairle Contae Cheatharlach, ón Rannóg Comhshaoil agus ó Leabharlanna ar an ngearrliosta le haitheantas a fháil ag searmanas Gradaim Ghaisce Náisiúnta Aoisbhá, agus bhuaigh aighneacht an Chomhshaoil ina chatagóir

## Comhairle na nÓg

Thug baill Chomhairle na nÓg tús áite in 2023 do 'Idirdhealú' mar a dtéama agus áiríodh lena n-aschur i dtaobh a ngníomhartha i leith an téama seo a chur in iúl: scannáin a dhéanamh, podchraoltaí, bileoga agus na meáin shóisialta. Chuir baill **Chomhairle na nÓg** a gCruinniú Ginearálta Bliantúil ar siúl i Samhain 2023 agus ghlac 87 duine óg ó 12 scoil páirt. Ba iad na hábhair nua a roghnaíodh don bhliain 2024 Íomhá Coirp agus Cibear-bulaíocht. Fuarthas cistiú €25,000 faoi Chiste Forbartha Chomhairle na nÓg 2023 ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (DCEDIY) chun tacú le hoibriú agus éascú Chomhairle na nÓg Cheatharlach.

## Grúpa Idirghníomhaireachta Taistealaithe Cheatharlach

Oibríonn Grúpa Idirghníomhaireachta Taistealaithe Cheatharlach lena chinntiú







go ndíríonn na gníomhaireachtaí ábhartha reachtúla agus na tionscnaimh lena dtacaíonn an stát atá bainteach le réimse seirbhísí a sholáthar do Thaistealaithe ar sholáthar comhtháite na seirbhísí siúd a fheabhsú. I measc an ionchuir don bhliain 2023, bhí: críochnú agus seoladh Mheasúnú Riachtanais agus Phlean Straitéiseach 2023-2026 Ghrúpa Idirghníomhaireachta Taistealaithe Cheatharlach; tacaíocht a sholáthar don rannpháirtíocht idirghníomhaireachta agus trasrannach i ngníomhartha na straitéise; fuarthas cistiú ó Chuntais Dhíomhaoine d'oiliúint feasachta ar chultúr Taistealaithe; agus idirchaidreamh leis an Roinn maidir le riachtanais tuairiscithe agus chistithe. Glacann baill an CTIG, gníomhaireachtaí agus pobail áitiúla le ról ríthábhachtach chun teacht ar eolas agus le caidreamh a fhorbairt le Taistealaithe ar fud an chontae. Úsáidtear an t-eolas a bhailítear leis an tseirbhís a phleanáil agus leis an CTIG a fhorbairt amach anseo le torthaí níos fearr a bhaint amach do Thaistealaithe agus le húsáid acmhainní a fheabhsú. Fuarthas €18,228 ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige atá nasctha le Grúpa Idirghníomhaireachta Taistealaithe Cheatharlach. Soláthróidh an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige deontas €18,228.00 faoi théarmaí agus coinníollacha a leagtar amach sa Chomhaontú seo chun an tionscadal a chur i bhfeidhm don tionscadal do sheirbhísí do Thionscnaimh Taistealaithe agus Romach. Cuirtear an cistiú seo ar fáil leis na cuspóirí a chur chun cinn atá sa Straitéis Náisiúnta um Lánpháirtiú an Lucht Siúil agus na Romach.

## Ceatharlach Sláintiúil

Is é 2023 an chéad bhliain i straitéis trí bliana do Cheatharlach Sláintiúil. Fuair Comhairle Contae Cheatharlach €236,000 i rith na dtrí bliana. Tá gach clár lena dtacaítear faoi chistiú Éire Shláintiúil d'fhad na straitéise ag díriú ar leibhéil mheabhairshláinte dearfaí a mhéadú dóibh siúd inár dtrí spriocghrúpa a sainaithníodh: ógánaigh, daoine breacaosta, teaghlaigh faoi mhíbhuntáiste agus teaghlaigh aontuismitheora.

Thacaigh Ceatharlach Sláintiúil in 2023 le roinnt cláir an-dearfacha, na samplaí seo a leanas ina measc: The Cabin Cafe, caifé a thacaíonn le daoine ar a bhfuil néaltrú, a chuireann tacaíocht agus deis shóisialta ar fáil dóibh siúd ar a bhfuil néaltrú agus dá gcúramóirí; Feirmeoireacht Shóisialta, a thugann deis do dhaoine faoi mhíbhuntáiste eispéireas tacúil, sláintiúil agus ionchuimsitheach a fháil i saol na feirmeoireachta; Amhránaíocht ar mhaithe le Folláine (Singing for Wellbeing), tionscnamh amhránaíochta grúpa a bhfuil an-tóir air i gCeatharlach; Soláthraítear i gclár snámha do Mhná Moslamacha agus dá leanaí spás sábháilte chun deiseanna sóisialta a thapú agus imeascadh isteach i bpobail a spreagadh.

Ghlac 691 duine i gCeatharlach páirt i gcláir, oiliúint agus imeachtaí a cistíodh trí Cheatharlach Sláintiúil in 2023.

## An Scéim Bonneagair Áineasa Taobh Amuigh

Chuir Ceatharlach isteach ar chistiú do na tionscadail seo a leanas in 2023 faoin Scéim Bonneagair Áineasa Taobh Amuigh:

- Uasghrádú ar na Naoi gCloch – oibreacha feabhsúcháin ina gcuimseofaí leithris phoiblí agus áiseanna lónadóireachta a sholáthar – cuireadh isteach ar €447,480.
- Céim 2 de Nasc Shráidbhaile na Buiríse – críochnaíodh an cosán a thógáil a cheanglaíonn Bealach Laighean Theas ag an mBuiríos le Bealach na Bearú ag Droichead Bhaile Thaidhg Léith – cuireadh isteach ar €175,000.

Táthar ag fanacht go fóill ar chinneadh ar an dá iarratas.

## CLÁR

Fuair Ceatharlach cistiú faoi Scéim CLÁR 2023 do na tionscadail seo a leanas.

| Tionscadal | Méid |
|---|---|
| Halla Bhaile Uí Mhurchú | €42,791 |
| Scoil Náisiúnta Bhaile Uí Mhurchú | €22,829 |
| Scoil Náisiúnta Dhroim Féich | €40,680 |
| Club Liathróid Láimhe na Garbhchoille | €40,500 |
| CLG Sheanleithghlinne | €49,950 |
| Cúirt Chispheile Pobail na Dromann | €41,729 |
| Scoil Náisiúnta Naomh Mícheál | €28,620 |

## Scéim Deontais Caipitil Súgartha agus Caitheamh Aimsire 2023

Bronnadh deontas caipitil €14,873 ar Chomhairle Contae Cheatharlach chun cúirt bheag chispheile a chur isteach agus oibreacha gaolmhara a dhéanamh i bPáirc Ghníomhaíochta Hanover, Baile Cheatharlach.

## Údarás Áitiúil Oileáin Chomhroinnte Scéim Cistithe Forbartha

D'éirigh le Comhairle Contae Cheatharlach bronnadh €250,000 a fháil faoin Scéim Cistithe Forbartha Oileáin Chomhroinnte in 2022. Tugadh an cistiú le staidéar indéantachta Uile-Éireann a sholáthar le forbairt agus toradh geilleagrach bhealach siúil Bhealach Cholm Cille atá go hiomlán nasctha, a thrasnaíonn ó Thuaidh agus ó Dheas, a scóipeáil. Rinne Comhairle Contae Cheatharlach mar an phríomh-Chomhairle don tionscadal agus Comhairle Buirge na hArda agus an Dúin Thuaidh mar an príomh-chomhpháirtí sa tionscadal, ag gníomhú di in éineacht le naoi nÚdarás Áitiúla eile (sé cinn ón Deisceart agus trí cinn ón Tuaisceart), Grúpa Stiúrtha a bhunú le maoirseacht a dhéanamh ar sholáthar an tionscadail.

I ndiaidh próiseas soláthair, bronnadh an conradh chun tabhairt faoin Staidéar Indéantachta ar Bhealach Cholm Cille Uile-Éireann ar Outdoor Recreation Northern Ireland (ORNI) go déanach i Márta 2023. Tionóladh 5 chruinniú idir ORNI agus an Grúpa Stiúrtha i gcaitheamh na bliana chun athbhreithnithe a dhéanamh ar dhréachtaí a pléadh agus a leasaíodh. Críochnaíodh an Staidéar Indéantachta agus an Cás Gnó deiridh do Bhealach Cholm Cille Uile-Éireann i Samhain 2023 agus cuireadh faoi bhráid Roinn an Taoisigh ina dhiaidh sin iad.

## Entente Florale

Mar gheall ar chúinsí gan choinne, cuireadh an comórtas siar go dtí bliain eile agus titfidh an Mholtóireacht amach in Iúil 2024. I dturas an ama, i ndiaidh an bealach lenar aontaíodh a shiúl, thug Innealtóir an Bhaile, Barry Knowles, agus a fhoireann faoi oibreacha i rith 2023 chun ullmhú don bhliain 2024.

## Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN) Cheatharlach

Fuair PPN Cheatharlach cistiú iomlán bliantúil €120,700, ina raibh €35,000 ó Chomhairle Contae Cheatharlach agus €85,700 ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

Bhí 358 ballghrúpa gníomhach, ar an iomlán, cláraithe le PPN Cheatharlach ag deireadh 2023.

| Coláistí | Líon Ball |
|---|---|
| An Coláiste Comhshaoil | 13 |
| An Coláiste Ionchuimsithe Shóisialta | 37 |
| An Coláiste Pobail agus Deonach | 308 |

- Déantar ionadaíocht pobail do Líonra Rannpháirtíochta Pobail Cheatharlach ar 32 suíochán ar raon éagsúil bord agus coistí

a chuireann glór an phobail san áireamh i gcúrsaí cinnteoireachta ar na rudaí seo a leanas: 4 SPC ina gcuimsítear 1. An Coiste um Beartais Straitéiseacha um Pleanáil, Comhshaol, Gníomhú ar son na hAeráide agus na Bithéagsúlachta, Fuinneamh agus Talmhaíocht, 2. An CBS Iompair agus Bonneagair, 3. An CBS Tithíochta, Pobail agus Folláine agus, 4. An CBS um Chultúr, Leabharlanna agus Forbairt Dhigiteach, Turasóireacht, Fiontraíocht agus Forbairt Gheilleagrach

- An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC)
- Bord Turasóireachta Cheatharlach
- Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí agus Alcóil an Oirdheiscirt
- An Comhchoiste Póilíneachta
- Fóram Forbartha Cheatharlach

Bhí líon beag folúntas ann i measc ionadaithe ag deireadh 2023, agus lorgaíonn an PPN go gníomhach leis na suíocháin siúd a líonadh.

Bhí ionchur ag PPN Cheatharlach in 12 chomhairliúchán agus i suirbhéanna ar réimse fairsing saincheisteanna áitiúla agus náisiúnta, mar shampla: Ceathrú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta Rialtais Oscailte na hÉireann, 2023-2025, Comhairliúchán Poiblí an Choimisiúin Tithíochta, Comhairliúchán Poiblí Sheanad Éireann ar Thodhchaí an Daonlathais Áitiúil, an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí - Dliteanas Clubanna, Cumann agus Comhlachas Neamhchorpraithe eile, Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2023-2029 Cheatharlach, Fógra Rúin um Dhúnadh Sealadach Bóithre Chomhairle Contae Cheatharlach, Straitéis Oiriúnaithe d'Athrú Aeráide Chomhairle Contae Cheatharlach, agus Dréachtphlean um Ghníomhú ar son na hAeráide Chomhairle Contae Cheatharlach 2024-2029.

## EU50

Fuarthas deontas €7,500 ón Roinn Gnóthaí Eachtracha do chistiú faoi chlár **Imeachtaí EU50** faoi stiúir an Údaráis Áitiúil. Tacóidh an scéim cistithe seo le himeachtaí/tionscadail faoi stiúir údarás áitiúil, a dhoimhneoidh feasacht phoiblí ar an ról a ghlacann an tAontas Eorpach inár saol laethúil ar leibhéal áitiúil agus réigiúnach. Thit an t-imeacht amach ar Lá na hEorpa, an 9 Bealtaine 2023.

## Lá na hAfraice

Fuarthas €7,400 i dtreo imeachtaí a eagrú le **Lá na hAfraice** 2023 a cheiliúradh. Bíonn Lá na hAfraice, a d'ainmnigh Aontas na hAfraice mar cheiliúradh bliantúil ar aontacht na hilchríche, ar siúl an 25 Bealtaine gach bliain. Ba í an Roinn Gnóthaí Eachtracha a chuir ceiliúradh Lá na hAfraice chun cinn in Éirinn ó 2006 agus tacaíonn Cúnamh Éireann le clár tionscnamh pobalbhunaithe agus atá dírithe ar bheartas timpeall na tíre ar bhonn bliantúil.

# Comhpháirtíocht Spóirt Cheatharlach (CSP)

**3,074**
An líon rannpháirtithe i gcláir agus tionscnaimh Chomhpháirtíocht Spóirt Cheatharlach

**47,113**
An líon amharc digiteach a baineadh amach ar 49 ríomhfheasachán seachtainiúil

**22,061**
An líon amharc a baineadh amach ar www.carlowsports.ie

**€57,500**
An cistiú a dáileadh ar 58 cumann agus grúpa pobail

**€153,500**
An cistiú a fuarthas trí Chiste na gCuntas Díomhaoin

**12**
An líon feachtais náisiúnta a cuireadh chun cinn agus ar tacaíodh leo trí Chomhpháirtíocht Spóirt Cheatharlach

**Rinne Comhpháirtíocht Spóirt Cheatharlach ceiliúradh in 2023 ar bhliain an-rathúil agus ina ndearnadh go leor rannpháirtíochta sa phobal. Idir mhná a chumasú tríd an tSeachtain Siúlóidí do Mhná sa Spórt, a bhfuil an-tóir uirthi, inar éirigh le 40 bean Sliabh na mBan dúshlánach a dhreapadh, agus éagsúlacht chultúrtha a chothú leis an gclár Cruicéid a tugadh isteach, a mheall mná ó náisiúntachtaí éagsúla agus ar bunaíodh foireann cruicéid shóisialta i Muine Bheag dá bharr.**

Leanadh i mbliana chomh maith leis an gclár Buggy Buddies, a thugann deiseanna do thuismitheoirí nua chun tabhairt faoi ghníomhaíocht choirp agus timpeallacht thacúil dóibh. Ghlac breis agus 150 bean agus cailín sna déaga páirt i 'Seachtain Taobh Amuigh HER' i Lúnasa i réimse gníomhaíochtaí, a léirigh tiomantas na comhpháirtíochta do chaitheamh aimsire taobh amuigh.

Léirigh tabhairt isteach clár cosúil le "Wise and Well" agus "Seandaoine Gníomhacha" ("Active Agers"), agus an tsraith siúil "Wednesday Wanderers" a bhunú tiomantas na comhpháirtíochta d'aosú gníomhach agus nascacht shóisialta a chur chun cinn. Rinne Comhpháirtíocht Spóirt Cheatharlach comhordú agus éascú freisin ar réimse cláir ionchuimsitheacha ghníomhaíochta coirp ar fud Cheatharlach. Cheadaigh campaí ionchuimsitheacha i rith na Cásca, an tSamhraidh agus Oíche Shamhna leanaí faoi mhíchumas páirt a ghlacadh i réimse fairsing gníomhaíochtaí. Thug Campaí Foghlama Rothaíochta breis agus 150 leanbh ar a n-aistir rothaíochta.

Tugadh Clár na mBunscoileanna isteach i Meán Fómhair 2023, a chuireann go leor gníomhaíochtaí éagsúla ar fáil do bhunscoileanna, Cóitseáil Cispheile san

áireamh, a chuirtear ar bun i gcomhar le SETU. Ba léir go raibh an-tóir ar chlár lúthchleasaíochta an Halla Scoile i measc scoileanna mar gheall go dtugtar an deis ann do ranganna sinsearacha glacadh le róil cheannaireachta nuair atá cóitseáil á déanamh acu ar na leanaí níos óige sa scoil. Spreag cláir na scoileanna breis agus 600 scoláire a bheith gníomhach mar chuid dá lá scoile.

Chuir an Chomhpháirtíocht Spóirt oideachas ar 431 duine trí 29 cúrsa ar Chosaint, Garchabhair, Cúram Éigeandála Tarrthála agus Feasacht ar Mhíchumas a chur ar siúl.

"D'fhreastail m'iníon 5 bliana ar an gcampa foghlama rothaíochta i gColáiste Phádraig. B'iontach an t-eispéireas é agus thug sé an-mhuinín di agus tá ag éirí go geal léi ó shin! Tá meon iontach ag na teagascóirí go léir agus téann siad in oiriúint gan stró do chumas gach linbh. Molaim 100% é."

"Tá an smaoineamh agus an machnamh a dhéantar ar thacaíochtaí oiriúnacha a dháileadh ar ár leanaí as cuimse. Tá riocht nua sláinte ar m'iníon, agus thug oibrí deonach a bhfuil eolas forleathan acu air tacaíocht di. Tá an deis le súgradh, idirghníomhú lena chéile agus aclaíocht luachmhar a dhéanamh an-luachmhar. Agus níl na campaí seo daor agus bíonn teacht ag gach duine orthu mar sin féin. Molaim go mór iad!"

Thug Comhpháirtíocht Spóirt Cheatharlach faoi réimse fairsing gníomhartha agus é ina chuspóir leibhéil rannpháirtíochta sa spórt agus i ngníomhaíocht choirp a mhéadú i bpobail áitiúla.



**Ghlac 535 duine faoi mhíchumas páirt in 8 gclár gníomhaíochta coirp spriocdhírithe**

**Ghlac 548 bean páirt i 7 dtionscnamh ar a ndírítear a thacaíonn le mná**

**Ghlac 195 duine fásta breacaosta páirt i 6 chlár aosaithe ghníomhaigh**

**Bronnadh deontais rannpháirtíochta ar luach €73,450 ar 77 cumann spóirt, grúpa pobail, agus eagraíocht dheonach áitiúil**

**Chríochnaigh 431 duine 29 cúrsa oiliúna**

**Ghlac 365 leanbh faoi mhíchumas páirt i 9 gcampa ionchuimsitheacha**

**Ghlac 200 duine páirt sa Bhlitzchomórtas Sacair**

**Ghlac 251 duine páirt in Daoine Fásta Breacaosta Síoraclaí (Forever Fit Older Adults)**

**Bhí 390 Rothar Cothromaíochta i Scoileanna**

**131 Bothán na bhFear**










VISION
SPORTS
IRELAND

# An tSeirbhís Ealaíon

**34**

An líon ealaíontóirí agus grúpaí i gCeatharlach ar tugadh tacaíocht dóibh trí dheontais agus sparánachtaí ealaíon

**68**

An líon ealaíontóirí ar thacaigh 33 imeacht leo a bhainistigh an Oifig Ealaíon trí Oíche an Chultúir 2023

**4,000**

An líon leanaí a ghlac páirt in Glúin an Cheoil seachtainiúil ag 22 bunscoil agus 3 mheánscoil

**6,000**

An líon lucht féachana ar soláthraíodh siamsaíocht dóibh ag Féile Ealaíon Cheatharlach

**€194,161**

An cistiú iomlán a dáileadh ar Chlár Éire Ildánach Cheatharlach

**Glacann Seirbhís Ealaíon Cheatharlach le ról ríthábhachtach le forbairt ealaíon áitiúil a chothú trí obair go dlúth le pobail agus ealaíontóirí ar fud an chontae a dhéanann ionadaíocht d'ionchuimsiú, éagsúlacht, agus comhionannas. Cothaímid agus tacaímid lenár n-ealaíontóirí chun cabhrú lena gcleachtas agus a bpróisis ealaíonta a fhorbairt. Bhí clár Éire Ildánach Cheatharlach agus clár Oifig Ealaíon Cheatharlach ar an dá phríomhlimistéar oibre in 2023.**

## Éire Ildánach Cheatharlach Éire Ildánach Cheatharlach

D'fhoilsigh Foireann Cultúir an údaráis áitiúil Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta nua do Chontae Cheatharlach arb í an treochlár do na chéad chúig bliana eile amach romhainn. D'éirigh le Ceatharlach cistiú iomlán €194,161 a fháil, inar cuimsíodh Croíchistiú €161,161 agus cistiú €30,000 ó **Chruinniú na nÓg**. Rinne an tSeirbhís Ealaíon bainistiú ar **Chruinniú na nÓg** Cheatharlach freisin agus thit 28 imeacht ar leith amach ar fud Cheatharlach i Meitheamh 2023 do, le agus ag leanaí agus daoine óga. D'fhreastail 1,500 duine ar imeachtaí, rinneadh idirchaidreamh le **14** scoil éagsúla, oibríodh le **23** eagraíocht chomhpháirtithe agus sholáthair **60** ealaíontóir/éascaitheoir iad.

I measc na dtionscnamh eile faoi Éire Ildánach ar thacaíomar leo, bhí Gairm Oscailte ar ghrúpaí pobail agus d'éirigh le **23** tionscadal éagsúil cultúrtha ar fud an chontae. Anuas ar

an gcroíchistiú, fuarthas €15,000 sa bhreis a thacaigh le Meaisín Ceoil Soghluaiste chun Ceolchoirmeacha Cúraim a sholáthar i dTithe Altranais agus in Ionaid Chúraim Lae ar fud Cheatharlach, agus thit 23 ceolchoirm amach. Fuarthas €19,000 chomh maith i dtreo thionscadal Toibreacha Beannaithe Thobar Cronabhán a chomhoibríonn leis an Oifig Oidhreachta faoin Scéim Cruthaitheachta i measc Daoine Breacaosta (Creativity in Older Persons). Fuarthas €10,000 do thionscadal rannpháirtíochta sna healaíona ar ar tugadh Cycles a thit amach ar fud Bhaile Haicéid, Ráth Bhile, na Gráige agus na Tulaí, Contae Cheatharlach agus fuarthas €29,000 sa bhreis do Ghlúin an Cheoil, Tionscadal Fánadóireachta Leabharlann Cheatharlach, Oideasú Sóisialta agus Folláine agus tionscadal píolótach a oibríonn le CAHMS (Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh FSS Cheatharlach). Ar deireadh, trí obair le healaíontóir agus le daoine óga rinneadh prionta ar a dtugtar Cozy Collective – comhoibriú le Seirbhísí don Ógra Réigiúnacha Cheatharlach, Teach John Sweeney, Bóthar na Tulaí agus Ógtheagmháil Cheatharlach a chomhdhearadh agus a chomhchruthú.

## Clár Oifig Ealaíon Cheatharlach 2023

Fuarthas **€100,000** trí obair i gcomhpháirtíocht le Comhairle Ealaíon na hÉireann. Fuarthas 35 iarratas agus lorgaíodh buiséad iomlán €78,436.52 **faoi Dheontais na nAchtanna Ealaíon – Ealaíontóirí**. Ba é an buiséad iomlán faoi Dheontais na nAchtanna Ealaíon d'Ealaíontóirí aonair **€36,400**. Fuair **22 ealaíontóir** deontais tar éis próiseas measúnaithe iomaíoch. Fuarthas 33 iarratas agus lorgaíodh buiséad iomlán €79,856 **faoi Dheontais na nAchtanna Ealaíon – Grúpaí/Eagraíochtaí Pobail**. Ba é an buiséad iomlán faoi Dheontais na nAchtanna Ealaíon do ghrúpaí agus eagraíochtaí pobail **€13,600**. Bronnadh cistiú i ndiaidh próiseas measúnaithe ar **12 ghrúpa pobail**, agus atreoraíodh roinnt grúpaí chuig Éire Ildánach le tacaíochtaí cistithe a fháil.

## Mol Ceardaíochta an AE

Fuair Seirbhís Ealaíon Cheatharlach 2 dheis idirnáisiúnta d'ealaíontóirí/dhéantóirí ceardaíochta chun taisteal go Matera, an Iodáil agus go hOsló, an Iorua le béim a leagan ar an obair a d'eascair as an gceird dhúchasach, Lása na Buiríse. Ag oibriú go dlúth leis na déantóirí lása, na healaíontóirí agus na comhpháirtithe idirnáisiúnta, dhear an tSeirbhís Ealaíon tionscadal Malartaithe Lása na Buiríse agus taispeánadh go hidirnáisiúnta é. D'eascair an tionscadal seo as tionscadal Lása na Buiríse sa Phost agus bhuaigh an dá thionscadal Gradaim um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil 2023 de chuid Chomhlachas Tráchtála na hÉireann – an Gradam Ag Cothú na nEalaíon.

## Oíche an Chultúir 2023

Tá an t-imeacht seo á bhainistiú ag an Oifig Ealaíon agus cuireadh **33 imeacht** ar bun agus thit chéad Oíche an Chultúir amach sa Tulach, Contae Cheatharlach, faoi stiúir grúpaí pobail agus le tacaíocht ón Oifig Ealaíon. Bhí Oíche an Chultúir thar a bheith rathúil, inrochtana, agus ionchuimsitheach. D'fhreastail **15,000** duine ar Oíche an Chultúir, Ceatharlach agus tacaíodh le 68 ealaíontóir i rith an imeachta. Thit **Go Déanach** ar **Oíche an Chultúir** (Culture Night Late) amach in Ionad VISUAL, Ceatharlach.

Thacaíomar le **Féile Ealaíon Cheatharlach** in 2023 trí chistiú a dhéanamh ar stáitse **Carlow Live and Local** inar sheinn **18 gCeoltóir** áitiúla, idir gníomhartha aonair agus bannaí, i rith na féile agus d'fhreastail lucht féachana breis agus 6,000. Thacaíomar freisin le **Carnival of Collective Joy** inar ghlac breis agus 700 duine óg páirt a rinne mórshiúl trí Bhaile Cheatharlach i Meitheamh.

## An Tionscadal 'Gnáthóga Nádúrtha'

I gcomhoibriú le Comhairle Ealaíon na hÉireann agus Éire Ildánach, leanamar ag tacú le 'Gnáthóga Nádúrtha', tionscadal forbartha ealaíon fadtéarmach faoi stiúir Sheirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Cheatharlach a thabhairt isteach agus a chur i bhfeidhm i gcomhar le Comhairle Contae Chill Dara agus na Mí. Thacaigh an tionscadal le triúr ealaíontóirí in 2023 a bhí ag obair ar Phortach an Droimín, Contae Cheatharlach, Portach Ráth Iomgháin i gContae Chill Dara agus Portach na Greallaí i gContae na Mí inar fiosraíodh stair, oidhreacht, béaloideas, traidisiúin agus deasghnátha, scéalaíocht, ceol, filíocht shaibhir agus, rinneadh léarscáiliú cuimsitheach pobail, oiliúint ar litearthacht éiceolaíochta agus



*Seoladh Oíche an Chultúir 2023, an Tulach*

eachtraí/imeachtaí ealaíontóra a chur ar bun i ngach láthair, trína gcleachtas ealaíon. Glactar le cur chuige ón mbun aníos sa tionscadal seo faoi stiúir ealaíontóirí agus, thar aon ní eile, tá na suíomhanna tábhachtacha Portaigh seo thar a bheith tábhachtach d'athrú aeráide a mhaolú mar gheall go stóráiltear na milliúin tonnaí de charbón iontu. Baineann plandaí a chruthaíonn móin, cosúil le caonach móna agus cíb, carbón ón atmaisféar agus cuirtear bealaí inrochtana ar fáil sa tionscadal seo dúinn go léir gníomhú ar son na haeráide agus buarthaí comhshaoil a fhiosrú, feasacht agus oideachas a mhúscailt, tacú le tionscnaimh faoi stiúir an phobail agus le forbairt ealaíontóirí agus comhtháthú sóisialta agus rannpháirtíocht/comhairliúchán gníomhach a spreagadh.

## Áiteanna Cruthaitheacha, Muine Bheag

Bronnadh 10 ndeontas chun tacú le tionscadail nua a bhunú ar fud an phobail, cór pobail, preabphictiúrlann, cláir cheoil, tionscadail chartlainne agus rannpháirtíocht óige ina measc. Ghlac **Áiteanna Cruthaitheacha, Muine Bheag** páirt freisin i gCruinniú na nÓg i gcomhar le scoileanna áitiúla i dtaobh cinneadh a dhéanamh ar scannán a thaispeáint ar ar fhreastail breis agus **500** duine áitiúil. D'oibrigh **Áiteanna Cruthaitheacha, Muine Bheag** le heagraíochtaí áitiúla le 2 lá de cheardlanna, scéalaíocht, ceol beo agus imeachtaí pobail a sholáthar mar chuid de '**Muine Bheag faoi Bhláth'** (Bagenalstown in Bloom). Tógadh comhpháirtíochtaí láidre áitiúla in 2023 faoi Áiteanna Cruthaitheacha, Muine Bheag leis an Rannóg Pobail, Comhairle Contae Cheatharlach, Comhpháirtíocht Spóirt Cheatharlach agus Ceatharlach Sláintiúil, Ionad Acmhainní Teaghlaigh Mhuine Bheag, Leabharlann Mhuine Bheag, Grúpa Feabhsúcháin Mhuine Bheag, Muine Bheag faoi Bhláth, le líonraí láidre áitiúla a bhunú. Eagraíodh ceardlanna agus tionóil ealaíontóirí i gcaitheamh na bliana.

## Glúin an Cheoil, Ceatharlach

Leanadh ag oibriú ar fud an chontae inar ghlac breis agus 4000 duine óg páirt in oideachas ar sheinm ceoil **gach seachtain**, oibríodh in **22** bunscoil agus 3 mheánscoil áitiúla anuas ar ionaid phobail/for-rochtana ar fud an chontae.

Cuireadh Féile Cheoil ag Stua Laighean ar siúl in 2023 sa Bhuiríos, Contae Cheatharlach inar fhreastail breis agus 180 ceoltóir óg ó áiteanna fud fad na tíre. Chuir obair **Glac Páirt, Ceatharlach** (Take a Part Carlow) in 2023 bunchloch dhaingean straitéiseach faoi tar éis gur seoladh Plean Straitéiseach cúig bliana ina leagtar amach a threochlár as seo amach. Tosaíodh clár nua **Scríbhneoir Pobail Cónaithe**, faoi stiúir an fhile Clifton Redmond, a sholáthraíonn ceardlanna scríbhneoireachta




*Seoladh na Straitéise Glac Páirt i gCeatharlach 2023*

ag For-Rochtain Óige Cheatharlach do luathfhágóirí scoile agus ag Ionad Pobail New Oak agus ag Ionad an VISUAL, Ceatharlach. Taispeánadh toradh na hoibre seo ag imeacht de stíl 'Mic Oscailte' inar chuir rannpháirtithe a n-obair i láthair ar Oíche an Chultúir i Meán Fómhair 2023 inar foilsíodh nuachtán Mórbhileoige dar teideal **'#Right to Write'**. Chuir **Glac Páirt, Ceatharlach** scannán a coimisiúnaíodh le déanaí, 'RUBBISH', i láthair a rinneadh i gcomhoibriú le hArdán Amharclannaíochta Outlandish, Ógtheagmháil Cheatharlach agus baill de Phobal Bhóthar na Tulaí ar ar fhreastail **200** duine áitiúil. D'oibrigh Glac Páirt, Ceatharlach le cónaitheoirí Arda an Daoirín, Bóthar na Tulaí le himeacht 'Spraoi ar an bhFaiche' a chur i láthair do Chruinniú na nÓg agus cuireadh 'SWARM' i láthair lena linn seo, seó grinn do dhaoine ar gach aois, Scéalaithe Afracacha AHA, seó draíochta Quentin the Magician, Preabhscéalta le Clifton Redmond agus Bláthanna Páipéir a dhéanamh le baill de Chlár Tacaíochta Taistealaithe Naomh Caitríona, péinteáil aghaidhe agus cluichí taobh amuigh do gach duine!

## Amharclann Óige Chontae Cheatharlach

Agus í á bainistiú ag an tSeirbhís Ealaíon, chas 2 ghrúpa daoine óga lena chéile gach seachtain in Ionad VISUAL, Ceatharlach. Idir aois 11-14 agus 14-18 mbliana a bhí na daoine óga. Thit rannpháirtíocht amach i gceardlanna agus i léiriú i gcaitheamh na bliana chomh maith le léiriú suímh shonraigh i rith Fhéile Ealaíon Cheatharlach. Tá amharclannaíocht óige ceaptha muinín a chothú i measc daoine óga le hiad féin a léiriú trí dhrámaíocht.

Leanamar ag tacú in 2023 le Féile i Veain a léiríodh in imeacht Áiteanna Cruthaitheacha Mhuine Bheag san fhómhar agus sa Tulach agus thacaíomar ag an am céanna le himeachtaí preabphictiúrlainne do na hÚcránaigh sa Mhalartán (the Exchange) i gCeatharlach. Chríochnaigh an t-ealaíontóir Remco de Fouw a dhealbh shuímh shonraigh a chur isteach in 2023 i bPáirc Bhaile Cheatharlach ar a dtugtar Sky Rivers, in ómós don eolaí John Tyndall.

# An Músaem

**15,000+**

An líon Cuairteoirí

**Ceithre agus AGM**

Líon Chruinnithe Bhord an Mhúsaeim

Stádas an Chláir um Chaighdeáin Músaem in Éirinn (MSPI)

**Bronnadh Creidiúnú Iomlán in Iúil 2023**

## Bord Mhúsaem Chontae Cheatharlach

Thionóil Bord Mhúsaem Chontae Cheatharlach ceithre chruinniú i gcaitheamh na bliana. Toghadh an Comh. Andrea Dalton ag 15ú Cruinniú Ginearálta Bliantúil an Bhoird don bhliain 2023, a tháinig i gcomharbas ar an Uasal Pádraig Dooley.

## Tá Músaem Chontae Cheatharlach 50 bliain ar an bhFód

Osclaíodh doirse Mhúsaem Chontae Cheatharlach an chéad uair caoga bliain ó shin don phobal Dé Domhnaigh, an 2 Nollaig 1973.

Bhunaigh agus d'oibrigh Cumann Staire agus Seandálaíochta Cheatharlach (CHAS) an Músaem, agus d'oibrigh siad an Músaem go dtí 2002 nuair a ghlac Comhairle Contae Cheatharlach ceannas ar na hoibríochtaí le músaem contae oifigiúil ár gcontae a chruthú.



*An grianghraf ó Leathanach Tosaigh an Nationalist an 7 Nollaig 1973 ar a dtaispeántar cuid den CHAS agus de Choiste an Mhúsaeim ag lá oscailte an Mhúsaeim Dé Domhnaigh, an 2 Nollaig 1973 (ó chlé) Kevin Kennedy, Seán O'Leary, an tUasal B Crombie, John Moriarty, Iona McLeod, Alec Burns, Séamus Murphy agus Michael Dooley. Grianghraf: Karl McDonough*

## Gradam MSPI na Comhairle Oidhreachta

Bhuaigh Músaem Chontae Cheatharlach an gradam náisiúnta is airde ón gComhairle Oidhreachta an 13 Iúil ar lá aitheantais d'earnáil mhúsaem na hÉireann. Rinneadh ceiliúradh ar thrí mhúsaem déag ó áiteanna fud fad na tíre ag searmanas i gCaisleán Chill Chainnigh, tar éis gur bhain siad creidiúnú oifigiúil amach faoi Chlár um Chaighdeáin Músaem in Éirinn (MSPI) na Comhairle Oidhreachta. Bunaíodh é le caighdeáin ghairmiúla i músaeim a chur chun cinn, is gradam mór é roghnú faoin MSPI agus meastar go bhfuil músaeim chreidiúnaithe ar aon dul le dea-chleachtas idirnáisiúnta. Bhí Músaem Cheatharlach ar cheann de dhá mhúsaem a bhain an gradam is fearr amach – Creidiúnú Iomlán.

Ghlac an Comh. Andrea Dalton, Cathaoirleach Chomhairle Contae Cheatharlach agus Cathaoirleach Bhord Mhúsaem Chontae Cheatharlach, leis an ngradam thar ceann an Mhúsaeim agus dúirt sí, *"Is gradam mór é Creidiúnú Iomlán MSPI agus is fianú neamhspleách é ar na caighdeáin arda sármhaitheasa atá á mbaint amach inár Músaem Contae. Baineadh amach é mar gheall ar obair dhian agus ar ghairmiúlacht fhoireann agus oibrithe deonacha ár Músaeim faoi shaintreoir ár gcoimeádaí shármhaith agus an-tiomanta, Dermot Mulligan. Tá creidiúnú iomlán mar thoradh ar roinnt blianta d'obair agus beimidne sa Mhúsaem tiomanta anois lena chinntiú go leantar leis na hardchaighdeáin seo a bhaint amach as seo amach".*

Dúirt Dermot Mulligan, Coimeádaí an Mhúsaeim, *"Cuspóir mór don Mhúsaem Contae a bhí i gCreidiúnú Iomlán a bhaint amach faoi chlár MSPI. Tá treochlár soiléir againn dár dtodhchaí agus d'fhorbairt leanúnach an Mhúsaeim, a bhailiúcháin agus ár seirbhísí trí na beartais agus na pleananna um chur i bhfeidhm éagsúla a fhorbairt leis na caighdeáin*






*Grianghraf d'fhaighteoirí uile Ghradam MSPI leis an gComhairle Oidhreachta i nGairdín na Rós i gCaisleán Chill Chainnigh.*




*a bhaint amach. Comhiarracht ag foireann an Mhúsaeim, Bord an Mhúsaeim, Baill agus Foireann Chomhairle Contae Cheatharlach, Cumann Staire agus Seandálaíochta Cheatharlach, ár n-oibrithe deonacha tiomanta, Turasóireacht Cheatharlach, Comhpháirtíocht Forbartha Chontae Cheatharlach, agus Scéim Fostaíochta Pobail (CE) na Gráige-Chill Uisean atá san obair dhian atá i gceist. Lá bróid don Mhúsaem atá ann".*

Dúirt Pat Delaney, Stiúrthóir Seirbhísí ag Comhairle Contae Cheatharlach agus ceann na Foirne Cultúir, *"Cuid thábhachtach de na seirbhísí pobail a sholáthraíonn Comhairle Contae Cheatharlach é Músaem Chontae Cheatharlach. Bhunaigh CHAS é mar mhúsaem a chuireann an pobal ar bun agus tá rannpháirtíocht an phobail fós i gceartlár an mhéid a dhéantar sa Mhúsaem. Bhíodh Clochar na Toirbhirte, áis oideachais i gcroílár ár mbaile, i bhfoirgneamh an mhúsaeim. Leantar leis an traidisiún oideachais sin sa Mhúsaem, ina gcuirtear braistint bhróid agus tuisceana chun cinn faoinár stair agus oidhreacht áitiúil.*

Ag filleadh ón searmanas i gCill Chainnigh go Músaem Chontae Cheatharlach le comhghairdeas a dhéanamh le Bord agus Foireann an Mhúsaeim maidir lena n-éacht, bhí Kevin Kennedy, an ball deireanach de bhaill bhunaidh an Mhúsaeim in 1973.

Ag labhairt di ag an searmanas, dúirt Príomhfheidhmeannach na Comhairle Oidhreachta, Virginia Teehan, "Cuid lárnach den earnáil atá déanta den MSPI. Leagann an éagsúlacht mhúsaem a cuireadh i láthair ag an searmanas, anuas ar an méadú ar rannpháirtithe bliain ar bhliain, béim bhreise ar a thábhacht."

## Crinniú na nÓg 2023

Thit Cruinniú na nÓg, an lá náisiúnta cruthaitheachta saor in aisce do leanaí agus daoine óga faoi 18 mbliana d'aois amach Dé Sathairn, an 10 Meitheamh. Tá Cruinniú na nÓg á chomhordú i gContae Cheatharlach ag an Oifig Ealaíon. Cuireadh an t-eispéireas Tochailt Mhór (Big Dig) ar siúl sa Mhúsaem i gcarrchlós an Mhúsaeim. Sraith ceardlanna seandálaíochta do leanaí a bhí ann seo le taithí a fháil ar cad atá i gceist lena bheith i do sheandálaí trí theach Lochlannach a thochailt. D'oibrigh an Músaem le Createschool, a dhéanann ceardlanna agus cúrsaí a chomhordú sna meáin dhigiteacha chruthaitheacha, agus le Scoil Náisiúnta Bhinn an Choire, le sraith podchraoltaí gearra staire áitiúla a chruthú.



Thug an dá Rang 5 cuairt ar an Músaem agus d'oibrigh na daltaí i ndiaidh turas treoraithe agus le cúnamh ó fhoireann an Mhúsaeim le Createschool lena scripteanna a fhorbairt agus lena stair faoi Cheatharlach a thaifeadadh agus a uaslódáil faoi theideal an phodchraolta 'Curious Carlow'. Baineann na taifeadtaí le hábhair, an Mhonarcha Shiúcra, Naomh Willibrord, Frank O'Meara, Kevin Barry, Caisleán Cheatharlach, agus Cromleac Brownshill ina measc.





## An tSeachtain Oidhreachta 2023

Mar chuid den tSeachtain Oidhreachta, cuireadh cás iontach taispeána de thrófaithe CLG i láthair i Músaem Chontae Cheatharlach. Tá trófaithe na n-imreoirí sinsearacha ar scor ó chraobhchomórtais pheile agus iománaíochta CLG Cheatharlach sa taispeántas.

Rinne Derek Kent, Cathaoirleach Chomhairle Laighean, le cúnamh cumasach ón gComhairleoir Andrea Dalton, Cathaoirleach Chomhairle Contae Cheatharlach agus Cathaoirleach Bhord Mhúsaem Chontae Cheatharlach; Jim Bolger, Cathaoirleach Chumann Lúthchleas Gael Cheatharlach, Malcolm Noonan, TD, an tAire Oidhreachta agus Athchóirithe Toghcháin, an Comhairleoir Tom O'Neill, Méara Cheantar Bardasach Cheatharlach, agus Tommy Murphy, Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael Cheatharlach, Cófra Trófaithe CLG Cheatharlach a chur i láthair ar an gcéad urlár den Mhúsaem Déardaoin, an 17 Lúnasa.

D'oibrigh Cumann Lúthchleas Gael Cheatharlach agus an Músaem as lámh a chéile arís níos déanaí an tráthnóna sin le tráthnóna cumha a chur i láthair in Óstán an Seven Oaks, áit ar thaispeáin go leor de na cumainn cuid d'earraí stairiúla a gcumann go bródúil, idir leabhair mhiontuairiscí, grianghraif d'fhoireann seaimpíní contae, agus trófaithe. Ar an mbuaicphointe, bhí léacht álainn leis an Dr Siobhán Doyle ar 'Stair an CLG trí 100 Earraí agus Ceangail Cheatharlach', áit ar scríobh sí faoi chuid de na hearraí, Corn Haughney Cheatharlach san áireamh, atá ina ngné sa leabhar agus atá le feiceáil ar a chlúdach tosaigh.

## Oíche an Chultúir 2023

Thit Oíche an Chultúir amach fud fad na tíre Dé hAoine, an 22 Meán Fómhair agus rinne Oifig Ealaíon Cheatharlach comhordú ar an gclár i gContae Cheatharlach. Sheolamar taispeántas nua sa Mhúsaem i gcomhar le Féile Bhróid Cheatharlach. Scáileán idirghníomhach físeán, grianghraf agus bailiúcháin chartlainne atá ann a rinneadh a aimsiú agus a choimeád go cúramach le scéalta faoi dhaoine LADTA+ in Éirinn a insint.

Comhoibriú é seo idir Ard-Mhúsaem na hÉireann agus Líonra Músaem na nÚdarás Áitiúil (LAMN), an dá mhúsaem déag údaráis áitiúil lonnaithe fud fad na tíre. Sheol Izzy Kamikaze de bhunadh Cheatharlach an taispeántas idirghníomhach, agus tá Izzy gníomhach sa ghluaiseacht LADTA+ le breis agus daichead bliain anuas. Tugadh cuireadh do Izzy an taispeántas idirghníomhach a sheoladh agus bhí gliondar croí uirthi amhlaidh a dhéanamh ina baile dúchais agus sa scoil ar fhreastail sí uirthi!



Ag cur i láthair an taispeántais idirghníomhaigh bhí (ó chlé) an Comhairleoir Andrea Dalton, Cathaoirleach Chomhairle Contae Cheatharlach agus Cathaoirleach Bhord Mhúsaem Chontae Cheatharlach, Izzy Kamikaze ó Cheatharlach le Ryan Shannon agus Mary Fleming ó Fhéile Bhróid Cheatharlach.

## Cuairteoirí Móra le Rá in 2023

Ba é an 23 Meitheamh Lá Náisiúnta Lucsamburg. D'fháiltigh Ambasáid Lucsamburg i mBaile Átha Cliath roimh Xavier Bettel, Príomh-Aire Lucsamburg, agus Yuriko Backes, Aire Airgeadais Lucsamburg. Thug siad toscaireacht go Baile Átha Cliath lena n-ambasáid nua a thionscnamh go hoifigiúil. Chuir siad a gCeiliúradh ar Lá Náisiúnta Lucsamburg ar siúl sa tráthnóna a chaith siad san Acadamh Ibeirneach Ríoga, Baile Átha Cliath. Aithníodh ceangal Cheatharlach i gcaitheamh na cuairte a thug an Taoiseach Leo Varadkar, agus an Príomh-Aire Bettel. Grianghraf: Cóipcheart Ministère d'Etat Lucsamburg.





Thug a Soilse, Flórans Ensch, Ambasadóir Ard-Diúcacht Lucsamburg go hÉirinn, cuairt ar Chontae Cheatharlach i Meán Fómhair i gcuideachta Patrick Dondelinger, Chargé d'Etudes Dirigeant, Patrimoine Culturel Immatériel, Ministère de la Cultúr, Rialtas Ard-Diúcacht Lucsamburg (Oifigeach Taighde Sinsearach, Oidhreacht Chultúir Dholáimhsithe, an Aireacht Cultúir, Rialtas Ard-Diúcacht Lucsamburg)

# Leabharlann Chontae Cheatharlach

**139,949**

An Líon Cuairteanna Fisiciúla ar Bhrainsí na Leabharlainne

**270**

An Líon Cuairteanna a thug Ranganna Bunscoile agus Meánscoile

**89,218**

An Líon Earraí a Eisíodh in 2023

**2,850**

An líon rannpháirtithe i dtionscnaimh náisiúnta

**292 ó 17 scoil náisiúnta**

Aighneachtaí le Tionscadal Chomórtas Gearrscéalta Bunscoile Ceart chun Léitheoireachta ('Right to Read') an LEO

**37,576**

An Líon Seirbhísí ar Líne a úsáideadh

**207,000 amharc**

Lucht leanúna 9,327 ar Facebook, Twitter agus Instagram

## Léitheoireacht agus Litearthacht:

Cláir litearthachta atá cistithe ag Cuntais Dhíomhaoine le cistiú meaitseála ó Chomhairle Contae Cheatharlach:

- Cuireadh an tionscnamh *I dTreo Contae Cheatharlach a Thacaíonn leis an Litearthacht* ar an ngearrliosta do Ghradaim Uile-Éireann na gComhairlí 2023. Sheol an Cathaoirleach Andrea Dalton an tuarascáil ar an gclár píolótach leantach *Ambasadóir Litearthachta san Ionad Oibre in Iúil*. Ghlac 14 dhuine páirt sa chlár píolótach seo agus roinn siad an méid a d'fhoghlaim siad le cleachtais a thacaíonn leis an litearthacht a thabhairt isteach ina n-ionaid oibre. Ghlac Leabharlanna Chathair Bhaile Átha Cliath agus an Longfoirt le déanaí le samhail Chlár Leabharlann Cheatharlach.
- Bhí sraith ceardlann idirghníomhach ar siúl i dtionscadal foghlama teaghlaigh do bhaill de phobal na hÚcráine agus thug údar cuairt le deireadh a chur leis an imeacht. Cuireadh an clár ar siúl i gcomhar le Seirbhís Foghlama Aosach Cheatharlach agus KCETB. Mar gheall ar an rath a bhí air, sholáthair KCETB sraith bhreise ceardlann ó Aibreán go Meitheamh.

## Leabharlanna do Chách Plean Forbartha Leabharlainne

Cuireadh tús le hobair ar phlean cúig bliana a fhorbairt do Sheirbhís Leabharlainne Cheatharlach. Ceapadh sainchomhairleoir i nDeireadh Fómhair agus thosaigh siad leis an bpróiseas comhairliúcháin trí idirchaidreamh a dhéanamh le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha. Beidh mar aidhm leis an bplean a chinntiú gur áiteanna ilchuspóra sóisialta agus oideachais iad ár leabharlanna ar féidir le gach ball den phobal taitneamh a bhaint astu.

## Teicneolaíochtaí agus trealamh cúnta

### Tá an méid seo a leanas sa stoc anois i ngach brainse:

- Fact Factory – an chéad chlos-irisleabhar ar domhan do leanaí. Tá an paca dírithe ar léitheoirí óga imeallaithe agus forbraíodh é i gcomhoibriú le Cumann Disléicse na hÉireann agus an NCBI.
- C-PENanna - pinn iniompartha scanta a léann téacs clóite amach os ard, a dhéanann téacs a scanadh agus a shábháil, a dhéanann meamraim ghutha a thaifeadadh, agus a sholáthraíonn sainmhíniú ar fhocail. Cuireann iad seo léitheoireacht ghníomhach agus neamhspleách chun cinn agus tacaíonn siad le daoine a bhfuil deacrachtaí léitheoireachta acu. Tá na pinn ar fáil anois lena bhfáil ar iasacht agus lena dtriail sa bhaile.
- Táibléid Classmate – tá bogearraí feistithe iontu cheana féin atá ceaptha leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a spreagadh chun gnímh.
- Thacaigh Ciste na gCuntas Díomhaoin 2023 le trealamh céadfach agus sholáthair Comhairle Contae Cheatharlach cistiú meaitseála.

## Leabhair Ghaeilge a Fuarthas

Rinneadh an cinneadh in 2023 4% de bhuiséad stoc Bhrainse na Leabharlainne a chur ar leataobh lenár mbailiúcháin Ghaeilge a fhorbairt i ngach láthair, agus leanfaidh an tSeirbhís leis an gcistiú seo a chinntiú amach anseo. I gcomhar le Áis, na mórdhíoltóirí a ghníomhaíonn thar ceann Fhoras na Gaeilge, d'éirigh linn bailiúchán nua-aimseartha spreagúil leabhar a chruthú do chainteoirí Gaeilge ar gach leibhéal agus aois. Táimid ag tnúth leis an mbailiúchán seo a fhorbairt níos mó in 2024.

## Sparánacht an Chathaoirligh

Tá Sparánacht an Chathaoirligh do Mhic Léinn Iarchéime ar siúl don dara bliain i ndiaidh a cheile agus seoladh í i mBealtaine. Tugtar cuireadh d'iarratais ó mhic léinn iarchéime a chónaíonn i gCeatharlach nó a bhfuil seoladh acu ann agus bronnfar MacBook Air ar na hiarratasóirí rathúla chun cabhrú lena staidéar.

## An Leabharlann mar Chroílár an Phobail

Mar a dhéantar i gcónaí, rinne an tSeirbhís Leabharlainne Contae réimse imeachtaí a chur ar siúl agus a eagrú i rith na bliana i ngach brainse. Roinnt buaicphointí den chlár:

Thit Oíche an Chultúir amach Dé hAoine, an 22 Meán Fómhair 2023. Le ceiliúradh a dhéanamh ar an oíche, rinne Greg McLennan agus Ola Oladimeji meascán de cheol Afracach a sheinm. Rinneadh ceiliúradh freisin ar chultúr na hAfraice le Jolly O'Rock agus sholáthair AHA Storytellers léiriú damhsa, seinm ceoil, amhránaíocht agus léamh filíochta. Lean Scéalaithe Cheatharlach, a bhfuil clú orthu, é seo, a sholáthair tráthnóna d'amhráin, damhsa agus cultúr éagsúil. Taispeánadh clár faisnéise i Leabharlann na Tulaí faoin gcruthaitheacht agus faoin gcomhoibriú i gContae Cheatharlach





leis an nGrúpa Ceardaíochta a bhfuil clú orthu, a thaispeáin píosaí ón dTaispeántas "Tensions". Cuireadh Taispeántas ar siúl i Leabharlann na Tulaí chomh maith ar ar tugadh 'Mo Chultúr a Cheiliúradh', bailiúchán cultúrtha de Shaothair Ealaíne ag scoileanna áitiúla, naíolanna agus Eagraíochtaí sa Tulach.

## Am Lóin sa Leabharlann:

Cuireadh clár 2023, lenar thacaigh cistiú Éire Ildánach, ar siúl i gcaitheamh ocht n-am lóin ar an Aoine ó Mheán Fómhair go Nollaig. Cuireadh gné cheoil leis ina dara bliain agus bhí cainteoirí ann, na scríbhneoirí a bhuaigh gradam, Angela Flannery, Eoghan Daltún agus Emilie Pine ina measc. Bhain 149 duine taitneamh as na seisiúin.

Clubanna Leabhar: Bhunaigh Leabharlanna Cheatharlach agus na Tulaí a gcéad chlubanna leabhar in Eanáir, agus chas siad ar a chéile gach mí. Mar gheall ar an éileamh a bhí air, tosaíodh an dara club i gCeatharlach i rith Aibreáin. Cuireadh oiliúint ar siúl chomh maith in Aibreán le Siondróm Down Éireann sular bunaíodh club leabhar do dhaoine ar a bhfuil Siondróm Down i gCeatharlach.

## Éire Shláintiúil ag Do Leabharlann

Tá mar aidhm ag an gclár seo cur le sláinte, folláine, agus caighdeán beatha pobal agus daoine aonair a fheabhsú ar gach céim. Chuir cistiú ó Éire Shláintiúil le bailiúcháin leabhar faoi shláinte agus folláine agus rinne sé soláthar do na himeachtaí agus na cláir in 2023, an méid seo a leanas ina measc:

- Chomhoibrigh Seirbhís Leabharlainne Chontae Cheatharlach le Cúram Príomhúil agus le Seirbhísí Síceolaíochta Leanaí FSS le sraith seacht gceardlann tuistithe a sholáthar don phobal a bhain le himní, mothúcháin láidre a bhainistiú agus tuistiú dearfach.
- Rannpháirtíocht sa lá *Dia Duit, Conas atá Tú? (Hello How Are You?* Day) i Márta, feachtas faoi cheangal agus comhráite oscailte a bheith againn faoin meabhairshláinte.
- Cuireadh trí chaint ar siúl i mBealtaine le ASIAM, carthanas náisiúnta uathachais na hÉireann. I measc na n-ábhar, bhí glacadh agus néara-éagsúlacht, timpeallachtaí atá inrochtana do dhaoine ar a bhfuil Uathachas agus timpeallachtaí céadfacha agus do chailíní.
- Cuireadh clár píolótach Amhránaíocht don Fholláine ar siúl i Leabharlann Cheatharlach i rith Dheireadh Fómhair agus Shamhain 2023. Sraith ceardlanna amhránaíochta 8 seachtaine a bhí ann seo do dhaoine ar gach aois agus cumas. Rinne teagascóir ar

ar cuireadh oiliúint ghairmiúil an grúpa a stiúradh in atmaisféar réchúiseach inar díríodh ar thaitneamh a bhaint as. Chistigh Ceatharlach Sláintiúil an tionscnamh. Ghlac an teagascóir, Regina Hanley, an ceannas le spás fáilteach, spraíúil agus sábháilte a dhéanamh do rannpháirtithe den ghrúpa. Rinne comhordaitheoirí leabharlainne an clár a bhainistiú agus thug siad tacaíocht leanúnach i rith an chláir.

Seirbhísí Aoisbhá: Cuireadh an tSeirbhís Leabharlainne ar an ngearrliosta ar leibhéal náisiúnta do thionscadal an Nuachtáin Cainte i rith thréimhse na paindéime. Thit an searmanas bronnta gradam Aitheantais ar Aoisbhá amach in Óstán an Clayton White i Loch Garman i Samhain

| Roghbhlúire d'Imeachtaí | Líon Imeachtaí |
|---|---|
| Cuairt ag Údair | 6 |
| Club Leabhar | 33 |
| Seoladh Leabhair | 3 |
| Cuairt Ranga | 307 |
| Ranganna TF | 8 |
| Cumann/Cruinniú | 45 |
| Eolas don Phobal a Sholáthar | 18 |
| Imeacht For-rochtana/ Ionchuimsithe Pobail | 360 |
| Comórtais | 15 |
| Ceolchoirm/Imeacht Ceoil | 26 |
| Taispeántas Leabharlainne | 4 |

## Ár bhFoirgnimh

Fuarthas cistiú ó Chiste na Struchtúr Stairiúil le hoibreacha deisiúcháin a dhéanamh ar an díon agus ar na simléir ar Fhoirgneamh na Toirbhirte. Reáchtáladh comórtas, agus ceapadh conraitheoir agus tosófar leis an obair go luath in 2024.

## Mo Sheirbhís Leabharlainne Oscailte

Fuair Mo Sheirbhís Leabharlainne Oscailte, an Bhuiríos seoladh 'bog' leis an tseirbhís a fhabhtcheartú i Márta 2023 agus seoladh go hoifigiúil í i nDeireadh Fómhair. Ó tugadh isteach é, ghlac 63 ball le ballraíocht den tseirbhís, agus rinneadh an leabharlann a rochtain 466 uair i rith uaireanta Mo Leabharlann Oscailte. Tá €17,000 le tarraingt anuas go fóill ón mbuiséad a gealladh, agus úsáidfear seo le híoc as oibreacha uasghrádaithe soilsithe a rinneadh le déanaí, a mhéadaíonn an caiteachas ar iomlán ar an tionscadal aníos go dtí faoi bhun an bhuiséid cheadaithe €129,850.

Cuireadh tús le hoibreacha sa Tulach in Iúil, nuair a chuir Autom8 doras nua seachtrach isteach. Chinntigh na hoibreacha seo go raibh a bealach isteach féin ag an leabharlann neamhspleách ar an bhFoirgneamh Cathartha. Rinneadh bogearraí MOL (Bibliotheca) a fheistiú ansin agus cuireadh trealamh TF isteach agus rinne é a uasghrádú. Baineann na hoibreacha atá le déanamh go fóill le hoibreacha leictreacha, fearastú agus na maisiúcháin, agus tá an tionscadal ag dul sa treo ceart gan an buiséad iomlán ceadaithe €104,000 a shárú.

## Gníomhú ar son na hAeráide agus Fuinneamh:

Ullmhaíodh Dréachtphlean um Ghníomhú ar son na hAeráide Chomhairle Contae Cheatharlach 2024-2029 in 2023 le haistriú Bhaile agus Chontae Cheatharlach go Contae ísealcharbóin agus atá seasmhach ó thaobh na haeráide a éascú. Bainfear seo amach trí dhea-chleachtas i ngníomhú ar son na haeráide ar leibhéal áitiúil a sholáthar agus a chur chun cinn. Tá an aidhm seo ar aon dul le Cuspóir Aeráide Náisiúnta foriomlán an Rialtais, a lorgaíonn aghaidh a thabhairt, tráth nach déanaí ná deireadh 2050, ar an aistriú chuig geilleagar atá seasmhach ó thaobh na haeráide, ag a bhfuil saibhreas bithéagsúlachta, atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus atá neodrach ó thaobh na haeráide de. Ba é an líonra leabharlanna brainse an t-ionad do chomhairliúcháin ar an dréachtphlean ina raibh foireann ó Chomhairle Contae Cheatharlach ar fáil le labhairt faoin bplean agus le ceisteanna a fhreagairt. Cuireadh an Dréachtphlean ar fáil lena iniúchadh i ngach ceann dár leabharlanna.

Cuireadh seisiún eolais ar Fheasacht ar Fhuinneamh Baile ar siúl i Leabharlann Láir Cheatharlach i mBealtaine.

Mol Fuinnimh Pobail D'iontráil Leabharlanna

Cheatharlach comhpháirtíocht le Gníomhaireacht Fuinnimh an Oirdheiscirt, ina dtabharfar 'Mol Fuinnimh Pobail' isteach i Leabharlann Cheatharlach sa chéad ráithe in 2024. Cruthófar spás taighde sa leabharlann sa tionscnamh seo a chuirfear ar leataobh do bhaill den phobal a bhfuil teacht á fháil acu ar ardán a coimeádadh go speisialta atá dírithe ar chaomhnú fuinnimh.

**Eolas Pobail** Mar chuid de Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide Chontae Cheatharlach, gheall an tSeirbhís Leabharlainne clár oideachais agus feasachta ar fud an chontae a bhaineann leis an aeráid, imeachtaí eolais, feachtais chumarsáide agus cáipéisíocht treorach san áireamh, a fhorbairt. Tosaíodh cheana féin le hobair ar an ngealltanas seo a sholáthar.

Lorg an LGMA i **gClinic an SEAI** i Meán Fómhair 2023 léiriú spéise ar imeachtaí Fuinnimh Baile an SEAI a chur ar siúl i leabharlanna ar fud an Oirdheiscirt. Roghnaíodh Leabharlanna Cheatharlach leis an imeacht a chur ar bun iontu in 2024.

**Oibreacha Leictreacha** Cheadaigh cistiú Mo Leabharlann Oscailte oibreacha leictreacha a dhéanamh i Leabharlann na Buiríse, inar cuireadh isteach braiteoirí gluaisne agus amadóirí coigilte fuinnimh don soilsiú go léir san fhoirgneamh.

Rinneadh ceiliúradh ar **Sheachtain na Bithéagsúlachta 2023** trí cheardlanna i Leabharlanna sa Bhuiríos agus i Muine Bheag le foghlaim faoin réimse éagsúil ainmhithe agus plandaí inár ndomhan nádúrtha. Sholáthair Úna Halpin (Wildways Adventure) iad seo, a d'úsáid an Paca Bithéagsúlachta leabharlainne nua, lenar thacaigh Oifig Oidhreachta Cheatharlach agus an Chomhairle Oidhreachta.

## Ár dTairiscint Dhigiteach

Lean Leabharlanna Cheatharlach in 2023 lena gcaighdeán an-ard de sholáthar seirbhísí ar líne a bhaint amach, agus cuireadh stoic níos fearr agus níos fairsinge Ríomhleabhar, Ríomh-Chlosleabhar, Ríomhirisí, Ríomhnuachtán, ranganna agus cláir oideachais ar líne ar fáil.

Cuireadh deontas €12,000 ar fáil don tSeirbhís le seirbhísí ríomhairí pearsanta poiblí a uasghrádú agus déanfar an trealamh a fuarthas a fhormáidiú agus a thabhairt isteach i mbrainsí go luath in 2024. Cheadaigh an deontas an obair a tosaíodh go luath in 2023 a chríochnú, is é sin, an t-uasghrádú iomlán ar gach ríomhaire pearsanta sna ceithre bhrainse.

Príomhfheabhsú eile a bhí i gCeamaraí Líon Custaiméirí a chur isteach i ngach ceann de na 4 bhrainse, a cheadaigh tomhas níos iontaofa agus níos cruinne a dhéanamh ar an líon cuairteanna ar ár leabharlanna.

Cuireadh scáileáin eolais isteach chomh maith mar chuid d'oibreacha Mo Leabharlann Oscailte i mbrainsí na Buiríse agus na Tulaí, a úsáidtear le teachtaireachtaí a chraoladh i measc ár gcustaiméirí inár mbrainsí, go háirithe i rith uaireanta nach mbíonn an fhoireann ag obair.

## Cultúr agus Oidhreacht

### Staidéar Áitiúil/Cartlann an Chontae:

Thug 400 duine cuairt ar an Rannóg Staidéir Áitiúil i rith 2023, cuairteoirí ón Astráil, na Stáit Aontaithe, an Ríocht Aontaithe agus an Nua-Shéalainn ina measc, anuas ar thaighdeoirí áitiúla agus Éireannacha. I masc na bhfiosrúcháin, bhí éagsúlacht mhór limistéar, taighde ginealais, taighde acadúil, comhairliúchán nuachtáin agus tionscadail taighde scoláirí dara leibhéal agus mic léinn tríú leibhéal. Cuireann foireann na leabharlainne tacaíocht taighde ar fáil do chuairteoirí agus cuirtear rochtain ar fáil le taighde a dhéanamh ar ábhar bunúil, micreascannáin agus leictreonach inár seomra léitheoireachta. Lean obair ar aghaidh ar fhoilseachán na Monarchan Siúcra, a fhoilseofar agus a sheolfar in 2024.

### Seoltaí leabhair:

- Cuimsítear sa leabhar, atá go hiomlán maisithe le pictiúir bhunúla agus le pictiúir phéinteáilte ag Gala, na céadta blianta de stair Cheatharlach. Insítear an scéal ann faoin gcaisleán i bhformáid greannáin.
- Seoladh 'Generations – A County Carlow Story of Family and Food' i Leabharlann Cheatharlach i nDeireadh Fómhair.

## Éadálacha:

- Three Miles of Road: Tales of Country Life in the Sixties *Tom Byrne*
- County Carlow Football Club 1873-2023 – 150 years of rugby *Eugene Carbury*
- Ros Bruc *Mary Crowe*
- Today in Fairy Land *Vonnie Bolton*
- *Different Words Same Old Pen Patrick Mitchell*
- Holy Cross Church and *Community Pat Whelan*
- Fuarthas comhad mór doiciméad ag ceant, ar shínigh James Bessonnett, Abhcóide Cúnta do Chontae Cheatharlach 1816-1831 gach ceann díobh, achainíocha, achomhairc, teistíochtaí agus foraitheanta san áireamh.
- Fuarthas comhad mór buncháipéisí Dlí Lámhscríbhinne ag ceant a bhaineann le hidirbhearta réadmhaoine i gContae Cheatharlach, ó na 1600idí go dtí na 1940idí.
- Fuarthas comhad mór freisin ag ceant a bhaineann le crainn a chur i gContae Cheatharlach, 1825-1916. Bhí formhór de choillearnach nádúrtha na hÉireann leagtha faoi thráth déanach sa 17ú haois. Cuireadh Acht i bhfeidhm i 1765 a spreag crainn a chur arís. Cheadaigh na cáipéisí seo dóibh siúd a raibh réadmhaoin á fágáil acu luach na dtailte ar chuir siad crainn orthu a éileamh.
- Fuarthas roinnt ráitis dlíthiúla lámhscríbhinne ag ceant a bhaineann le Tiarna Kilwarden/Tiarna Norbury sa tréimhse 1801-1817.
- Fuarthas comhad fíorspéisiúil cáipéisí ar thángthas air i bPríosún Cheatharlach sna 1940idí. Baineann na cáipéisí seo le tráth luath sa 19ú haois.
- Foilsíodh alt Christopher Power ar *The Grace Mausoleum*, an tArdlios in Carloviana 2023.

## Oidhreacht:

Bhí gliondar croí ar Sheirbhís Leabharlainne Cheatharlach go raibh baint aici le Seachtain Oidhreachta Náisiúnta na Comhairle Oidhreachta, a thit amach ón 12 go dtí an 20 Lúnasa. Cuireadh lá 'Tús Eolais ar Fhótagraiméadracht' ar siúl sa leabharlann i gCeatharlach le Gary Dempsey, cuireadh taispeántas ar Chuimhní Scoil Náisiúnta Ráth Ana ar siúl i Leabharlann na Buiríse mar chuid de Thionscadal Oidhreachta ICA Ráth Ana, agus cuireadh imeacht Oidhreachta ar siúl ó Mhúsaem Míleata Cheatharlach i Leabharlann Mhuine Bheag. Chas an Fóram Oidhreachta ar a chéile i Leabharlann na Buiríse dá gcruinniú i mBealtaine agus thug Morgan Kavanagh ó Theach na Buiríse cuireadh cineálta ina dhiaidh sin súil a chaitheamh ar na gairdíní agus an dul chun cinn a fheiceáil ar oibreacha athchóirithe dín ar thithe amuigh, a cistíodh faoin Scéim Infheistíochta in Oidhreacht Thógtha.





## Ginealas

Shínigh Leabharlann Chontae Cheatharlach conradh nua le Foras na hÉireann um Stair Theaghlach (IFHF) i Samhain le seirbhís ghinealais a sholáthar do Chontae Cheatharlach. Tá an tseirbhís seo á hoibriú ag foireann na leabharlainne a chasann le taighdeoirí i bpearsan agus a fhreagraíonn ceisteanna ar líne. Thosaigh ball foirne Leabharlann Cheatharlach leis an gcúrsa ginealais, Teastas i Stair Theaghlaigh agus Modhanna Ginealais (Ionad Taighde Sinsearachta na hÉireann - IARC). Tá an clár teastais seo ceaptha comhthéacs tacúil agus spreagthach a sholáthar do thaighde ar stair theaghlaigh. Is cúrsa bliana páirtaimseartha é a fhreastalaíonn ar riachtanais oideachais leanúnaigh iad siúd ar mian leo tabhairt faoi staidéar ar theoiric, ar mhodheolaíocht agus ar chleachtas staire teaghlaigh agus ar mhodhanna ginealais agus a dteastaíonn maoirseacht uathu i dtabhairt faoi thaighde go háirithe mar gheall go bhféadfaí é a chur i bhfeidhm ar thuiscint a bhaint as oidhreacht teaghlaigh i gcomhthéacs féiniúlacht áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta.

## Sparánacht do Thionscadail Staire Áitiúla

Scéim atá sa sparánacht do thionscadail staire áitiúla chun cabhrú le húdair agus taighdeoirí tabhairt faoi thionscadail a bhfoilseofar leabhar a bhaineann le stair an chontae mar thoradh air.

- Is í aidhm na scéime seo taighde nua áitiúil agus a phurláin staidéar staire áitiúla a spreagadh mar bhealach le rannchuidiú suntasach staraithe áitiúla a aithint i dtaobh cur le réimsí staidéir a bhaineann le stair Chontae Cheatharlach agus an cheantair mórthimpeall air.
- Tá mar aidhm ag an scéim aschur an taighde a chur ar fáil don phobal gan srian ag féachaint le cur le leagáid mhór atá atá ar fáil don phobal do stair Chontae Cheatharlach.
- Is é cuspóir an deontais seo tacaíocht a sholáthar do chostais dhíreacha taighde agus foilseacháin a mhéid le €3,000.

## Deich mBliana na gCuimhneachán

